

innovation
 drives
 productivity
 growth,
 innovation
 and
 value
 for
 all

competition in the economy
 vigorous competition drives productivity growth, innovation and value for all consumers

productivity
 economy

consumers
 innovation
 drives
 productivity
 growth
 and
 value
 for
 all



productivity
 growth,
 innovation
 and
 value
 for
 all
 consumers
 in
 the
 economy

productivity

Tuarascáil Bhliantúil 2009



The Competition Authority
 An tÚdarás Iomaíochta

Clár Ábhair

Réamhrá	1
1. Maidir leis an Údarás Iomaíochta	3
<i>Tairbhe na hIomaíochta</i>	3
<i>Struchtúr agus Feidhmeanna an Údaráis Iomaíochta</i>	5
<i>Ag obair le Gníomhaireachtaí Stáit eile</i>	8
<i>Iompar Frithiomaíoch á aithint</i>	9
2. Dlí na hIomaíochta á cur i bhfeidhm	12
<i>Cásanna Coiriúla de chuid an DPP i ndiaidh imscrúduithe an daráis Iomaíochta</i>	13
<i>Cásanna Coiriúla ag fanacht le Triail</i>	20
<i>Caingne Dlí a rinne an tÚdarás Iomaíochta</i>	21
<i>Imscrúduithe Sibhialta atá dúnta</i>	24
<i>Treoir maidir le Feidhmiú Dhlí na hIomaíochta</i>	26
<i>Úsáid Cumhachtaí Forfheidhmithe</i>	29
<i>Caingne Príobháideacha faoi Alt 14 den Acht Iomaíochta, 2002</i>	30
3. Meastóireacht ar chumaisc agus ar fhálacha	32
<i>Suirbhé na bPáirtithe Leasmhara</i>	32
<i>Fógraí i dtaobh Cumasc a rinneadh sa bhliain 2009</i>	34
<i>An tAcht um Fhorais Chreidmheasa (Tacaíocht Airgeadais) 2008</i>	37
<i>Achomharc chun na Cúirte Uachtaraí i gcoinne an Chinnidh ar thángthas air faoi Kerry Foods</i>	37
4. Iomaíocht á cur chun cinn in éirinn	40
<i>Srianta Poiblí ar Iomaíocht a aithint</i>	40
<i>Comhairle faoi Reachtaíocht bheartaithe, faoi Rialacháin agus faoi Cheisteanna Iomaíochta</i>	43
<i>Ag déanamh anailíse ar Iomaíocht in Earnálacha Áirithe</i>	44
<i>Daoine a chur ar an Eolas faoi Iomaíocht</i>	46
<i>Moltaí a rinne an tÚdarás Iomaíochta roimhe seo</i>	48
5. Obair idirnáisiúnta	52
<i>An Coimisiún Eorpach</i>	52
<i>An Líonra Eorpach um Iomaíocht</i>	52
<i>Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta</i>	52
<i>An Líonra Idirnáisiúnta um Iomaíocht</i>	53
<i>Udaráis Eorpacha um Iomaíocht</i>	54
6. Seirbhísí Corporáideacha	56
<i>Maoiniú</i>	56
<i>Saoráil Faisnéise</i>	56
<i>Acmhainní Daonna</i>	56
<i>Seirbhís do Chustaiméirí</i>	56
A. Struchtúr an Údaráis Iomaíochta	58
B. Cumaisc a cuireadh in iúl don Údarás Iomaíochta in 2009	60
C. Staitisticí ar Chumaisc a measadh 2007-2009	62
D. Óráidí agus Láithreoireachtaí	63
E. Agallaimh leis na Meáin	66

RÉAMHRÁ

Ba bhliain an-dúshlánach é 2009 don Údarás Iomaíochta. Mar thoradh ar an ngearradh siar sa bhuiséad, an lánchosc a cuireadh ar earcaíocht, agus scéimeanna dreasachta éagsúla an Rialtais - a cuireadh i bhfeidhm leis an líon daoine sa tseirbhís phoiblí a laghdú - tháinig laghdú suntasach ar bhuiséad agus ar líon foirne an Údaráis Iomaíochta; 18% agus 17% faoi seach. Go luath i mbliana, rinneamar beart cinntitheach lenár gcuid gníomhaíochtaí a atheagrú. Áirítear orthu sin, díothú Roinn amháin agus athchóiriú an struchtúir tuairiscithe leis an gceann is fearr a fháil ar na hacmhainní laghdaithe atá fágtha. Leantar d'obair an Údaráis Iomaíochta, áfach, agus ba é saineolas agus díograis na foirne faoi deara é.

Leanadh de thaifead forfheidhmiúcháin an Údaráis Iomaíochta sa bhliain 2009. Rinneadh deich gcás bhreise choiriúla a chiontú maidir le hionchúisimh na ngníomhaíochtaí cairtéal, a bhí bainteach leis an Citroën Dealers Association. Faoi láthair, táthar tar éis 33 cás coiriúil a chiontú ar an iomlán agus tá méadú tagtha ar líon na bhfíneálacha. Cuireadh príosúnacht 28 lá ar chosantóir amháin sa bhliain 2009 ar theip air fíneáil a íoc. Níorbh fhada a mhair cuimhne na díospóireachta seo a leanas a bhí go mór i mbéal an phobail iomaíochta in Éirinn le tamall gearr anuas: "*An ndéanfar cás coiriúil in Éirinn a chiontú go deo mar gheall ar choir iomaíochta?*" Táthar tar éis an cheist sin a fhreagairt ar deireadh. Caithfidh cur leis an taifead seo anois agus dul chun cinn a dhéanamh go mear i dtreo córas forfheidhmiúcháin éifeachtach, a chuirfidh cosc ar ghníomhaíochtaí coiriúla.

Rinneadh teachtaireacht bhuan an Údaráis Iomaíochta a athneartú trí ghníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin eile freisin - is é sin go mbaineann níos mó tábhachta le forfheidhmiú agus le beartas iomaíochta le linn tréimhsí deacra geilleagrachacha. Ag deireadh 2008, rinne dhá chomhlachas trádála, a dhéanann ionadaíocht d'úinéirí tithe tábhairne - an LVA agus an VFI - reo praghsanna a fhógairt thar ceann a gcuid comhaltaí féin. Ba mhaith a thug tomhaltóirí faoi deara go raibh a leithéid de 'reo praghsanna' á fhógairt i dtimpeallacht dhíbhóilscitheach. In 2009, rinne an tÚdarás Iomaíochta beart cinntitheach le deireadh a chur leis an ngníomh comhordaithe praghsanna sa chúirt. Níl sé ar leas an phobail go ndéanfaidh comhlachais trádála praghsanna earraí a gcuid comhaltaí a chomhordú agus déanfaidh an tÚdarás beart i gcónaí i gcoinne gníomhaíochtaí frithiomaíochta mar sin. Tá an gníomh seo ina eiseamláir thábhachtach do chomhlachais trádála ar fud an Stáit, ar eiseamláir í a raibh gá mór léi.

Chomh maith leis sin, sa bhliain 2009 rith leis an Stát bearta coigilte airgid a chur i bhfeidhm in earnáil na cógaslainne; réitigh dlí na hiomaíochta an bóthar do thoradh na mbearta seo, ar dlí é a bhfuil údar maith leis mar thoradh ar Údarás láidir Iomaíochta. Rinne cógaiseoirí áirithe iarracht brú a chur ar an Stát na bearta coigilte airgid a tharraingt siar trína gcuid seirbhísí a tharraingt ar ais. Ó ghníomhaíochtaí an Údaráis Iomaíochta san earnáil seo cheana, bhí a fhios ag na cógaiseoirí go raibh ceart aonair acu a bheith ag plé leis an Stát nó gan a bheith ag plé leo. Bhí a fhios acu freisin, áfach, nach gceadaítear baghchat comhchoiteann sna hearnálacha go léir. Dá mbainfeadh gach cógaslann a chuid seirbhísí sa Stát, bheadh fadhb i bhfad níos mó le réiteach ag Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte ná mar a bheadh dá dtarraingeodh trian de na cógaslanna, faoi mar a tharla.

Is é ár neamhspleáchas ar an Rialtas atá faoi deara rath forfheidhmiúcháin an Údaráis. Baineadh an neamhspleáchas seo amach d'aonghnó. Baineann sé le príomhthearmaí tagartha reachtúla agus struchtúr rialachais an Údaráis - déantar ceathrar Comhaltaí neamhspleacha a cheapadh trí phróisis ceapacháin phoiblí, ar bhonn oilteachta.

Ní mór dul ar gcúl an Údaráis san Ard-Chúirt maidir le cumasc Kerry Group/Breco a chur san áireamh i dtuarascáil na bliana. Cuireadh cinneadh an Údaráis bac a chur ar an gcumasc faoi chois san Ard-Chúirt. Táthar chun achomharc a dhéanamh sa Chúirt Uachtarach.

Mar gheall ar an ngá atá le gníomhaíochtaí abhcóideachta, agus ar an ngéarchéim gheilleagrach náisiúnta faoi láthair, bhíomar tiomanta do ghníomhaíochtaí abhcóideachta ó thús na bliana. Dá bhrí sin, tá níos mó déanta againn ó thaobh cúrsaí abhcóideachta de agus rinneamar é seo a léiriú don phobal ar shlí éagsúla. Rinneamar leabhráin a fhoilsiú ina raibh comhairle ghinearálta do thomhaltóirí, do ghnóthais agus d'údarais phoiblí. Rinneamar seó bóthair a reáchtáil ar ar tugadh "Bid-rigging Road Show", a chuir an teachtaireacht ar aghaidh chuig líon ionad éagsúil. D'fhoilsíomar Fógraí Treorach agus Treoir um Chinntí Forfheidhmiúchain, a sholáthraíonn treoir faoi réimsí éagsúla ar nós eiseachas seirbhísí teilifíse, a bhunaítear ar shuibscríbhinní.

Sa bhreis air sin, sa bhliain 2009, foilsíodh an chéad dá chuid den tuarascáil ar iomaíocht i réimse na liachleachtóirí ginearálta. Mar léiriú ar chumas an Údarais dul i ngleic le páirtithe leasmhara sa phróiseas abhcóideachta, tá cuntas sa Tuarascáil seo faoin tslí ar éirigh leis an Údarás a chinntiú go n-aontódh Comhairle na nDochtúirí leighis agus Coláiste Liachleachtóirí na hÉireann leis an dá príomh-mholadh sa tuarascáil seo sular foilsíodh é. Léiríonn sé seo cumas abhcóideachta na roinne lena mbaineann.

Is é foireann an Údarais Iomaíochta atá faoi deara rath an Údarais. Tá sé léirithe acu gur féidir leo beart a dhéanamh in ainneoin na timpeallachta deacra ina mbíonn siad ag obair. Ní mór domsa onóir a thabhairt dóibh.



William Prasifka

Cathaoirleach

1. MAIDIR LEIS AN ÚDARÁS IOMAÍOCHTA

Tairbhe na hiomaíochta

Is ann do Competition law (dhlí na hiomaíochta) go príomha le tomhaltóirí a chosaint, agus le go mbainfidís tairbhe as, go háirithe tomhaltóirí gnó. Is é ráiteas misin an Údaráis Iomaíochta ná **"to ensure that competition works well for consumers and the Irish economy"**.

Nuair a bhíonn an lámh in uachtar ag cairtéal nó ag monaplacht, mar shampla, agus nuair nach ann d'íomaíocht, ní théann gnóthais in iomaíocht le chéile i gcomhair custaiméirí. I gcásanna mar sin, is iad an tomhaltóirí a bhíonn thíos le praghsanna níos airde, le rogha níos lú agus le caighdeán is ísle. Más ann d'íomaíocht is féidir praghsanna a choimeád ag leibhéal níos ísle ná mar a bheidís gan é.

Baineann gach duine tairbhe as iomaíocht; tomhaltóirí, gnóthais agus an geilleagar ar an iomlán. Coimeádann sé praghsanna agus costais ag leibhéal íseal, cuireann sé leis na roghanna agus leis na caighdeáin atá ar fáil do chách. Déanann sé nuálaíocht a chothú maidir le táirgí agus seirbhísí nua, agus tugann sé tacaíocht don fhás geilleagrach.

Feictear na buntáistí seo toisc gur spreagann iomaíocht le gnóthais dul san iomaíocht le chéile i gcomhair tomhaltóirí. Nuair a bhaineann tomhaltóirí tairbhe as iomaíocht, baineann an geilleagar tairbhe aisti chomh maith. Mar shampla, nuair a thagann laghdú ar chostais leictreachais mar gheall ar mhéadú iomaíochta, titeann na costais ghnó. Bíonn gnóthais Éireannacha níos iomaíche dá bharr, in Éirinn agus thar lear. Tacaíonn sé sin le fás geilleagrach san fhadtréimhse.

Soláthraítear achoimre ghearr ar an gcéad leathanach eile ar pháipéar dar teideal "*Competition in Good Times and Bad*" (Iomaíocht le linn tréimhsí maithe agus tréimhsí deacra) a chuireann béim ar thábhacht na hiomaíochta le linn tréimhsí deacra. Chuir Declan Purcell, comhalta den Údarás Iomaíochta agus Stiúrthóir na Roinne Abhcóideachta, an páipéar seo os comhair na Comhdhála DEW i Neidín an 18 Deireadh Fómhair 2009. Tá an páipéar iomlán ar fáil ar láithreán gréasáin an Údaráis Iomaíochta (www.tca.ie).

Iomaíocht le linn tréimhsí maithe agus tréimhsí deacra

Tá geilleagar na hÉireann i lár cúlú dáiríre geilleagrach faoi láthair. Ciallaíonn se seo gurb iomaí rogha dheacair a gcaithfidh lucht déanta beartas dul i ngleic léi. Má éiríonn le hiomaíocht i gcuid mhór earnáil sa gheilleagar, áfach, is féidir leis an Rialtas buntáistí móra a bhaint aisti don tomhaltóir agus don Stát.

Taispeánadh, arís agus arís eile, go bhfuil na margaí iomaíochta ar an tslí is fearr le cinntiú go ndéantar an réimse agus an caighdeán earraí agus seirbhísí a bhfuil uainn a sholáthar ar an gcostas is ísle don tsochaí.

Rinne an Institiúid ar a dtugtar 'McKinsey Institute' cuid mhór staidéar ar tháirgiúlacht sa tír seo. Críochnaíonn sé mar seo a leanas:

"Increasing productivity is by far the most important ingredient in economic development. It solves almost all other economic problems. From the vast amount of economic experience in countries all over the world for the past 50 years, we have learned without doubt that the most important condition necessary for rapid productivity growth is fair and intense competition in all the sectors of an economy."

Is le linn tréimhsí cúlaithe geilleagrach a bhaineann tábhacht mhór le beartas iomaíochta. Tugann fianaise ón Spealadh Mór, a chonacthas sna Stáit Aontaithe sna tríochaidí, agus ón gcúlú mór geilleagrach a chonacthas sa tSeapáin le déanaí sna nóchaidí, le fios gur chuir beartais chosantacha, a rinneadh le dea-rún, fad leis an dá chúlú sin.

Tá maolú tagtha ar chúrsaí iomaíochta in Éirinn le blianta beaga anuas. Idir mí Eanáir 2002 agus mí Mheán Fómhair 2008, tháinig laghdú 32% ar iomaíochas praghsanna idirnáisiúnta in Éirinn. Déanfaidh tuilleadh iomaíochta in earnálacha neamhthrádála an gheilleagair na costais do ghnóthais agus do thomhaltóirí a laghdú. Bainfear tairbhe mhór as seo maidir le fás agus fostaíocht a mhéadú.

Sa chomhthéacs seo, bheadh an moladh go dtabharfaí díolúine do ghairmeacha beatha áirithe ón dlí iomaíochta ina ghníomh fritorthúil. Tá na díolúintí a moladh dírithe ar aisteoirí guthaithe féinhostaithe i réimse na craoltóireachta, ar cheoltóirí seisiúin agus ar shaorriseoirí. Cé gur féidir a rá go mbeidh éifeacht gheilleagrach na bpraghsanna arda ina éifeacht neamhbhríoch, mar thoradh ar dhíolúintí sna margaí seo, is cinnte go gcuirfidh sé le costais sna tionscail sin.

Beidh daoine eile ag iarraidh é a leanúint chomh maith. I dteannta na ngrúpaí seo, moltar go bhfaighfidh comhlacht ionadaíoch na liachleachtóirí ginearálta agus Cumann Leighis na hÉireann díolúine ó dhlí na hiomaíochta freisin. Má fhaightear díolúine ó dhlí na hiomaíochta ar an tslí seo, d'fhéadfadh go mbeadh Cumann Leighis na hÉireann i dteideal, go dlíthiúil, bearta frithiomaíochta a úsáid agus na táillí a ghearrfar ar shealbhóirí cártaí leighis á bplé acu leis an Stát, mar aon le riaradh vacsaíní agus seirbhísí eile pobail.

Má thugtar díolúintí dóibh ón Acht Iomaíochta, 2002, beidh cuspóir na hiomaíochta geilleagraí i mbaol mór, freisin, mar aon leis na tomhaltóirí. Is é sin, ní bheidh an geilleagar chomh sofhreagrach agus ba chóir dó a bheith le hathshlánú an gheilleagair a chinntiú, a luaithe agus is féidir.

Tá sé tábhachtach a chinntiú go bhfuil gach gné den gheilleagar chomh hiomaíoch agus is féidir má tá an tír seo le dul chun cinn inbhuanaithe a dhéanamh. Tá sé riachtanach déine iomlán an Achta Iomaíochta a chur i bhfeidhm agus seo á dhéanamh.

Struchtúr agus Feidhmeanna an Údaráis Iomaíochta

Is comhlacht reachtúil neamhspleách é an tÚdarás Iomaíochta a chuireann dlí iomaíochta na hÉireann agus na hEorpa i bhfeidhim. Tugann sé comhairle d'Airí Rialtais agus d'údaráis phoiblí, mar atá leagtha amach san Acht Iomaíochta, 2002. Áirítear ar an Údarás Iomaíochta an Cathaoirleach agus beirt, triúr nó ceathrar Comhaltaí lánaimseartha a roghnaítear tríd an bpróiseas ceapacháin phoiblí. Ag deireadh na bliana 2009, áiríodh Cathaoirleach agus triúr Comhaltaí mar chuid den chomhlacht.

Déanann an tÚdarás a dhícheall le cinntiú go mbaineann gach tomhaltóir tairbhe as iomaíocht, lena n-áirítear gnóthais a cheannaíonn táirgí agus seirbhísí in Éirinn. Baintear é sin amach trí iomaíocht a chur chun cinn i ngach earnáil den gheilleagar agus iad ag dul i ngleic le cleachtais fhrithiomaíocha agus ag cur daoine ar an eolas faoi chleachtais dá leithéid. Go háirithe:

- Nuair atá fianaise acu go ndeachaigh gnóthais i ngleic le cleachtais fhrithiomaíocha, is féidir leis an Údarás Iomaíochta imscrúdú a dhéanamh agus imeachtaí a thabhairt chun an cúirte;
- Is féidir leis an Údarás Iomaíochta cosc a chur ar chumaisc a laghdóidh iomaíocht go mór;
- Aithníonn an tÚdarás Iomaíochta srianta iomaíochta i ndlíthe, i rialacháin nó i gcleachtais riaracháin an Stáit agus tugann sé comhairle don Rialtas agus dá Áirí faoi impleachtaí iomaíochta na reachtaíochta, nó na rialacháin atá molta don Stát;
- Tá dualgas ar an Údarás Iomaíochta údaráis phoiblí agus an pobal i gcoitinne a chur ar an eolas faoi cheisteanna iomaíochta. Soláthraíonn sé treoir ghinearálta faoin tslí ar féidir déanamh de réir dhlí na hiomaíochta.

Is ann do ghné thábhachtach idirnáisiúnta d'obair an Údaráis Iomaíochta freisin. Is ó ról an Údaráis i bhforfheidhmiú dhlí iomaíochta na hEorpa, i dteannta an Choimisiúin Eorpaigh agus údaráis náisiúnta iomaíochta eile, a thagann an ról seo. Mar chuid den ról seo, is comhalta de Ghréasán Iomaíochta na hEorpa é an tÚdarás Iomaíochta le comhoibriú a éascú i gcur i bhfeidhm leanúnach rialacha iomaíochta an Choimisiúin. Is ionadaí na hÉireann é an tÚdarás Iomaíochta ag cruinnithe an Choiste Iomaíochta, atá mar chuid den Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta. Glacann an tÚdarás Iomaíochta páirt sa Líonra Idirnáisiúnta um Iomaíocht agus san ECA ("European Competition Authorities") mar shlí le dea-chleachtas a chur chun cinn sa ghníomhaireacht agus le heolas a fháil faoi cheisteanna iomaíochta uilíocha.

Is é an Roinn Beartas atá freagrach as freagrachtaí idirnáisiúnta an Údaráis Iomaíochta. In 2009, rinne feidhmeanna na Roinne Beartas a roinnt ar chúig roinn eile mar gheall ar líon laghdaithe foirne agus moratoruim ar earcú foirne. Sa bhreis ar an bhfeidhm idirnáisiúnta atá aige, sholáthair an Roinn Beartas tacaíocht anailíseach do ranna eile (go háirithe do Roinn na gCumasc ag na hamanna is mó éilimh), d'fhorbraigh siad struchtúir eolais agus oiliúna, mar aon le beartas agus straitéis don Údarás Iomaíochta.

Déantar obair an Údaráis Iomaíochta a eagrú i gcúig roinn, mar atá thíos.¹

¹ Léiríonn Aguisín A Comhaltaí agus Foireann an Údaráis Iomaíochta de réir na Roinne.

Roinn na gCairtéal

Tá Roinn na gCairtéal, i dteannta Roinn na Monaplachtaí, freagrach as gach rud a líomhnaítear a bheith ina shárú ar dhlí na hiomaíochta a fhiosrú. Is é fiosrúchán agus ionchúiseamh cairtéal crua príomhfhócas Roinn na gCairtéal.

*"There is no standard definition or even description of a cartel. Some are informal and undocumented; others are formal and documented. Most have policy structures and provide sanctions in case of breach. All are secretive in intent and purpose and thrive on concealment. Cartels involve a group of competitors who for self gain agree to restrict their individual business freedom and follow a common course of conduct on the market. They can be used for all forms of anti-competitive behaviour but are particularly attracted to price fixing, restricting output/limiting production, bid-rigging and market allocation. These are "hard-core" infringements of competition law, and rightly so have been repeatedly described, as involving odious practices."*²

Is éard atá i gceist le cairtéal ná iompar frithiomaíoch a dhéanann dochar do thomhaltóirí. Is comhaontú neamhdhleathach idir beirt iomaitheoirí (nó níos mó) é, a chinntíonn nach rachaidh siad in iomaíocht le chéile. Go hiondúil, baineann sé le comhcheilg idir gnóthais atá faoi rún. Is é an aidhm a bhíonn leo brabach a dhéanamh nuair is iad na custaiméirí a bhíonn thíos leis. Dá bharr, íocann na tomhaltóirí níos mó as earraí agus seirbhísí agus is coir in aghaidh an tomhaltóra é seo. Is iomaí cineál difrúil cairtéil:

- **Cairtéal Praghas-Socraithe:** Déanann iomaitheoirí comhaontú mídhleathach faoi phraghas nó lascaí earraí nó seirbhísí.
- **Páirtiú i margadh:** Déanann iomaitheoirí comhaontú mídhleathach faoi na háiteanna inar féidir leo/nach féidir leo dul ag obair, agus na custaiméirí lenar féidir leo/nach féidir leo rudaí a dhíol. Déantar áiteanna agus/nó tomhaltóirí a roinnt ar hiomaitheoirí.
- **Teorannú táirgeachta:** Déanann iomaitheoirí comhaontú mídhleathach faoin méid earraí/seirbhísí a sholáthraítear le cinntiú go bhfanann praghsanna ar leibhéal ard.
- **Camastaíl Tairiscintí/tairiscintí claonpháirteacha:** Is éard atá i gceist le tairiscintí claonpháirteacha ná nuair a dhéanann iomaitheoirí comhaontú faoi cé a gheobhaidh an tairiscint. D'fhéadfadh camastaíl tairiscintí nó tairiscintí claonpháirteacha bheith i gceist le haon cheann de na gníomhaíochtaí coiscithe, nó leo go léir, trí phraghsanna a shocrú, trí mhargaí a roinnt nó trí rochtain ar earraí nó ar sheirbhísí a theorannú.

Tá na comhaontuithe seo ina sárú ar alt 4 den Acht Iomaíochta, 2002, agus ar Airteagal 100 den Chonradh ag Bunú an Aontais Eorpaigh ("TFEU") - Alt 81 den Conradh AE ("TEC") roimhe seo. Cuirtear pionóis ar ghnóthais agus ar dhaoine aonair a fhaightear ciontach i gcoireanna cairtéal crua lena n-áirítear fineálacha agus pianbheitheanna.

Is comhchealga coiriúla iad na cairtéil atá an-chasta de ghnáth agus bíonn scileanna speisialta fiosrúcháin ag teastáil le hiad a nochtadh. Áirítear ar an líon foirne a dhéanann cairtéil a fhiosrú iarchomhaltaí an Gharda Síochána, na Coimisinéirí Ioncam, agus gníomhaireachtaí eile um fhorfheidhmiú an dlí a dhéanann coireanna casta an bhóna bháin a fhiosrú, i dteannta daoine a mbíonn taithí acu ar fhorfheidhmiú dhlí na hiomaíochta ó dhlínsí eile timpeall an domhain. Sa bhreis air sin, tá comhalta amháin den 'Garda Bureau of Fraud Investigation (GBFI)' ag obair go lánaimseartha le Roinn na

² Breithiúnas an Bhreithimh Onóraigh McKechnie, *an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí v Patrick Duffy agus Duffy Motors (Droichead Nua) Limited*, 23 Márta 2009, alt 22.

gCairtéal faoi láthair, atá ina oifigeach údaraithe don Údarás Iomaíochta.

Nuair is ann do go leor fianaise gurb ann do chairtéal, cuireann an tÚdarás Iomaíochta comhad faoi bhráid an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí ("DPP") le moladh go ndéanfaí na páirtithe lena mbaineann a ionchúiseamh ar díotáil. Déantar coireanna iomaíochta, a rinneadh ón 1 Iúil 2002 ar aghaidh, a ionchúiseamh ar díotáil sa Phríomh-Chúirt Choiriúil. Nuair nach gcreideann an tÚdarás Iomaíochta go bhfuil údar maith le hionchúiseamh ar díotáil, is féidir leo é a chiontú go hachomair sa Chúirt Dúiche.

Roinn na Monaplachtaí

Tá freagracht ar Roinn na Monaplachtaí comhaontuithe faoi alt 4 den Acht Iomaíochta, 2002 agus faoi Airteagal 101 TFEU (Seanairteagal 81 TEC), a fhiosrú chomh maith. Is féidir le comhaontuithe - a meastar nach cairtéil chrua iad - a bheith ina sárú ar dhlí na hiomaíochta fós, má bhaineann éifeachtaí frithiomaíocha leo. D'fhéadfadh comhaontuithe idir deantóirí agus dáileoirí earraí, mar shampla, nó idir dáileoirí agus miondíoltóirí, bheith ina gcomhaontuithe frithiomaíocha uaireanta.

Chomh maith leis sin, déanann Roinn na Monaplachtaí líomhaintí a fhiosrú a thugann le fios go bhfuil mí-úsáid ceannasachta ag tarlú i ngnóthais in earnáil an gheilleagair. Tá mí-úsáid ceannasachta neamhdhleathach faoi alt 5 den Acht Iomaíochta, 2002 agus faoi Airteagal 102 TFEU (Seanairteagal 82 TEC). Ní hionann briseadh dlí agus sealbhú ceannasachta, áfach. Má dhéantar aon mhí-úsáid ar mhaithe le deireadh a chur le hiomaíocht, áfach, beidh an mhí-úsáid sin ina hiompar frithiomaíoch. Má dhéantar iarracht iomaitheoirí a dhíbirt nó le deireadh a chur le teacht chun cinn iomaitheoirí eile, trí mhí-úsáid ceannasachta, d'fhéadfadh sé bheith ina shárú ar dhlí na hiomaíochta.

I gcás ina mbeidh an tÚdarás Iomaíochta den tuairim go bhféadfadh sé go raibh sárú ar an Acht Iomaíochta, 2002, féadfaidh sé tús a chur le himeachtaí dlí chun iallach a chur ar na páirtithe deireadh a chur leis an ngíomhaíocht neamhdhleathach. Is imeachtaí sibhialta a bhíonn i gceist go ginearálta (san Ard-Chúirt) nó, ag brath ar imthosca an cháis, d'fhéadfadh imeachtaí coiriúla bheith níos oiriúnaí. In imthosca mar sin, déantar comhad a ullmhú don Stiúrthóir Ionschúiseamh Poiblí, mura rud é go bhfuil sé níos oiriúnaí go ndéanfaidh an tÚdarás Iomaíochta é a thionscnamh iad féin sa Chúirt Dúiche. D'fhonn a ról imscrúdaithe a chomhlíonadh, cuimsítear foireann ildisciplíneach eacnamaíche agus dlíodóirí i Roinn na Monaplachtaí.

Is minic a dhéanann an tÚdarás Iomaíochta eachtra, a líomhnaítear a bheith ina shárú ar alt 4 agus/nó alt 5, den Acht Iomaíochta 2002, a shocrú gan dul ar árach ar an gCúirt. Tarlaíonn sé sin nuair a aithníonn na ciontóirí a gcuid iompar frithiomaíoch agus nuair a dhéanann siad é a leigheas. D'fhéadfadh an tsocraíocht a dhéanamh i ndiaidh dóibh imeachtaí a bhagairt, nó níos luaithe le linn an imscrúdaithe nuair a aithníonn na gnóthais lena mbaineann go bhfuil a gcuid iompair ina shárú ar dhlí na hiomaíochta.

De bhrí go dtarraingíonn cuid mhór de na hábhair, a mbíonn Roinn na Monaplachtaí ag dul i ngleic leo, ceisteanna casta dlíthiúla agus eacnamaíochta anuas, caitheann cuid mhór acmhainní na Roinne a ndúthracht le treoir a fhorbairt do ghnóthais faoin ts lí is fearr ar féidir cloí le dlí na hiomaíochta. Soláthraítear treoir dá leithéid trí Nótaí Cinnidh nó Nótaí Treorach a fhoilsiú a fhorbraítear i gcomhthéacs imscrúdaithe atá sainiúil don mhargadh; is treoir amháin iad sin agus ní ceangal dlíthiúil iad. Féadfaidh an tÚdarás Iomaíochta fógraí a eisiúint nach bhfuil catagóirí leithne comhaontuithe toirmiscthe, faoi alt 4 den Acht Iomaíochta, 2002, má chomhlíonann siad coinníollacha áirithe.

Roinn na gCumasc

Ní mór an tÚdarás Iomaíochta a chur ar an eolas faoi chumasc a bhfuil méid airgid áirithe, nó méid níos mó, ag baint leo. Is é príomhról Roinn na gCumasc an obair reachtúil a dhéanamh, is é sin athbhreithniú agus anailís a dhéanamh ar chinntí réasúnaithe de chuid an Údaráis Iomaíochta faoi chumasc agus fálacha, a dtugtar fógra dóibh, laistigh de thréimhse áirithe ama. Tá an chumhacht ag an Údarás Iomaíochta, ina dhiaidh, bac a chur le cumasc má chinneann siad go bhfeicfear laghdú mór iomaíochta mar thoradh air.

Déanann Roinn na gCumasc cumasc atá faoin tairseach airgeadais a imscrúdú freisin, faoi alt 4 agus 5 den Acht Iomaíochta 2002.

An Roinn Abhcóideachta

Tá dualgas reachtúil ar an Údarás Iomaíochta iomaíocht sa gheilleagar a chur chun cinn. Is í an Roinn Abhcóideachta a chuireann sé sin i gcrích, go príomha, cé go ndéanann na Ranna go léir a ndícheall feasacht ar ról na hiomaíochta, agus ar ról dhlí na hiomaíochta, i ngeilleagar na hÉireann a chur chun cinn. Is iad príomhfheidhmeanna na Roinne Abhcóideachta daoine a dhéanamh eolach ar iomaíocht agus ar na buntáistí a bhaineann léi, mar aon le comhairle a thabhairt do lucht déanta beartas poiblí. Is iad seo a leanas feidhmeanna na Roinne go háirithe:

- Comhairle a thabhairt do Ranna Rialtais, d'údaráis phoiblí agus do pháirtithe eile leasmhara faoi impleachtaí iomaíochta beartas agus tograí beartais eile;
- Anailís a dhéanamh ar réimsí den gheilleagar nach ann don iomaíocht, nó mar a mbíonn sé teoranta nó srianta; agus
- Réitigh inoibrithe a aithint le cur le hiomaíocht (mar a n-aithnítear nach ann di, nó go bhfuil sé teoranta nó srianta) agus athiniúchadh a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na réiteach sin.

Nuair a chinneann an tÚdarás Iomaíochta go bhfuil srian á cur le hiomaíocht sa Stát nach gá, déanann sé moltaí i gcomhair athchóiriú. Is samplaí de shrianta mar sin iad seo a leanas: riachtanais iomarcacha le tionscal ná slí bheatha a thosú, ceart fadtéarmach dlíthiúil ag duine monaplacht a bheith aige, nó cosc ar fhógraíocht praghsanna.

Déanann an Roinn Abhcóideachta idirghníomhaíochtaí leis na meáin chumarsáide a chomhordú chomh maith.

Roinn na Seirbhísí Corparáideacha

Comhlíonann Roinn na Seirbhísí Corparáideacha feidhmeanna lárnaigh riaracháin agus tacaíochta don Údarás Iomaíochta. Áirítear air sin rialachas corparáideach, pleanáil gnó, bainistíocht airgeadais, bainistíocht agus forbairt acmhainní daonna, teicneolaíocht faisnéise, agus seirbhísí dlíthiúla tacaíochta.

Ag obair le Gníomhaireachtaí Stáit eile

Cé gur faoin Údarás Iomaíochta atá sé, go príomha, an tAcht Iomaíochta 2002 a fhorfheidhmiú go poiblí, i gcúinsí áirithe, bíonn sé oiriúnach dul i dteagmháil le gníomhaireachtaí rialála ábhartha le cinntí a dhéanamh. Is minic a iarrtar ar an Údarás Iomaíochta iniúchadh a dhéanamh ar chásanna a bhaineann le hearnálacha áirithe an gheilleagair, ina mbíonn rialtóir neamhspleách ceaptha ag an Rialtas, i. in earnáil na cumarsáide, fuinnimh agus eitlíochta. Le comhoibriú a éascú, le dúbailt a sheachaint agus le comhsheasmhacht a chinntiú, tá comhaontuithe comhoibrithe i bhfeidhm idir an tÚdarás Iomaíochta agus rialtóirí agus gníomhaireachtaí cuí.

Sin mar atá ó thaobh an **Choimisiúin um Rialáil Cumarsáide** de (“ComReg”) go háirithe, a bhfuil an chumhacht aige, ón mbliain 2007, dlí na hiomaíochta a chur i bhfeidhm i dteannta an Údaráis Iomaíochta, maidir le seirbhísí cumarsáide leictreonaí, le líonraí cumarsáide leictreonaí nó le saoráidí gaolmhara. Tá comhaontú comhoibrithe i bhfeidhm idir an tÚdarás Iomaíochta agus ComhReg a éascaíonn úsáid cumhachta an dá údarás.³

I ndiaidh ordú ón Aire, an 23 Nollaig 2009, chuir an tÚdarás Iomaíochta tús le comhaontú comhoibrithe leis an **gCoimisiún um Rialáil Tacsaithe**. Tá comhaontú comhoibrithe i bhfeidhm idir an tÚdarás Iomaíochta agus na húdaráis seo a leanas: Údarás Craolacháin na hÉireann, an Coimisiún um Rialáil Fuinnimh, an Coimisiún um Rialáil Eitlíochta, an tÚdarás Árachas Sláinte, an Coimisiún um Rialáil Cumarsáide agus an Gníomhaireacht Náisiúnta do Thomhaltóirí.

Bíonn an tÚdarás Iomaíochta ag obair go dlúth le líon gníomhaireachtaí um fheidhmiú an dlí sa Stát le cinntiú go ngéilltear do dhlí na hiomaíochta. Mar shampla:

- An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí: Nuair atá imscrúdú coiriúil curtha i gcrích ag an Údarás Iomaíochta, d’fhéadfadh sé go gcuirfidís comhad chuig an DPP le moladh go mbeadh triail ar díotáil. Má cheapann an DPP gur cás inchosanta é, glacann a Oifig freagracht iomlán maidir le haon ghníomh forfheidhmiúcháin a dhéanfar sa todhchaí. I gcásanna mar sin, bíonn an Príomh-Aturnae Ionchúisimh i gceannas ar imeachtaí thar ceann an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí. Déanann sé leabhar fianaise a ullmhú le seirbheáil ar an gcúisí. Tá an tÚdarás Iomaíochta i gceannas ar chlár dar teideal *An Clár um Dhíolúine ó Ionchúiseamh ar Chairtéil* i dteannta an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí.
- An Garda Síochána: Téann Roinn na gCairtéal i dteagmháil le hardbhainistíocht an ‘Garda Bureau of Fraud Investigation’ go minic. Ó mhí an Mhárta 2002, tá Bleachtairí-Sháirsint an GBFI ag obair le Roinn na gCairtéal mar oifigigh údaraithe an Údarás Iomaíochta. Tugann an Garda Síochána cabhair fhíorluachmhar don Údarás Iomaíochta ag amanna tábhachtacha i gcónaí, cosúil le déanamh na mbarántas cuardaigh.

Iompar Frithiomaíoch á aithint

Is é an t-aon tslí ar féidir leis an Údarás Iomaíochta deireadh a chur le hiompar frithiomaíoch ná trí bheith feasach air. Bíonn idir ghnóthais agus tomhaltóirí ar na daoine is fearr le cleachtais fhrithiomaíocha a aithint. Má tá eolas agat faoina leithéid d’iompar, nó má tá amhras ort go bhfuil a leitheid d’iompar ar siúl, spreagann an tÚdarás Iomaíochta thú leis an eolas sin a thabhairt dóibh. D’fhéadfadh eolas ón bpobal bheith ar an gcéad chéim le tús a chur le himscrúdú ar ghníomhaíochtaí gnóthas atá bainteach le cairtéal nó le mí-úsáid ceannasachta. Tá suim mhór ag an Údarás Iomaíochta in eolas nó i bhfianaise ar bith a thabharfadh le tuiscint go bhfuil praghas-socrú, camastaíl tairiscintí, páirtíú i margadh nó aon iompar eile frithiomaíoch ar siúl.

Má tá amhras ort faoi iompar frithiomaíoch, is féidir leat dul i dteagmháil leis an Údarás Iomaíochta trí ríomhphost, ar an teileafón nó is féidir leat scríobh chucu. Déantar scagadh ar iompar a líomhnaítear a bheith frithiomaíoch, a bhfuil gearán déanta faoi, le cinntiú go ndéantar measúnú agus machnamh ceart air. Má thugann an fhaisnéis le fios nach bhfuil dlí na hiomaíochta á shárú, cuirtear deireadh leis an gcás. Soláthraíonn an bosca thíos na cúiseanna a ndéantar roinnt gearán a réiteach gan caingeán dlí.

³ Ceanglaíonn Alt 47G den Acht Iomaíochta, arna chur isteach le halt 31 den Acht um Rialáil Cumarsáide (Leasú) 2007, ar an Údarás agus ar ComReg comhaontú comhoibrithe a bhunú.

Le tuilleadh eolais a fháil faoin tslí ar féidir leat iompar frithiomaíoch a thuairisciú, (.i. gearán a dhéanamh) téigh chuig láithreán gréasáin an Údaráis Iomaíochta ag www.tca.ie.

Tábla 1 Próisis Scagtha na nGearán

	2009	2008	2007	2006	2005	2004
An méid a fuarthas	318	386	397	419	413	293
An méid a réitíodh ag an réamhscagadh	155	177	211	247	328	212
Meastóireacht mhionsonraithe	137	135	88	72	61	25
- a leanann ar aghaidh	61	47	30	31	27	-
- réitithe	75	88	58	41	34	25
Curtha le himscrúduithe/obair reatha	24	71	94	23	19	42
Imscrúduithe Iomlána	2	3	4	5	6	14

Gearán a réiteach gan caingeán dlí

Ní bhíonn ábhair cuid mhór gearán, a dhéantar leis an Údarás Iomaíochta, ina sárú ar dhlí na hiomaíochta, nó nuair a bhíonn, déantar cuid mhór díobh a réiteach go luath gan caingeán dlí.

Déantar cuid mhór gearán a réiteach i ndiaidh réamhscagadh a dhéanamh ar na cúiseanna seo a leanas:

- Is iarratas ar fhaisnéis atá sa ghearán le fírinne;
- Ní bhaineann an gearán le hábhar dhlí na hiomaíochta;
- Eascraíonn an gearán as gnóthas a théann san iomaíocht go dlisteanach sa mhargadh áitiúil; nó
- Baineann an gearán le praghsanna cosúla ach nach ann d'fhianaise a thabharfadh le tuiscint gurb ann do chomhaontú idir gnóthais.

Bíonn meastóireacht mhionsonraithe ag teastáil le tábhacht gearán eile a mheas. D'fhéadfadh sé go mbeadh taighde cúlrach i gceist leis an meastóireacht mhionsonraithe seo, go mbeadh orthu ráitis fhoirmiúla a fháil ó ghearánaigh agus ó thríú páirtithe, agus iniúchadh a dhéanamh ar pharaiméadair dhlíthiúla an cháis. Is iad seo a leanas na príomhchúiseanna a dhéantar gearáin a réiteach i ndiaidh meastóireachta dá leithéid:

- Níl aon bhunús leis an ngearán;
- Baineann an gearán le díospóid phríobháideach nó conartha nach mbaineann le hiomaíocht;
- Tá dlínse ag gníomhaireacht eile rialála ar féidir leis é a réiteach níos tapa trína chuid feidhmeanna a chur i bhfeidhm; nó
- Baineann ceisteanna agus fíricí an ghearáin le gearáin a réitigh an tÚdarás Iomaíochta roimhe sin.

2. DLÍ NA HIOMAÍOCHTA Á CUR I BHFEIDHM

Tá ról faoi leith ag an Údarás Iomaíochta maidir le hiompar frithiomaíoch a sheachaint. Feictear na héifeachtaí seo a leanas mar thoradh ar iompar frithiomaíoch: ní bhaineann tomhaltóirí buntáistí as iomaíocht, bíonn easpa rogha acu, bíonn costais níos airde, agus ní bhíonn teacht acu ar earraí agus ar sheirbhísí nua. Ina theannta sin, baineann sé an bonn d'fhás geilleagrach.

Cuireann Alt 4 agus 5 den Acht Iomaíochta toirmeasc ar iompar frithiomaíoch. Má dhéantar alt 4 nó 5 a shárú, féachtar air sin mar choir coiriúil. Maidir le sárú ar bith a dhéantar ar na hailt seo, áfach, tá an ceart ag an Údarás Iomaíochta ionchúiseamh poiblí a thionscnamh nó é a thabhairt chun na gcúirteanna sibhialta, nó an dá rud a dhéanamh.

Is sárúithe crua ar dhlí na hiomaíochta iad na cairtéil in Éirinn. Cuirtear pionóis ar ghnóthais agus ar dhaoine aonair a fhaightear ciontach i gcoireanna cairtéil crua, lena n-áirítear fíneálacha agus pianbhreitheanna. Ba bhliain an-ghnóthach agus gníomhach é 2009 maidir le forfheidhmiú cairtéil in Éirinn. Ón mbliain 2000, rinneadh 33 cás a chiontú faoin Acht Iomaíochta.⁴ Ba é an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí ("DPP") a rinne deich gcinn de na cásanna sin a chiontú, a bhí bainteach le himscrúdú a rinne an tÚdarás Iomaíochta ar phraghas-socrú fheithiclí Citroën ag comhaltaí Citroën Dealers Association. Cuireadh smachtbhannaí ar cheithre ghnóthas agus ar chúigear aonán a phléadáil ciontach i socrú praghsanna carranna Citroën. Cuireadh smachtbhannaí ar dhuine amháin a phléadáil ciontach i gcion, ar cabhrú agus neartú leis an gcion praghas-socráithe sin a dhéanamh é. Chuir na Cúirteanna pianbhreitheanna coimeádta ar fionraí orthu, sa bhreis ar fhíneálacha idir €2,000 agus €80,000 a gearradh orthu. I gcás amháin, is é sin cás an Uasail James Bursey, cuireadh pianbhreith 28 lá air nuair a theip air an fhíneáil a íoc.

Bhí forfheidhmiú sibhialta dhlí na hiomaíochta coitianta chomh maith in 2009. Le linn caingne a thionscain an tÚdarás Iomaíochta san Ard-Chúirt, cinneadh go raibh 'Vintners' Federation of Ireland' ("VFI") agus an 'Licensed Vintners Association' ("LVA") i ndíspeagadh ar an gcúirt mar gheall ar mholadh praghsanna a rinneadh lena gcuid comhaltaí i mí na Nollag 2008. Bhí na moltaí a rinneadh faoi na praghsanna ar chóir d'úinéirí tithe tábhairne bheith á ghearradh, ina sárú ar ghnóthais a bhí os comhair na hArd-Chúirte roimhe sin, aa d'eascraigh as cásanna an Údaráis Iomaíochta i gcoinne an VFI agus an LVA. Rinneadh dul chun cinn suntasach i gcás sibhialta leanúnach eile idir an tÚdarás Iomaíochta agus an Cumann Forbartha Thionscal na Mairteola ("BIDS"). Cinneadh sa Chúirt Uachtarach in Éirinn, i ndiaidh bhreithiúnas na Cúirte Breithiúnais Eorpaí in 2008, gurbh é aidhm comhaontú BIDS ná iomaíocht a shrianadh. Rinne an Chúirt Uachtarach an cás a tharchur chun na hArd-Chúirte le cinneadh cé acu ar comhlíonadh coinníollacha Airteagal 101 (3) TEFU, agus dá bhrí sin, cibé acu an féidir an comhaontú a chur i bhfeidhm.

De bhreis ar a chuid imscrúduithe gníomhacha agus forfheidhmiú dhlí na hiomaíochta, d'fhoilsigh an tÚdarás Iomaíochta trí Fhógra Treorach agus Nóta Cinnidh amháin in 2009. Ní ceangal dlíthiúil iad na Fógraí seo ach is é an aidhm atá leo treoir ghinearálta a sholáthar le go gcomhlíonfar an tAcht. Baineann na Fógraí Treorach le heisiachas seirbhísí teilifíse (pay-TV) i bhforbairtí árasán, an earnáil cógaslainne pobail agus comhlachais trádála. Baineann an Nóta Cinnidh le heiseachas seirbhísí teilifíse (pay-TV) i bhforbairtí árasán.

⁴ Áirítear air seo ciontú amháin i leith praghas peitрил a shocrú; 17 gciontú i leith praghas ola téimh a shocrú ; agus 15 i leith praghas mótarfheithiclí a shocrú, ciontú amháin maidir le Irish Ford Dealers Association, agus 14 maidir le Citroën Dealers Association.

Cásanna Coiriúla de chuid an DPP i ndiaidh imscrúduithe an Údaráis Iomaíochta.

Cairtéal 'Citroën Dealers Association'

In 2007, chuir an Stúirthóir Ionchúiseamh Poiblí cúisimh ar aghaidh i gcoinne seisear déileálaithe Citroën agus seachtar oigifeach agus stiúrthóirí aonair a bhí páirteach sna gnóthais. Líomhnaíodh gur shocraigh siad praghsanna, agus ar na praghsanna sin a chur i bhfeidhm ar charranna Citroën a bhí ar díol. Tá an socrú sin contrártha d'alt 4 an Achta Iomaíochta, 2002, d'alt 4 (1) an Achta Iomaíochta, 1991, agus d'alt 2 agus 3(4)(a) an Achta Iomaíochta (Leasú), 2006. Chuir an DPP cúisimh ar aghaidh i gcoinne Rúnaí an 'Citroën Dealers Association', agus é líomhnaithe go raibh sé ag cabhrú agus ag neartú na gcomhaontuithe praghas-socraithe a bhí ar bun ag na déileálaithe.

In 2008, phléadáil beirt, i dteannta dhá chuideachta, ciontach sna cúisimh praghas-socraithe. Ciontaíodh iad agus cuireadh pianbhreith orthu sa Chúirt Dúiche Choiriúil. In 2009, phléadáil cúigear aonán agus ceithre ghnóthas ciontach sna cúisimh praghas-socraithe. Ciontaíodh iad agus cuireadh pianbhreith orthu sa Chúirt Dúiche Choiriúil agus sa Phríomh-Chúirt Choiriúil i mBaile Átha Cliath. Phléadáil Rúnaí 'Citroën Dealers Association' ciontach sa chion, ar cabhrú agus ar neartú leis an gcion praghas-socraithe a dhéanamh é. Ciontaíodh agus cuireadh pianbhreith air sa Phríomh-Chúirt Choiriúil.

Tugann na ciontuithe seo ionchúisimh an DPP chun críche maidir le fiosrúcháin an Údaráis Iomaíochta ar an Citroën Dealers Association. D'éirigh leis an DPP 14 chiontú a fháil, lena n-áirítear ochtar aonán agus sé ghnóthas, maidir leis an bhfiosrúchán seo. Is féidir teacht ar achoimre ar na cásanna seo ag Os comhair an Bhreithimh Onóraigh Delahunt sa Chúirt Chuarda Choiriúil Bhaile Átha Cliath, an 24 Samhain 2008, phléadáil Gowan Motors (Geata na Páirce) Limited, an tUasal Michael Patrick Gibbs agus an tUasal Brian Smyth, ina gcáil mar Stiúrthóirí, ciontach i gcomhaontú a dhéanamh a raibh sé mar aidhm aige iomaíocht a chosc, a shrianadh nó a shaobhadh sa ghnó mótarfheithicle i gCúige Laighean, trí phraghas díola fheithiclí Citroën a shocrú, go díreach nó go hindíreach, a bhí ina shárú ar Acht na hiomaíochta, 2008 (arna leasú i 1996). Chuir an Breitheamh Nolan pianbhreith ar an mbeirt chosantóirí i gCúirt Chuarda Bhaile Átha Cliath an 22 Meitheamh 2009. Sa chúirt, gearradh fíneáil €30,000 ar Gowan Motors (Geata na Páirce) Limited. Gearradh fíneáil €30,000 ar an Uasal Michael Patrick Gibbs agus cuireadh pianbhreith sé mhí air, a cuireadh ar fionraí go ceann trí bliana. Gearradh fíneáil €30,000 ar an Uasal Brian Smyth agus cuireadh pianbhreith sé mhí air, a cuireadh ar fionraí go ceann trí bliana.

tá cuntas ar na ciontuithe aonair ó 2009 thíos.

Agus príosúnacht á gearradh ar dhuine aonair agus ar chuideachta sa Phríomhchúirt Choiriúil, bhí an méid seo a leanas le rá ag an mBreitheamh Onórach McKechnie faoi chairtéal an Citroën Dealers Association:

"It appears that in March 1995 an association known as the Citroen Dealers Association ("the C.D.A.") was established. . . It held its first meeting in April 1995 and operated at least until February 2004. This association, whose members consisted of the authorised dealers for Citroen motor vehicles in this State, appointed officials such as a Secretary, Treasurer and President, and kept detailed minutes of its activities. . . From the outset it set in place a comprehensive scheme which had the following as its objects:- (i) The setting of minimum discounts from the retail dealers recommended price list for new Citroen motor vehicles; (ii) The setting of delivery charges in respect of such vehicles; (iii) The setting of accessory prices; (iv) The setting of prices for metallic paint; (v) The setting of prices for trade-ins and for used stock; and (vi) The setting of export prices and parts. . . At meetings of the Association, of which about 48 were minuted, prices were agreed in respect of each of these items and then recorded.

Thereafter a new revised price list would be printed and distributed by the Secretary to each member of the association. In addition, the Secretary produced a pocket card for internal use by individual dealers showing what price should be asked for. This became known as the "card price". The routine was followed on every occasion upon which there was a price change. . . To underpin adherence to the objectives of the scheme, the association employed two independent companies to police its members so as to ensure compliance. These monitors carried out so called "mystery shopping surveys", during which, disguised as genuine members of the public, they attended at a dealer's premises and obtained a quote or price for any one or more of the products above mentioned. A report would then be submitted to the Secretary. Fines, which were specified for any breach, were originally set at £500 and later increased to £1,000 (€1,270).⁵

DPP -v- Patrick Duffy agus Duffy Motors (Droichead Nua) Limited

An 26 Eanáir 2009, os comhair an Bhreithimh Onóraigh Carney, phléadáil Duffy Motors Limited (Droichead Nua) agus an tUasal Patrick Duffy, ina cháil mar Stiúrthóir Duffy Motors Limited (Droichead Nua), ciontach i gcomhaontú, agus i gcur i bhfeidhm comhaontaithe, a raibh sé mar aidhm aige iomaíocht a chosc, a shrianadh nó a shaobhadh sa ghnó mótarfheithicle i gCúige Laighean, trí phraghas díola fheithiclí Citroën a shocrú, go díreach nó go hindíreach, a bhí ina shárú ar Acht na hiomaíochta, 1991 (arna leasú i 1996). Chuir an Breitheamh Onórach McKechnie, an 23 Márta 2009, pianbhreith ar an mbeirt chosantóirí sa Phríomh-Chúirt Choiriúil. Gearradh fineáil €50,000 ar Duffy Motors Limited (Droichead Nua) – gearradh €20,000 orthu ar iad a chiontú sa chomhaontú agus gearradh €30,000 ar iad a chiontú sa chomhaontú a chur i bhfeidhm faoin Acht Iomaíochta 1991 (arna leasú i 1996). Ghearr an Chúirt fineáil €20,000 ar an Uasal Patrick Duffy agus cuireadh pianbhreith sé mhí air mar gheall ar an gcomhaontú neamhdhleathach. Gearradh fineáil €30,000 agus cuireadh pianbhreith naoi mí air mar gheall ar an gcomhaontú a chur i bhfeidhm. Cuireadh na téarmaí príosúnachta, a bhí le rith i gcomhthráth, ar fionraí sa Chúirt go ceann cúig bliana.

DPP -v- James Bursey agus Bursey Peppard Limited

An 9 Márta 2009, os comhair an Bhreithimh Onóraigh, Carney phléadáil Bursey Peppard Limited agus an tUasal James Bursey, ina cháil mar Stiúrthóir Bursey Peppard Limited, ciontach i gcomhaontú agus i gcur i bhfeidhm comhaontaithe, a raibh sé mar aidhm aige, iomaíocht a chosc, a shrianadh nó a shaobhadh sa ghnó mótarfheithicle i gCúige Laighean, trí phraghas díola fheithiclí Citroën a shocrú, go díreach nó go hindíreach, a bhí ina shárú ar Acht na hiomaíochta, 1991 (arna leasú i 1996). Sa Phríomh-Chúirt Choiriúil an 3 Aibreán 2009, chuir an Breitheamh Onórach, McKechnie, pianbhreith ar an Uasal Bursey agus ar Bursey Peppard Limited. Gearradh fineáil €80,000 ar Bursey Peppard Limited ar an iomlán –gearradh €30,000 orthu ar iad a chiontú i ndéanamh comhaontaithe agus €30,000 ar iad a chiontú i gcur i bhfeidhm comhaontú neamhdhleathach faoin Acht Iomaíochta 1991 (arna leasú i 1996). Gearradh fineáil €30,000 ar an Uasal James Bursey agus cuireadh pianbhreith sé mhí air mar gheall ar an gcomhaontú neamhdhleathach. Gearradh fineáil €50,000 air agus cuireadh pianbhreith naoi mí air mar gheall ar an gcomhaontú neamhdhleathach a chur i bhfeidhm, a bhí ina shárú ar an Acht Iomaíochta (arna leasú 1996). Cuireadh na téarmaí príosúnachta, a bhí le rith i gcomhthráth, ar fionraí sa Chúirt go ceann cúig bliana.

D'éist an Breitheamh Onórach Mc Kechnie le fianaise gur theip ar an Uasal Bursey na fineálacha a gearradh air a íoc. De dhroim na bhfineálacha ar theip air a íoc, cuireadh pianbhreith 28 lá air.

DPP -v- Finglas Motors (M50) Limited agus Mr. Bernard Byrne

⁵ Breithiúnas Mc Kechnie, an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí v Patrick Duffy agus Duffy Motors (Droichead Nua) 23 Márta 2009, ailt 6 -9.

Os comhair an Bhreithimh Onóraigh Delahunt sa Chúirt Chuarda Bhaile Átha Cliath, an 26 Eanáir 2009, phléadáil Finglas Motors (M50) Limited agus an tUasal Bernard Byrne, ina cháil mar Stiúrthóir, ciontach i gcomhaontú a dhéanamh a raibh sé mar aidhm aige iomaíocht a chosc, a shrianadh nó a shaobhadh sa ghnó mótarfheithicle i gCúige Laighean trí phraghas díola fheithiclí Citroën a shocrú, go díreach nó go hindíreach, a bhí ina shárú ar Acht na hiomaíochta, 1991 (arna leasú i 1996). Chuir an Breitheamh Nolan pianbhreith ar an mbeirt chosantóirí i gCúirt Chuarda Bhaile Átha Cliath. Gearradh fineáil €35,000 ar Finglas Motors (M50) Limited. Gearradh fineáil €2,000 agus pianbhreith naoi mí ar an Uasal Bernard Byrne, atá curtha ar fionraí go ceann bliana.

DPP -v- Gowan Motors (Geata na Páirce) Limited, Michael Patrick Gibbs agus Brian Smyth

Os comhair an Bhreithimh Onóraigh Delahunt sa Chúirt Chuarda Choiriúil Bhaile Átha Cliath, an 24 Samhain 2008, phléadáil Gowan Motors (Geata na Páirce) Limited, an tUasal Michael Patrick Gibbs agus an tUasal Brian Smyth, ina gcáil mar Stiúrthóirí, ciontach i gcomhaontú a dhéanamh a raibh sé mar aidhm aige iomaíocht a chosc, a shrianadh nó a shaobhadh sa ghnó mótarfheithicle i gCúige Laighean, trí phraghas díola fheithiclí Citroën a shocrú, go díreach nó go hindíreach, a bhí ina shárú ar Acht na hiomaíochta, 2008 (arna leasú i 1996). Chuir an Breitheamh Nolan pianbhreith ar an mbeirt chosantóirí i gCúirt Chuarda Bhaile Átha Cliath an 22 Meitheamh 2009. Sa chúirt, gearradh fineáil €30,000 ar Gowan Motors (Geata na Páirce) Limited. Gearradh fineáil €30,000 ar an Uasal Michael Patrick Gibbs agus cuireadh pianbhreith sé mhí air, a cuireadh ar fionraí go ceann trí bliana. Gearradh fineáil €30,000 ar an Uasal Brian Smyth agus cuireadh pianbhreith sé mhí air, a cuireadh ar fionraí go ceann trí bliana.

De dhroim gur ciontaíodh faoin Acht Iomaíochta 1991 iad agus, de bhun alt 160 (1) den Acht Iomaíochta 1990, tá an tUasal Patrick Duffy, an tUasal James Burse, an tUasal Bernard Byrne, an tUasal Michael Patrick Gibbs agus an tUasal Brian Smyth dícháilithe chun bheith, nó chun bheith ag gníomhú, mar iniúchóirí, mar stiúrthóirí nó mar oifigigh den chuideachta. Dúirt an Breitheamh McKechnie: "this is a mandatory consequence of the conviction whether by plea or verdict".⁶ (Féach an Bosca "Ráitis a rinneadh sa Chúirt ag éisteachtaí " ar leathanach 17).

DPP -v- John McGlynn

An 6 Iúil 2009, os comhair Carney, sa Phríomh-Chúirt Choiriúil, phléadáil an tUasal John McGlynn ciontach i dtrí scór, ar cabhrú agus neartú le Citroën Dealers Association cion a dhéanamh iad, trí chomhaontú a dhéanamh, a raibh sé mar aidhm aige, iomaíocht a chosc, a shrianadh nó a shaobhadh sa ghnó mótarfheithicle i gCúige Laighean, trí phraghas díola fheithiclí Citroën a shocrú, go díreach nó go hindíreach. Phléadáil an tUasal McGlynn ciontach in dhá scór, ar cabhrú agus neartú le Citroën Dealers Association comhaontú neamhdhleathach a dhéanamh iad, a bhí ina shárú ar an Acht Iomaíochta 1991 (leasú 1996); agus i scór amháin, ar cabhrú agus neartú le Citroën Dealers Association comhaontú neamhdhleathach a dhéanamh é, a bhí ina shárú ar an Acht Iomaíochta, 2002. An 27 Samhain 2009, ciontaíodh an tUasal John McGlynn agus chuir an Breitheamh McKechnie pianbhreith air sa Príomh-Chúirt Choiriúil. Gearradh fineáil €30,000 ar an Uasal McGlynn sa Chúirt, agus cuireadh thrí phianbhreith choimeádta air. Cuireadh dhá théarma príosúnachta sé mhí air i leith ciona, ar cabhrú agus neartú le comhaontú neamhdhleathach a dhéanamh é, faoin Acht Iomaíochta, 1991. Ina theannta sin, cuireadh téarma príosúnachta naoi mí air i leith ciona, ar cabhrú agus neartú leis an Citroën Dealers Association comhaontú neamhdhleathach a dhéanamh é, faoin Acht Iomaíochta, 2002. Cuireadh na pianbhreitheanna, a bhí le rith i gcomhthráth, ar fionraí sa chúirt go ceann 5 bliana, agus cuireadh na pianbhreitheanna coimeádta air mar gheall nár íocadh an fhíneáil.

⁶ Breithiúnas an Bhreithimh Onóraigh, an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí v Patrick Duffy agus Duffy Motors (Droichead Nua) Limited, 23 Márta 2009, alt 60.

Tábla 2 Ciontuith e a rinneadh maidir leis an Citroën Dealers Association

Cosantóir	Dáta Pianbhreithe	Toradh
James Durrigan & Sons Limited	8 Bealtaine 2008	Fíneáil €12,000
James Durrigan	8 Bealtaine 2008	Pianbhreith 3 mhí – cuireadh ar fionraí go ceann dhá bhliain é
Ravenslodge Trading Limited T/A Jack Doran Motors	28 Deireadh Fómhair	Fíneáil €20,000
Jack Doran	28 Deireadh Fómhair	Téarma príosúnachta 3 mhí – cuireadh ar fionraí go ceann dhá bhliain é.
Duffy Motors (Newbridge) Limited	23 Márta 2009	Fíneáil €50,000
Patrick Duffy	23 Márta 2009	Téarmaí príosúnachta 6 mhí agus 9 mí – cuireadh ar fionraí go ceann 5 bliana iad. Fíneáil €50,000 ar an iomlán.
Burse Peppard Limited	3 Aibreán 2009	Fíneáil €80,000
James Bursey	3 Aibreán 2009	Téarmaí príosúnachta 6 mhí agus 9 mí – cuireadh ar fionraí go ceann 5 bliana iad. Fíneáil €80,000 ar an iomlán. Téarma príosúnachta 28 lá mar gheall ar neamhíoc na fíneála.
Finglas Motors (M50) Limited	17 Meitheamh 2009	Fíneáil €35,000
Bernard Byrne	17 Meitheamh 2009	Pianbhreith 9 mhí – cuireadh ar fionraí go ceann dhá bhliain é Fíneáil €2,000
Gowan Motors (Parkgate) Limited	22 Meitheamh 2009	Fíneáil €30,000
Michael Patrick Gibbs	22 Meitheamh 2009	Pianbhreith 6 mhí – cuireadh ar fionraí go ceann dhá bhliain é Fíneáil €30,000
Brian Smyth	22 Meitheamh 2009	Pianbhreith 6 mhí – cuireadh ar fionraí go ceann dhá bhliain é Fíneáil €30,000
John McGlynn	27 Samhain 2009	Téarmaí príosúnachta 6 mhí agus 9 mí – cuireadh ar fionraí go ceann 5 bliana iad. Fíneáil €30,000

Cás Diúscartha Dramhaíola Chontae Mhaigh Eo

DPP -v- Stanley Bourke, Bourke Waste Removal Limited, Patrick McGrath, Declan McGrath, McGrath Industrial Waste Limited, Paul Gleeson, Wheeley Environmental Refuse Services Limited, agus Padraig Hughes

Cúisíodh an ceathrar ag tús an liosta, ina gcáil mar stiúrthóirí, agus an trí ghnóthas i gcomhaontú a dhéanamh a raibh sé mar aidhm aige, iomaíocht a chosc, a shríanadh nó a shaobhadh i soláthar seirbhísí intíre bailithe dramhaíola i gContae Mhaigh Eo. Cúisíodh an tUasal Hughes i gcion, ar cabhrú agus neartú leis an gcomhaontú a dhéanamh é, a raibh sé mar aidhm aige iomaíocht a chosc, a shríanadh nó a shaobhadh i soláthar seirbhísí intíre bailithe dramhaíola i gContae Mhaigh Eo.

Trialach an t-ochtar cosantóirí os comhair an ghiúire sa Phríomh-Chúirt Choiriúil i nGaillimh idir an 23 Meitheamh 2009 agus 2 Iúil 2009. Thug Breitheamh na trialach, McKechnie, an cás don ghiúire le machnamh a dhéanamh air. Rinneadh gach cosantóir a éigiontú d'aon ghuth i ngach scór.

Ráitis na Cúirte ag Éisteacht pianbhreitheanna

Soláthraíonn na breithiúnais a rinne an Breitheamh Onórach McKechnie treoir faoi dhearcadh na Cúirte ar chionta cairtéal agus ar na pianbhreitheanna cuí ar chóir a chur orthu siúd a fhaightear ciontach iontu.

Maidir le nádúr na gCairtéal....

*"They, of course, stifle competition, they damage economic and commercial liberty and, in fact, if they were to continue unabated, they could seriously impact upon the economic and commercial welfare of, not only customers and consumers, but of an entire nation."*⁷

Maidir le pianbhreitheanna ilchineálacha cuí i gcásanna cairtéal...

"Normally a sentencing court might first consider whether a fine would fit the crime and the convicted, and if so, subject to funds being available, would not go on to consider deprivation of liberty. If the imposition of a fine however was of doubtful effect then of course a gaol term would be considered. In a case like the present, this two step approach may not be the most appropriate. Rather, a court might feel that a more general overview involving the imposition of a mixed type of sentence is to be preferred.

*Fines evidently play a significant role in criminal law. In competition cases the way in which the maximum amount is structured clearly indicates a strong relationship between the undertaking's business and the crime."*⁸

Maidir le ríthábhacht na bpianbhreitheanna coimeádta...

"Notwithstanding this level of fine however, the availability of a custodial sentence is critical.

*... I see no room for any lengthy lead in period before use is commonly made of this supporting form of sanction ... Every purchaser of goods or services now has a strong and definite appreciation of what competition can do for him or her. Therefore it must be realised that serious breaches of the code have to attract serious punishment."*⁹

Maidir le himthosca maolaitheacha le pianbhreitheanna a chur:

Nádúr leanúnach agus comhfhiosach na gCairtéal

*"Although it may be true that the offence is unlikely to be repeated; as stated above, the on-going and continuous nature of the cartel crimes would tend to suggest that the acts complained of were not, in fact, out of character. Operating a cartel is not a once off criminal act. It is not done on the spur of the moment. It is continuous and requires high levels of planning and organisation."*¹⁰

⁷ Breithiúnas neamhthuairiscithe an Bhreithimh Onóraigh, McKechnie, an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí v James Burseý agus Burseý Peppard Limited, 3 Aibreáin 2009 leathanach 3.

⁸ Breithiúnas an Bhreithimh. Justice McKechnie, Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí v Patrick Duffy agus Duffy Motors (Droichead Nua) Limited, 23 Márta 2009, ailt 40 agus 41.

⁹ Ibid alt 43.

¹⁰ Ibid alt 47.

Tréithe an chosantóra

*"A person seeking to successfully implement a price fixing agreement decides every day to go into work and therein to commit and conceal a criminal conspiracy. That person, typically will be well educated, businessly astute, either owns the business or has risen to senior management, and almost certainly will have done a value benefit/detection appraisal. He then proceeds, indefinite as to duration, ceasing only when confronted. For that person whose persona is representative of carteliere, it is very difficult to say that such behaviour is out of character."*¹¹

Am an Ghátair agus Comhéigean

*"It has also been said that the offences at issue were committed against the backdrop of a struggle for survival, rather than in the greedy pursuit of excess profit. That may, or may not, be true, but even if so it is still not a factor which the Court should consider a mitigating one. If credit was available for economic distress it would be the antithesis of competition."*¹²

An dóchúlacht go ndéanfar cion arís

*"Factors such as that the conduct concerned was a first offence and that the offender is unlikely to re-offend are, in my view, of limited application in cartel cases. ... as commented upon in the European Guidelines, whilst recidivism would be a substantial aggravating factor, its likely absence is not necessarily a weighty mitigating factor."*¹³

Aidhmeanna dleathacha eile an Citroën Dealers Association

*"... no cognisance can be had of the fact that the C.D.A. may have started as a representative association with some legitimate purpose. ... Legal activities do not shroud or insulate illegal ones with any form of justification or mitigation."*¹⁴

Aidhm agus éifeacht na gCoireanna

*"I would suggest that whether or not the enterprise is successful, or beneficial or profitable, or otherwise, cannot have any relevance to the issue of guilt. If the end result could decriminalise the conduct then this type of offence would lack utility and be redundant."*¹⁵

¹¹ *Ibid alt 47.*

¹² *Ibid alt 49.*

¹³ *Ibid alt 48.*

¹⁴ *Ibid alt 50.*

¹⁵ *Ibid alt 51.*

Cásanna Coiriúla ag Fanacht le Triail

Cásanna Iarnród Éireann

An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí –v- John Joe McNicholas atá i mbun trádála mar John Joe McNicholas Plant Hire, Oliver Dixon agus Oliver Dixon (Hedgecutting & Plant Hire) Limited

An 14 Deireadh Fómhair 2008, thionscain an tÚdarás Iomaíochta, ag Cúirt Dúiche Bhaile Átha an Rí, imeachtaí i gcoinne John Joe McNicholas atá i mbun trádála mar John Joe McNicholas Plant Hire, Oliver Dixon, agus Oliver Dixon (Hedgecutting and Plant Hire) Limited maidir le praghas-socrú líomhnaithe i gcás tairisceana ó Iarnród Éireann/Irish Rail do sheirbhísí chun fásra a ghlanadh. Diúltaíodh dlínse sa Chúirt Dúiche ar an mbonn go raibh an breitheamh den tuairim nach mionchás a bhí sa chás agus mar sin nach cás iomchuí a bhí ann chun é a thriail sa Chúirt Dúiche. Thoiligh an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí go gcuirfí an cás seo chun trialach chuig an bPríomh-Chúirt Choiriúil dá bhforáiltear le halt 11 den Acht Iomaíochta, 2002. Tháinig na cosantóirí os comhair na Príomh-Chúirte Coiriúla den chéad uair an 15 Nollaig 2008. An 26 Eanáir 2009, shocraigh an Breitheamh Carney dáta trialach don 2 Samhain 2009.

Cuireadh an cás ar athló an 2 Samhain 2009 mar gheall ar rialú a rinne an Chúirt Uachtarach roimhe sin maidir le hathbhreithniú breithiúnach i gcás neamhghaolmhar, *Reade –v- an Breitheamh Reilly & an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí*, a rinne difear do dhlínse na Príomh-Chúirte Coiriúla na cúiseanna seo a éisteacht mar gheall ar an gcaoi ar cuireadh na cúisimh ar aghaidh chun trialach ón gCúirt Dúiche. An 25 Eanáir 2010 d'iontráil an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí *nolle prosequi* maidir leis na trí dhíotáil ag féachaint do rialú dlínse na Cúirte Uachtaraí. Tá na cásanna a ndearna cinneadh Reade difear dóibh leis an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí chun cinneadh a dhéanamh maidir le himeachtaí a thionscnamh arís in 2010

Imscrúdú Ola Téimh

Tar éis don Údarás Iomaíochta imscrúdú a dhéanamh ghlac an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí cúisimh in aghaidh 24 cosantóir. Bhain na cúisimh le líomhaintí i leith praghas ola gháis agus ceirisín a shocrú ar fud iarthar na hÉireann. Go dtí seo tharla seacht gciontú dhéag a bhaineann le deich gcinn de ghnóthais agus seachtar aonán. Iontráladh *nolle prosequi* i sé chás. Tá cás amháin gan éisteacht fós i ndáil le cosantóir amháin.

An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí –v- Pat Hegarty

Is é Pat Hegarty an t-aon chosantóir atá fágtha fós in imscrúdú an ola téimh. Fanann stádas na cháis mar an gcéanna, táthar ag feitheamh le dáta fós chun an cás seo a éisteacht os comhair na Cúirte Uachtaraí.

An Clár um Dhíolúine ó Ionchúiseamh ar Chairtéil

Faoin Acht Iomaíochta 2002, áirítear fíneálacha substaintiúla agus téarmaí príosúnachta ar na pionóis ar féidir a chur ar dhaoine aonair agus ar chuideachtaí a dhéanann cionta crua. D'fhéadfadh daoine aonair agus cuideachtaí, a bhfuil dliteanas orthu i leith iompair dá léithéid, machnamh a dhéanamh ar dhíolúine a fháil ó ionchúiseamh faoin *gClár um Dhíolúine ó Ionchúiseamh ar Chairtéil*, a bhfuil an tÚdarás Iomaíochta agus an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí ("DPP") i gceannas air. Más ar an gcéad duine nó cuideachta thú a thuairiscíonn gníomhaíochtaí cairtéal, a théann i gcomhar leis an Údarás Iomaíochta agus leis an DPP, nó a thugann eolas iomlán dóibh, beidh tairbhe shubstaintiúil le baint agat. Áirítear air sin ionchúiseamh a sheachaint, díolúine a fháil ó théarmaí príosúnachta agus ó fhíneálacha substaintiúla, agus pionóis choimhdeacha a sheachaint (go mbeifeá faoi urchosc ó bheith i d'oifigeach nó i do stiúrthóir cuideachta, mar shampla) faoi alt 160 den Acht Iomaíochta 1990.

Maidir leis na cuideachtaí a ghlacann freagracht iomlán orthu féin, trí rún corparáide, as gníomhaíochtaí neamhdhleathacha a gcuid oifigeach, stiúrthóirí agus fostóirí, agus a aontaíonn le dul i gcomhar leis an Údarás Iomaíochta, d'fhéadfadh go mbeidís i dteideal díolúine a fháil faoin gclár don chuideachta agus dá n-oifigigh, stiúrthóirí agus fostóirí, don am a chuaigh thart agus don am i láthair. Fiú mura dtagann an cuideachta féin chun tosaigh le freagracht a ghlacadh as a chuid gníomhaíochtaí neamhdhleathacha, d'fhéadfadh fostóirí, oifigigh, agus stiúrthóirí bheith i dteideal díolúine aonair a fháil faoin *gClár um Dhíolúine ó Ionchúiseamh ar Chairtéil* agus fíneálacha agus téarmaí príosúnachta a sheachaint.

Ba cheart iarratais ar dhíolúine a chur chuig Oifigeach Díolúine an Údaráis Iomaíochta, ar oifigeach é nach bhfuil bainteach go dlúth le Roinn na gCairtéal. Is é seo a leanas uimhir bheolíne an Chláir um Dhíolúine ó Ionchúiseamh ar Chairtéil:

087 7631378

Áirítear ar an *gClár um Dhíolúine ó Ionchúiseamh ar Chairtéil* córas marcála trína féidir leis an gcéad duine aonair nó leis an gcéad chuideachta cur isteach air, agus trína féidir leo siúd ina dhiaidh cur isteach air sa chás nach bhfuil an chéad iarrthóir cáilithe chun díolúine a fháil. Is féidir teacht ar thuilleadh eolais faoin gclár ar láithreán gréasáin an Údaráis Iomaíochta www.tca.ie.

Caingne Díl a rinne an tÚdarás Iomaíochta

An tÚdarás Iomaíochta –v- The Licensed Vintners Association agus comhlachais eile

An 24 Iúil 2009, fuarthas Licensed Vintners Association ("LVA") agus Vintners' Federation of Ireland ("VFI"), na príomhchomhlachais trádála a dhéanann ionadaíocht d'úinéirí tithe tábhairne in Éirinn, i ndíspeagadh ar an gcúirt mar gheall ar reo praghsanna bliana a cuireadh i bhfeidhm dá gcuid comhaltaí. Chuir an tÚdarás Iomaíochta tús leis na himeachtaí san Ard-Chúirt.

Tagann na gnóthais ó chásanna i gcoinne an LVA agus an VFI in 1998, inar maíodh lena linn go raibh gníomhaíochtaí áirithe an LVA agus an VFI ina sárú ar dhlí na hiomaíochta in Éirinn, a thoirmiscítear comhordú frithiomaíoch. Faoi théarmaí socraithe, idir an tÚdarás Iomaíochta agus an LVA agus an VFI, agus a taisceadh san Ard-Chúirt in 2003 agus 2005 faoi seach, gheall gach comhlachas ionadaíoch nach ndéanfaidís (1) "*the prices, margins, increases in prices and increases in margins earned on the sale to the*

public of alcoholic beverages" a mholadh dá gcuid comhaltaí agus (2) nach ndéanfaidís alt 4 den Acht Iomaíochta, 2002 a shárú maidir le praghsanna alcóil agus é á dhíol leis an bpobal le hól ar áitreabh ceadúnaithe.

An 1 Nollaig 2008, d'éisigh na comhlachais comh-phreaseisiúint inar fógraíodh "reo praghsanna dí ar feadh bliana i dtithe tábhairne le cur i bhfeidhm láithreach"; cuireadh sé sin ceangal ar na comhaltaí gan an leibhéal reatha praghsanna a shárú maidir le táirgí alcóil go ceann 12 mhí. Rinneadh é seo a fhógairt le linn tréimhse a rabhthas ag tnúth le díbhoilsciú ginearálta praghsanna sa gheilleagar. Ba é tuairim an Údaráis Iomaíochta go ndéanfadh reo praghsanna (nuair a bhíothas ag tnúth le titim praghsanna) an méid céanna dochair do thomhaltóirí agus a dhéanadh comhaontú le praghsanna a ardú i gnáth-thimpeallacht bhoilscitheach. Ina theannta sin, níorbh iad cúraimí an tionscail alcóil amháin a spreag an tÚdarás Iomaíochta le beart a dhéanamh maidir le gníomhaíochtaí comhlachais úinéirí na dtithe tábhairne. Dá ndéanfaí an beartas reo praghsanna a mhacasamhlú in earnálacha eile an gheilleagair, bheadh tomhaltóirí agus gnóthais thíos leis.

Ba é tuairim an Údaráis Iomaíochta go raibh an beartas comhordaithe praghsála ina shárú ar dhlí na hiomaíochta in Éirinn, agus sa Chomhphobal Eorpach agus, ina theannta sin, gur sháraigh sé na gnóthais a thug an LVA agus an VFI cheana. Leis an cás a thabhairt os comhair na cúirte chomh tapa agus ab fhéidir, agus le scor an reo praghsanna a chinntiú sular ndeachaigh an tréimhse bliana in éag, rinne an tÚdarás Iomaíochta caingean a thionscnamh mar gheall ar dhíspeagadh cúirte bunaithe ar shárú na ngnóthas. I ndiaidh éisteachta, an 14 Iúil 2009, chinn an Breitheamh Onórach McKechnie go raibh an fógra ina shárú ar an gcéad ghnóthas, is é sin nár cheart praghsanna a mholadh dá gcomhaltaí. Ní raibh gá leis an gCúirt cinneadh a dhéanamh cibé acu an raibh sé ina shárú ar an Acht Iomaíochta 2002 nó nach raibh sna himthosca sin.

Chun leorghníomh a dhéanamh ina ndíspeagadh, ghabh an LVA agus an VFI leithscéal leis an Ard-Chúirt; gheall siad go gcuirfidís deireadh leis an reo praghsanna láithreach, go gcuirfidís in iúl dá gcuid comhaltaí láithreach go raibh deireadh ag teacht leis an mbeartas agus go bhfoilseoidís preaseisiúint i dtrí nuachtán Domhnaigh ag míniú go raibh deireadh leis an mbeartas. Dámhadh a chuid costas ina n-iomlána ar an Údarás Iomaíochta san ábhar.

Is éard atá sa bhosca thíos (leathanach 22) ná alt ar reo praghsanna an LVA agus an VFI. Is é Cathaoirleach an Údaráis Iomaíochta, William Prasifka, a scríobh é agus foilsíodh san *Irish Examiner* é.

An tÚdarás Iomaíochta -v- Cumann Forbartha Thionscal na Mairteola (BIDS) agus daoine eile.

An 3 Samhain 2009, i ndiaidh breithiúnais ón CBE den 20 Samhain 2008, thug an Chúirt Uachtarach in Éirinn a breithiúnas inar chinn sí gur sháraigh comhaontú Chumann Forbartha Thionscal na Mairteola ("BIDS") Alt 101(1), CFAE (Sean-Airteagal 81(1) TEC). Chuir an Chúirt Uachtarach an chúis ar ais chuig an Ard-Chúirt chun a chinneadh ar sásaíodh coinníollacha Airteagal 101(3), CFAE (Sean-Airteagal 81(1) TEC).

Is éard a bhí sa chás, an tÚdarás Iomaíochta -v- Cumann Forbartha Thionscal na Mairteola & Duine eile (2006) IEHC 294 ná caingean sibhialta a thug an tÚdarás Iomaíochta ag líomhain gur sháraigh BIDS Alt 101 CFAE leis na pleananna ar ghlac sé leo chun tionscal mairteola na hÉireann a réasúnú. De réir na bpleananna sin thabharfadh na rannpháirtithe móra sa tionscal íocaíocht do na rannpháirtithe sin ("an lucht imeachta") a d'fhágfadh an tionscal go deonach. Mar chúiteamh ar an íocaíocht sin bheadh an lucht imeachta sásta a monarchana a dhíchoimisiúnú, staonadh ó aon tailte a

bhí bainteach leo a úsáid chun próiseála ar feadh tréimhse cúig bliana agus clásal gan dul in iomaíocht a shíniú maidir le próiseáil in aon áit in Éirinn. Chinn an Ard-Chúirt nach raibh sé mar chuspóir ag an gcomhaontú iomaíocht a chosc, a shrianadh ná a shaobhadh agus nach raibh an éifeacht sin aige.

Rinne an tÚdarás Iomaíochta achomharc chuig an gCúirt Uachtarach in aghaidh na breithe sin. Cuireadh tús leis an éisteacht achomhairc an 7 Márta 2007 agus cuireadh ar fionraí í an 8 Márta tar éis don Chúirt Uachtarach tagairt don Chúirt Bhreithiúnais Eorpach ("CBE") de bhun Alt 234 EC, ag fiafraí an raibh sé de chuspóir seachas d'éifeacht ag comhaontú mar a bhí i scéim BIDS iomaíocht a chosc, a shrianadh nó a shaobhadh contrártha d'Airteagal 101(1) CFAE.

An 20 Samhain 2008, chinn an CBE go raibh sé mar chuspóir ag BIDS iomaíocht a shrianadh agus mar sin nach raibh sé ag teacht le hAirteagal 101(1) CFAE. Luann an breithiúnas " *Tá sé mar chuspóir ag comhaontú leis na gnéithe atá ag an bhfoirm chaighdeánach chonartha a cuireadh i gcrích idir na deich bpríomhphróiseálaí mairteola agus laofheola in Éirinn, atá ina mbaill de Chumann Forbartha Thionscal na Mairteola agus a éilíonn laghdú de 25% in acmhainn phróiseála iomaíocht a chosc, a shrianadh nó a shaobhadh laistigh de bhrí Airteagal 81(1) EC*".

Ar an 3 Samhain 2009, chinn an Ard-Chúirt in Éirinn gur sháraigh BIDS Alt 101(1) TFU.

Chuir an Chúirt Uachtarach an cás ar ais chuig an Ard-Chúirt chun a chinneadh ar sásáíodh coinníollacha Airteagal 101(3) CFAE. Is féidir comhaontú a sháraíonn Airteagal 101(1) CFAE, mar chomhaontú BIDS, a cheadú faoi Airteagal 101(3) má shásáítear ceithre choinníoll charnacha agus má tá na buntáistí a bhaineann leis an gcomhaontú níos mó ná na héifeachtaí diúltacha atá aige. Is ar an bpáirtí atá ag brath ar an gcosaint in Airteagal 81(3) atá an dualgas cruthúnais. Tá an cás ar feitheamh anois.

Go raibh maith agat ach ní ghlacaim leis, go raibh maith agat: Tá reo praghsanna na dtábhairneoirí i gcoinne an tomhaltóra

William Prasifka, Cathaoirleach, An tÚdarás Iomaíochta
Foilsithe san *Irish Examiner*, 6 Márta 2009

An 1 Nollaig 2008 d'éisigh Licensed Vintners Association ("LVA") agus Vintners Federation of Ireland (VFI), an dá phríomhchomhlachas trádála a dhéanann ionadaíocht ar son tábhairneoirí in Éirinn, comh-phreaseisiúint ag fógairt "reo praghsanna dí ar feadh bliana i dtithe tábhairne le cur i bhfeidhm láithreach". "Cheers" a bhí mar cheannlíne simplí i gceann de na nuachtáin náisiúnta an lá arna mhárach. Bhuel go raibh maith agat ach ní ghlacaim leis go raibh maith agat.

Tá iarracht déanta ag cumainn na dtábhairneoirí a léiriú gur ar mhaithe leis an tomhaltóir atá an reo praghsanna atá á chur i bhfeidhm ag a gcuid comhaltaí. Ina gcomh-phreaseisiúint maíonn na tábhairneoirí go bhfuil an tiomantas á dhéanamh acu mar gheall ar chúrsaí eacnamaíochta a bheith ag dul in olcas agus an méadú atá ag teacht ar an mbrú atá ar chaiteachas tomhaltóirí agus mar gheall air sin go raibh fonn ar thábhairneoirí a gcion féin a dhéanamh. Nach gceapfá gur scéal le dealramh é sin? Chun an bealach a ndéanann an beart seo dochar do thomhaltóirí a fheiceáil is gá dúinn seasamh siar tamall agus machnamh a dhéanamh ar na himpleachtaí a bhaineann leis an eacnamaíocht a bheith ag dul in olcas.

Tá sé simplí. Tá praghsanna ag titim. Dar leis an bPríomh-Oifig Staidrimh thit praghsanna thart ar 1% idir mí na Nollag agus mí Eanáir de réir mar a thomhaistear iad leis an Innéacs Praghsanna do Thomhaltóirí. Sa chomhthéacs seo níl sé inchreidte gur chun leasa tomhaltóirí a bheadh aon reo praghsanna. I ndáiríre, is dócha go gcuirfeadh tábhairneoirí i gcoinne brúnna díbhoilscithe san eacnamaíocht, in ionad praghsanna a ísliú mar a dhéanfadh gnólachtaí a bheadh in iomaíocht le chéile de ghnáth. Ar an mbealach seo, ní

bhaineann tomhaltóirí leas as praghsanna níos ísle mar a bheifí ag súil leis go réasúnach sna cúinsí eacnamaíochta atá ann faoi láthair agus a bheidh ag leanúint ar aghaidh is dócha.

Ní gá an príomhphointe maidir le praghsanna a bheith ag titim a threisiú a thuilleadh ach tugann sé léargas dúinn mar sin féin. Níos luaithe an tseachtain seo d'fhógair an rialtas go raibh praghsanna fuinnimh chun titim 10%. Tá luachanna cíosa ag titim mar gheall go bhfuil an margadh réadmhaoine ag éirí níos laige. Chomh maith leis sin, tá an margadh saothair níos boige agus tá íslíú ag teacht ar rátaí pá. Is costais iad seo ar fad a bhíonn ar thábhairneoirí. Níl ach toradh amháin ar laghdú costas móide reo praghsanna - corrlaigh brabúis níos mó do thábhairneoirí.

Ní inní faoina raibh ag tarlú i dtionscal na ndeochanna amháin a spreag an tÚdarás Iomaíochta chun gníomhú maidir leis an reo praghsanna a d'fhógair cumainn na dtábhairneoirí. Dá nglacfaí leis an mbeartas chun praghsanna a reo in earnálacha eile san eacnamaíocht, bheadh tomhaltóirí agus gnólachtaí araon thíos leis. Ba chóir go mbeadh tomhaltóirí agus gnólachtaí ag súil go hiomlán le tairbhe a bhaint as praghsanna a bheith ag íslíú.

Is fiú an pointe deiridh seo a dhéanamh. Mhaígh comhlachais na dtábhairneoirí nach bhfuil an reo praghsanna éigeantach, agus go bhfuil sé de chead ag tábhairneoirí fós luach deochanna a shocrú ina n-áitribh féin. Mar sin féin, dar leis an bpreaseisiúint a chuir siad amach bhí "an reo praghsanna á chur chun cinn go mór ag na comhaltaí", glacadh leis mar thoradh ar "chomhairliúchán forleathan" agus bhí siad ag cur " [a gcuid] comhaltaí faoi ghealltanais gan praghas deochanna a ardú ón leibhéal a bhfuil siad aige faoi láthair sna dhá mhí dhéag atá ag teacht." Dar le cumainn na dtábhairneoirí iad féin, mar sin, táthar ag súil go gcloífear go forleathan leis an reo praghsanna. Tá sé neamhábhartha den chuid is mó gur fógraíodh an reo praghsanna go poiblí agus go maítear nach bhfuil sé éigeantach. Is é an toradh atá air ná ceann de na gnéithe is tábhachtaí den iomaíocht a shrianadh - praghas agus dá réir sin luach do thomhaltóirí.

Ó tharla gur tugadh an méid sin poiblíochta don cheist seo agus go raibh cuid mhór cainte i measc an phobail uirthi, go háirithe ón LVA agus an VFI, dheimhnigh an tÚdarás Iomaíochta inné go poiblí go raibh siad tar éis scríobh chuig an dá chomhlachas trádála ag iarraidh orthu "stad agus scor" de bheith ag cur an reo praghsanna comhordaithe i bhfeidhm, sin nó go dtabharfadh an tÚdarás Iomaíochta caingean chúirte in n-aghaidh. Tá iarrtha ag an Údarás Iomaíochta ar an LVA agus an VFI a shonrú i scríbhinn pé acu an bhfuil sé ar intinn acu ceanglais an Údaráis Iomaíochta maidir le "stad agus scoir" a chomhlíonadh nó nach bhfuil faoin 20 Márta 2009.

Tá an tÚdarás Iomaíochta ag glacadh na gcéimeanna seo chun tomhaltóirí a chosaint agus chun cuidiú leo tairbhe iomlán a bhaint as iomaíocht. Tá an timpeallacht eacnamaíoch atá ann faoi láthair ag cur as don phobal ar fad – An bhfuil sé iomarcach a iarraidh go bhfaigheadh tomhaltóirí cion cothrom de cheann de na buntáistí, ar beag a líon, a bhaineann leis na cúinsí eacnamaíochta atá againn faoi láthair - is é sin íslíú praghsanna?

Imscrúduithe Sibhialta atá dúnta

Le linn 2009 chríochnaigh an tÚdarás Iomaíochta roinnt imscrúduithe. Seo a leanas sampla ionadaíoch de ghearáin a líomhnaíonn iompar frithiomaíoch agus an beart a chuir an tÚdarás i gcrích ina dhiaidh sin.

Árachas Gluaisteán

Dhún an tÚdarás Iomaíochta líon imscrúduithe le linn 2009 maidir le comhaontuithe áirithe a rinneadh idir cuideachtaí árachas gluaisteán ("árachóirí") agus deisitheoirí "faofa" gluaisteán. Éascaíonn na comhaontuithe deisiú feithiclí atá faoi árachas, ag

deisitheoirí gluaisteán atá faofa ag na cuideachtaí árachais. Chinn an tÚdarás Iomaíochta nach sáraíonn na comhaontuithe seo an tAcht Iomaíochta 2002.

Thángthas ar an gcinneadh seo ar an mbonn nach bhfuil aon dualgas coitinn ar árachóirí faoin dlí iomaíochta déileáil le gach deisitheoir sa mhargadh deisithe gluaisteán ná iad a fhaomhadh, is féidir leis na héilitheoirí atá faoi árachas dul chuig na deisitheoirí gluaisteán is rogha leo féin agus tá sé i gceist ag an gcóras deisitheora faofa leas a dhéanamh don árachóir, do na deisitheoirí faofa agus do na tomhaltóirí a chuireann a gcuid feithiclí faoi árachas. Ceaptar go bhfabhraíonn buntáistí ar cheithre phríomhbhealach:

- Roghnaíonn an t-árachóir deisitheoirí faofa ar an mbonn go sásaíonn na deisitheoirí caighdeáin cháilíochtúla éagsúla, mar láthair, réasúntacht costas, inniúlacht agus comhsheasmhacht na ndeisiúcháin agus cáilíocht na seirbhísí agus na n-áiseanna do chustaiméirí;
- Baineann an deisitheoir faofa agus an t-árachóir leas as forchostais riaracháin níos ísle trí shocruithe níos éifeachtaí a dhéanamh chun déileáil lena chéile, lena n-áirítear ullmhúcháin agus measúnú, luachana deisiúcháin agus íocaíochtaí a dhéanamh agus a fháil;
- Ráthaíonn an t-árachóir íosmhéid oibre do na deisitheoirí faofa. Mar gheall go mbíonn níos mó oibre ar fáil dóibh ar bhonn níos seasta, is féidir le deisitheoirí faofa buntáiste a bhaint as costais deisiúcháin níos ísle mar thoradh ar bharrainneacht scála. Mar mhalairt, faigheann an t-árachóir lascaire ar na gnáthrátaí saothair a bheadh le híoc le deisitheoir as ucht an t-éileamh faoi árachas a dheisiú; agus,
- Baineann na tomhaltóirí atá faoi árachas buntáiste as na comhaontuithe idir árachóir agus deisitheoirí faofa i ndeireadh na dála. Is é an buntáiste is mó a fhabhraíonn tomhaltóirí ná gur féidir le hárachóirí préimheanna árachais níos ísle a bhaint amach mar gheall ar chostais níos ísle a bheith orthu féin de bharr na gcomhaontuithe seo.

Córais Bhainistíochta Foirgneamh

Le linn 2009 dhún an tÚdarás Iomaíochta imscrúdú maidir le deisiúcháin agus cothabháil ar chórais bhainistíochta foirgneamh tar éis gealltanais áirithe a bheith tugtha go réiteofaí an gearán a bhain leis. Is córais bhogearraí iad córais bhainistíochta foirgneamh a cheadaíonn córais teasa, córais aeraithe agus córais aeroiriúnaithe a smachtú go lárnach i bhfoirgnimh thráchtála agus thionsclaíochta. Is gá rochtain a bheith ar na bogearraí smachtaithe chun córais bhainistíochta foirgneamh a dheisiú. Bhain an sárú líomhainte leis na coinníollacha a bhain le rochtain a fháil ar na bogearraí smachtaithe seo.

Déanann “suimeálaithe córas” táirgí do chórais bhainistíochta foirgneamh a shuiteáil i bhfoirgnimh úsáideoirí deiridh. Faomhann úinéir bhogearraí na gcóras bainistíochta foirgneamh na suimeálaithe córas agus cuirtear ar phainéal iad ónar féidir le conraitheoirí tógála iad a roghnú. Caithfidh deisitheoirí córas bainistíochta foirgneamh suimeálaithe córas a fháil ar fhochonradh ón bpainéal faofa chun rochtain a fháil ar na córais. Líomhnaíodh gur chuir na socruithe seo srian le smacht ar cháilíocht na seirbhísí deisiúcháin agus cothabhála a raibh na deisitheoirí freagrach astu agus ina theannta sin bhí costais dhúbailte ar úsáideoirí na bhfoirgneamh de bhrí go raibh orthu suimeálaithe córas faofa a fháil ar fhochonradh.

Chun aghaidh a thabhairt ar an gceist seo, mhol an chuideachta ar leo bogearraí na gcóras bainistíochta foirgneamh painéal deisiúcháin agus cothabhála faofa a bhunú dá gcuid táirgí suiteáilte. Thabharfaí "tithe cothabhála" ar bhail an phainéil. Chuirfí traenáil ar fáil do na tithe cothabhála seo chun rochtain a dhéanamh ar bhogearraí na gcóras bainistíochta foirgneamh agus mar sin níor ghá suimeálaithe córas a bhí faofa a fháil ar fhochothradh. Cheadódh sé seo níos mó smachta ar sheirbhísí deisiúcháin agus cothabhála agus sheachnódh sé costais dhúbailte gan ghá a bheith ar úsáideoirí deiridh.

Tréigeadh an moladh chun tithe cothabhála a bhunú agus d'ardaigh deisitheoir éagóirithe an cheist leis an Údarás Iomaíochta. I ndiaidh don Údarás Iomaíochta an cheist a fhiosrú, thug an chuideachta ar leo bogearraí na gcóras bainistíochta foirgneamh gealltanas don Údarás Iomaíochta an socrú maidir leis an teach cothabhála a athmhúscailt. Rinne sé sin an cheist a réiteach go héifeachtach.

Aerthaisteal

In 2009 rinne aerlíne a bhí in iomaíocht leo líomhaintí go raibh praghsáil chreiche ar siúl ag Ryanair ar eitiltí ar an mbealach idir Baile Átha Cliath agus Corcaigh. Tarlaíonn praghsáil chreiche nuair a dhíolann cuideachta ceannasach a cuid táirgí nó seirbhísí ar chaillteanas sa ghearrthéarma chun iad siúd atá in iomaíocht leo a dhíothú agus a bheith in ann ansin praghsanna níos airde a bhaint amach san fhadtéarma, chun aimhleas na dtomhaltóirí. Is éard is praghsáil chreiche ann ná mí-úsáid a bheith á baint as ceannasacht.

Mar chéad chéim ba ghá a mheas an bhfuil áit cheannasach ag Ryanair sa mhargadh ábhartha. Rinneadh imscrúdú dian ar na roghanna iompair ar fad a bhí ar fáil ar an mbealach idir Baile Átha Cliath agus Corcaigh (lena n-áirítear roghanna taistil ar bhóthar, ar iarnród agus ar bhus chomh maith le haerthaisteal) agus chinn an tÚdarás Iomaíochta nach raibh áit cheannasach ag Ryanair le linn na tréimhse ama a bhí i gceist. Ó tharla gur glacadh leis an tuairim sin níorbh fhéidir a mheas go raibh iompar Ryanair creachach. Dá réir sin chuir an tÚdarás Iomaíochta críoch lena n-imscrúdú gan aon bheart eile a dhéanamh.

Treoir maidir le Feidhmiú Dhlí na hIomaíochta

D'fhoilsigh an tÚdarás Iomaíochta trí fhógra treorach ("Fógra") agus Nóta Cinnidh Forfheidhmithe ("Nóta Cinnidh") in 2009, de bhun alt 30(1)(d) den Acht Iomaíochta 2002.

Foilsíonn an tÚdarás Iomaíochta Fógraí chun treoir phraiticiúil a chur ar fáil chun an tAcht Iomaíochta 2002 a chomhlíonadh. Is mar threoir amháin a chuirtear na Fógraí ar fáil. Níl aon cheangal dlí ag gabháil leo.

Ní fhoilsíonn an tÚdarás iomaíochta Nótaí Cinnidh ach amháin ar imscrúduithe roghnaithe:

- a chruthaíonn fasach;
- atá ar mhaithe le leas an phobail (mar shampla, má tá an t-imscrúdú san fhearann poiblí agus má tá go leor díospóireachta agus plé ar an gceist); agus
- a ardaíonn ceisteanna suimiúla nó casta.

Ar aon dul le Fógraí, is mar threoir amháin a chuirtear na Nótaí Cinnidh ar fáil agus níl aon cheangal dlí ag gabháil leo.

Fógra Treorach agus Nóta Cinnidh Forfheidhmithe ar Eisiachas maidir le Córas Teilifíse Iníoctha i bhForbairtí Árasán.

An 14 Lúnasa 2009 d'fhoilsigh an tÚdarás Iomaíochta Fógra agus Nóta Cinnidh maidir le cleachtais fhrithiomaíochta i soláthar córais teilifíse iníoctha d'fhorbairtí árasán. Leagann Nóta Cinnidh an Údaráis Iomaíochta amach go mion an bunús dlí atá lena chinneadh agus is é an cuspóir atá le Fógra Treorach an Údaráis Iomaíochta ná achoimre den chinneadh a thabhairt do thomhaltóirí i mBéarla simplí agus tomhaltóirí a chur ar an eolas faoina gcearta.

Le deich mbliana anuas, tá cónaí in árasán faighte i bhfad níos coitianta in Éirinn, go háirithe i mBaile Átha Cliath agus sna contaetha máguaird. Le blianta beaga anuas, tá thart ar 200 gearán faighte ag an Údarás Iomaíochta ó chónaitheoirí i bhforbairtí árasán nach raibh ar a gcumas soláthraithe córais teilifíse a athrú. An chúis a bhí le formhór na ngearán seo ná nárbh fhéidir le cónaitheoirí na n-árasán soláthraí an chórais teilifíse iníoctha a athrú mar gheall ar chomhaontuithe eisiachais, a rinneadh le linn chéim na tógála, idir soláthraí an chórais teilifíse iníoctha agus an forbróir.

Chuir an tÚdarás imscrúdú grinn ar an earnáil seo i gcrích agus fuair sé eolas ó líon mór soláthraithe córais teilifíse iníoctha, cuideachtaí tógála, cuideachtaí dlíodóirí, údaráis iomaíochta ó bhallstáit eile an AE, údaráis áitiúla agus líon de ghníomhaireachtaí Stáit ábhartha in Éirinn (lena n-áirítear an Ghníomhaireacht Náisiúnta do Thomhaltóirí, ComReg, an Coimisiún um Athchóiriú an Dlí, Comhlacht Comhairleach na Rialachán Foirgníochta agus an tÚdarás Rialála Seirbhísí Maoine). De bharr go raibh líon ard gearán agus gur ghin imscrúdú an Údaráis Iomaíochta líon suntasach sonraí, chuir an tÚdarás Iomaíochta cuid mhaith ama agus acmhainní ar fáil don imscrúdú seo.

I ndiaidh don eolas ábhartha ar fad a bheith bailithe agus comhordaithe, chinn an tÚdarás Iomaíochta nach dócha go sáródh comhaontuithe eisiachais an tAcht Iomaíochta 2002 nuair nach mbíonn siad thar dhá bhliain ar fad. An chúis atá leis seo ná go mbíonn ar sholáthraithe na gcórais teilifíse iníoctha costais bháite atá ard a sheasamh nuair a bhíonn siad ag suiteáil infreastruchtúr tiomnaithe i bhforbairtí árasán. Gan tréimhse eisiachais teoranta a bheith ann, ní dócha go mbeadh aon soláthraí seirbhíse sásta dul sa seans ag suiteáil infreastruchtúr gan sruth ioncaim a bheadh ráthaithe. Chuir an tÚdarás Iomaíochta in iúl, sa chás nach bhfuil comhaontuithe níos faide ná dhá bhliain, go ndéanfar iad a mheas cás ar chás. Chomh maith leis sin, chuir an tÚdarás Iomaíochta in iúl ina Fhógra Treorach go leanfaidh sé ar aghaidh ag iarraidh céimeanna reachtacha agus rialála a d'fhéadfaí a ghlacadh chun iomaíocht a éascú maidir le córais teilifíse iníoctha a sholáthar chuig forbairtí árasán.

I ndiaidh dá Fhógra Treorach agus dá Nóta Cinnidh a bheith foilsithe, tá an tÚdarás Iomaíochta ag leanúint de bheith ag scrúdú cásanna ina bhféadfadh sé go mbeadh eisiachas maidir le córais teilifíse iníoctha ag forbairtí árasán áirithe frithiomaíoch.

Fógra Treorach maidir le comhghníomhaíocht in Earnáil na Cógaslainne Pobail

An 23 Meán Fómhair 2009 d'fhoilsigh an tÚdarás Iomaíochta "Fógra maidir le comhghníomhaíocht in Earnáil na Cógaslainne Pobail". Cuireann an Fógra treoir ar fáil maidir le feidhmiú dhlí na hiomaíochta in Éirinn agus san Eoraip i leith conraitheoirí cógaslainne pobail agus gairmithe cúram sláinte eile, agus iad ag dul i dteagmháil le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte ("FSS"). Go háirithe, déanann an Fógra soiléiriú ar na teorainneacha a chuireann dlí na hiomaíochta le comhghníomhaíocht ó ghairmithe sláinte atá féinhostaithe i ndáil le tosca tábhachtacha iomaíochta cosúil le táillí.

Foilsíodh an Fógra i gcomhthéacs comhairliúcháin phoiblí a sheol an tÚdarás Iomaíochta i mí Dheireadh Fómhair 2008, maidir le comhghníomhaíocht san earnáil chúraim shláinte. D'éisigh an tÚdarás Iomaíochta Fógra Treorach ar bhonn an eolais a fuarthas ón

gcomhairliúchán. Athshonraíonn an fógra moladh an Údaráis Iomaíochta go nglacfaí le “múnla an teachtaire” chun téarmaí agus coinníollacha conarthacha a shocrú.

Cuireann an Fógra san áireamh freisin breith Hickey¹⁶ agus an tAcht um Bearta Airgeadais Éigeandála ar mhaithe le Leas an Phobail (“Acht 2009”). Tharla cás cúirte Hickey nuair a thosaigh líon conraitheoirí cógaslainne caingne cúirte in aghaidh FSS, ag líomhain gur sáraíodh an comhaontú a bhí acu léi. Chinn an Chúirt gur sháraigh FSS an conradh mar go raibh sé de dhualgas ar an Aire Sláinte agus Leanaí dul i gcomhairle (ní dul i mbun idirbheartaíochta) le hAontas Cógaisíochta na hÉireann sula socrófaí na rátaí íocaíochta go haontaobhach. Chinn an Chúirt freisin nach raibh an dualgas seo chun dul i gcomhairle contrártha d'alt 4(1) den Acht Iomaíochta 2002 ar an mbonn nach raibh aon dualgas maidir le dul i mbun idirbheartaíochta.

De bhun Acht 2009, féadfaidh an tAire Sláinte agus Leanaí, le toiliú an Aire Airgeadais, na táill a íoctar le gairmithe sláinte maidir leis na seirbhísí a chuirtear ar fáil a laghdú go haontaobhach. Féadfaidh an tAire Sláinte agus Leanaí dul i gcomhairle le hionadaithe gairmithe sláinte nó le daoine eile sula laghdófar an ráta íocaíochta, mar sin féin, tá sé sonraithe go sainráite nach bhfuil dada san Acht Iomaíochta a chuirfidh cosc ar rannpháirtíocht sna comhairliúcháin sin.

Fógra Treorach ar Ghníomhaíochtaí Comhlachais Trádála agus Comhlíonadh Dhlí na hIomaíochta

Tugann an Fógra ar Chomhlachais Trádála, a foilsíodh ar an 9 Samhain 2009, eolas do lucht gnó agus do chomhlachais trádála faoi na teorainneacha a chuireann dlí na hiomaíochta ar chomhghníomhaíocht nó ar ghníomhaíocht chomhordaithe ó iomaitheoirí.

D’imscrúdaigh an tÚdarás Iomaíochta cásanna inar baineadh feidhm as comhlachais trádála chun iomaíocht a shrianadh, trí ghníomhaíocht dá sórt a chomhordú nó trí dheis a thabhairt d’iomaitheoirí teacht le chéile agus comhaontuithe frithiomaíocha a chur le chéile. Go deimhin, i ndáil le himscrúdú an Údaráis Iomaíochta agus ionchúiseamh cairtéil áirithe ag an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí fuarthas amach gur fóram áisiúil a bhí sna cruinnithe den chomhlachas trádála chun comhaontuithe neamhdhleathacha a dhéanamh idir na baill maidir le praghas socrú. Fuarthas ciontú coiriúil maidir le gníomhaíochtaí praghas socrú a bhí ar bun ag an gCónaidhm um Chur Chun Cinn Connaught Oil, Cónaidhm Déileálaithe Irish Ford agus Cónaidhm Déileálaithe Citroën. I gcás na dtrí Chairtéal, baineadh feidhm as cruinnithe de chomhlachais trádála mar ionad chun comhaontuithe praghas socrú a dhéanamh idir iomaitheoirí. Mar a luadh cheana féin, thionscain an tÚdarás Iomaíochta imeachtaí maidir le díspeagadh cúirte in aghaidh dhá chomhlachas trádála, Vintners Federation of Ireland (VFI) agus Licensed Vintners Association (LVA)

De bhrí go raibh imní ar an Údarás Iomaíochta maidir leis seo, díríonn an Fógra ar an gcaoi a dtéann dlí na hiomaíochta i bhfeidhm ar raon de ghníomhaíochtaí a bhíonn ar siúl ag comhlachais trádála agus a gcuid ball. Ar na cineálacha gníomhaíochtaí atá i gceist san fhógra tá

- Comhordú praghsanna;
- Comhordú ar Leithdháileadh margaidh;
- Baghcait chomhchoiteanna agus idirbheartaíocht chomhchoiteann;
- Páirtíocht i gcruinnithe frithiomaíocha; agus,
- Malartú eolais.

¹⁶ *Hickey agus eile v FSS [2007] 180 COM breithiúnas an 11 Meán Fómhair 2008*

Sainnithníonn an Fógra na cineálacha sin d'iompar cothrománach comhordaithe a bhfuil cosc iomlán ag dlí na hiomaíochta air, chomh maith le cineálacha iompair a mheasann an tÚdarás Iomaíochta a bheith ina dhíol suntasach imní. Laistigh de chatagóir na ngníomhaíochtaí comhordaithe, tá sé buanaithe go daingean go bhfuil cleachtais áirithe atá toirmiscthe go hiomlán – amhail socrú praghsanna – chomh maith le mórán cleachtas a bhféadfadh éifeacht frithiomaíoch a bheith acu agus atá toirmiscthe dá réir sin. Is éard is cuspóir leis an bhFógra, léargas éigin a thabhairt ar na tosaíochtaí forfheidhmithe a bheidh ag an Údarás Iomaíochta sa réimse sin agus páirtithe leasmhara a chur ar a n-aire maidir leis na cásanna a bhféadfaí a bheith ag súil go ndéanfadh an tÚdarás Iomaíochta gníomh forfheidhmithe ina leith.

Le linn 2010 músclóidh an tÚdarás Iomaíochta feacht i measc comhlachas trádála faoi na rioscaí maidir le comhlíonadh iomaíochta a bhaineann lena gcuid gníomhaíochtaí trí shraith I bunaithe ar an bhFógra seo.

Úsáid Cumhachtaí Forfheidhmithe

Chun cuidiú leis ina chuid imscrúduithe maidir le sárúithe líomhainte an Achta Iomaíochta 2002, féadfaidh an tÚdarás Iomaíochta faoi alt 31 toghairm a eisiúint agus/nó faoi alt 45 iarratas ar bharántais cuardaigh a dhéanamh chuig an gCúirt Dúiche. Le linn 2009 fuair an tÚdarás Iomaíochta trí bharántas cuardaigh agus d'fhorghníomhaigh siad iad i ndáil le himscrúduithe leanúnacha maidir le líomhaintí faoi iompar frithiomaíoch (Féach **Error! Not a valid bookmark self-reference.**), D'fhorghníomhaigh oifigigh údaraithe an Údaráis Iomaíochta na barántais cuardaigh seo. Thug Biúró an Gharda um Imscrúdú Calaoise agus comhaltaí logánta den Gharda Síochána cúnaimh

Chomh maith leis sin, d'eisigh an tÚdarás Iomaíochta 24 toghairm fhinné i rith na bliana. Féadfaidh an tÚdarás Iomaíochta toghairmeacha a eisiúint chun iallach a chur ar fhinnéithe teacht ina láthair, fianaise a thabhairt faoi mhionn agus/nó doiciméid a sholáthar. Is cionn faoi alt 31 den Acht Iomaíochta 2002 gan toghairm a chomhlíonadh.

Tábla 3 Úsáid Cumhachtaí Forfheidhmithe

Cumhacht Forfheidhmithe	2009	2008	2007	2006	2005	2004	2003	2002
Barántais Chuardaigh	3	7	10	9	42	24	21	18
Toghairmeacha	24	40	18	38	46	58	69	56

Tábla 4 Tábla 2: Cumhachtaí Imscrúdaithe & Forfheidhmithe an Údaráis Iomaíochta

Cumhachtaí Imscrúdaithe & Forfheidhmithe	Cur síos
Cineálacha Imscrúduithe	<ul style="list-style-type: none"> ▪ Imscrúduithe Coiriúla ▪ Imscrúduithe Sibhialta ▪ Measúnú ar Chumaisc
Iontáil agus Cuardach	Féadfaidh oifigigh údaraithe ón Údarás Iomaíochta aon fhoirgneamh nó aon áitreabh a chuardach le barántas arna eisiúint ag an gCúirt Dúiche.
Fianaise a urghabháil.	Féadfaidh oifigigh údaraithe ón Údarás Iomaíochta doiciméid/taifid a urghabháil de bhun barántais arna eisiúint ag an gCúirt Dúiche.
Toghairm a chur ar Fhinnéithe	<p>Féadfaidh an tÚdarás Iomaíochta toghairm a chur ar fhinné teacht ina láthair chun é nó í a scrúdú faoi mhionn agus a cheangal ar an bhfinné sin taifid agus eolas a sholáthar.</p> <p>Tá na díolúintí agus na pribhléidí céanna ag finnéithe agus atá ag finné os comhair na hArd-Chúirte.</p> <p>Cion coiriúil is ea neamh-chomhlíonadh.</p>
Imscrúduithe a thabhairt i gcrích	<ul style="list-style-type: none"> ▪ Ionchúiseamh Coiriúil (ar díotáil) – Arna thionscnamh ag an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí sa Phríomh Chúirt Choiriúil i ndiaidh don Údarás Iomaíochta imscrúdú a dhéanamh. ▪ Ionchúiseamh coiriúil (achomair) – Arna thionscnamh ag an Údarás Iomaíochta sa Chúirt Dúiche. ▪ Caingean Shibhialta – Arna thionscnamh ag an Údarás Iomaíochta san Ard-Chúirt chun iompar frithiomaíoch amhrasta a stad. ▪ Socrú gan caingean chúirte – Nuair a aithníonn na páirtithe atá i gceist sárúithe ionchasacha ar dhíl na hiomaíochta agus nuair a dhéanann siad iad a leigheas.
Fíneálacha Uasta & Pionóis	<ul style="list-style-type: none"> ▪ Coiriúil (ar díotáil sa Phríomh-Chúirt Choiriúil) €4 milliún nó 10% de láimhdeachas, cibé acu is mó, agus/nó suas le cúig bliana i bpríosún. ▪ Coiriúil (achomair sa Chúirt Dúiche) €3,000 agus/nó suas le sé mhí i bpríosún. ▪ Caingean Shibhialta (á tionscnamh ag an Údarás Iomaíochta) – Faoiseamh urghaire agus dearbhaitheach. ▪ Caingean Shibhialta (á tionscnamh ag páirtithe díobhálaíthe) – Urghaire, faoiseamh dearbhaitheach agus damáistí.

Caingne Príobháideacha faoi Alt 14 den Acht Iomaíochta, 2002

Tugadh caingne príobháideacha le gairid i gcúirteanna na hÉireann ag rá gur sáraíodh alt 4 agus/nó 5 den Acht Iomaíochta 2002 nó Airteagal 101 agus/nó 102 CFAE (Sean-Airteagal 81 agus 82 TEC). Fáiltíonn an tÚdarás Iomaíochta roimhe seo.

Cé nach cuid d'obair an Údaráis Iomaíochta é, is cuid thábhachtach den dlí iomaíochta an deis a thugtar do ghearánaithe príobháideacha faoi alt 14 den Acht Iomaíochta 2002 caingean shibhialta a thabhairt ag rá gur sáraíodh alt 4 nó 5 den Acht.

De réir alt 14 *"any person who is aggrieved in consequence of any agreement, decision, concerted practice or abuse which is prohibited under section 4 or 5 shall have a right of action."* Ceadáíonn sin don pháirtí gortaithe damáiste a lorg chomh maith le faoiseamh dearbhaithe agus/nó faoiseamh urghairthe sna cúirteanna.

Cuidíonn caingne príobháideacha an dlí a shoiléiriú agus is féidir leo daoine a chúiteamh má tharlaíonn caillteanas nó damáiste dóibh trí ghníomhaíocht fhrithiomaíoch gnóthas. Cuidíonn siad le feidhmiú poiblí an dlí iomaíochta trí bhac breise a chur ar iompar frithiomaíoch.

3. MEASTÓIREACHT AR CHUMAISIC AGUS AR FHÁLACHA

Úsáideann gnóthais cumaisc mar bhealach athstruchtúraithe le gur féidir leo dul san iomaíocht agus le go mbeidh rath orthu. D'fhéadfadh éifeacht dhiúltach bheith ag roinnt cumasc ar leas tomhaltóirí, áfach, a bhfeictear ardú praghsanna nó leibhéal níos ísle táirgeachta mar thoradh orthu, mar shampla. Is é sin le rá, téann iomaíocht i laghad agus bíonn tomhaltóirí (lena n-áirítear gnóthais) thíos leis.

Ní mór an tÚdarás Iomaíochta a chur ar an eolas faoi chumaisc a bhfuil méid airgid áirithe, nó níos mó, ag baint leo. Is é aidhm an Údaráis Iomaíochta athbhreithniú tráthúil a dhéanamh ar chumaisc ionas nach mbaintear moill as na cumaisc mhaithe. Ag an am céanna, déanann an tÚdarás Iomaíochta leas na dtomhaltóirí a chosaint agus tá an chumhacht aige cumasc a chosc má chinneann sé go bhfeicfeadh laghdú suntasach ar iomaíocht mar thoradh air.

In 2009, rinne an tÚdarás Iomaíochta athbhreithniú ar 27 cumasc agus fáil, ar tugadh fógra dóibh fúthu, agus cuireadh athbhreithniú i gcrích ar dhá idirbheart, a tháinig chun cinn ón mbliain 2008. Bhí coinne ag an Údarás Iomaíochta leis an laghdú a chonacthas ar líon na n-idirbheart, ar tugadh fógra dóibh fúthu (38 in 2007 i gcomparáid le 72 in 2007), mar thoradh ar an cor chun donais in Éirinn, agus ar na coinníollacha dochta creidmheasa atá i bhfeidhm timpeall an domhain ó Mheán Fómhair 2008.¹⁷

Rinneadh cinneadh an Údaráis Iomaíochta (2008), in *M/08/009 Kerry/Breero*, fáil bheartaithe Breero Foods Limited agus Breero Brands Limited, ag Kerry Group Plc, a aisiompú trí achomharc a rinneadh chuig an Ard-Chúirt in 2009. Ba é seo an chéad achomharc a rinneadh faoi chinneadh an Údaráis Iomaíochta faoi chumasc agus tháinig pointí suimiúla dlí anuas lena linn. Ina dhiaidh sin, rinne an tÚdarás Iomaíochta cinneadh na hArd-Chúirte a achomharc chuig an gCúirt Uachtarach nár éistíodh go fóill.

Chomh maith leis sin, in 2009, rinne an tÚdarás Iomaíochta a chuid nósanna imeachta um fhógraí, a chuid próiseas agus a caidreamh le páirtithe leasmhara a fheabhsú i ndiaidh suirbhé a rinneadh ar pháirtithe leasmhara, a choimisiúnaigh an tÚdarás Iomaíochta in 2008.

Suirbhé na bPáirtithe Leasmhara

In 2008, choimisiúnaigh an tÚdarás Iomaíochta 'Drury Research' le suirbhé a dhéanamh ar pháirtithe leasmhara le haiseolas a fháil faoi na réimsí seo a leanas de chuid na Údaráis: Nósanna imeachta um chumaisc (ii) an próiseas imscrúdaithe (iii) cinntí foilsithe; agus (iv) treoir agus comhairle a fháil faoi fhorálacha cumasc agus nósanna imeachta. Sholáthair 'Drury Research' a thuarascáil don Údarás Iomaíochta le linn na chéad ráithe den bhliain 2009.

Cuireadh béim sa suirbhé ar ghnéithe éagsúla dearfacha a bhaineann le próisis agus le foireann Roinn na gCumasc, ar nós iad seo a leanas:

- Foireann phroifisiúnta agus shofreagrach;
- Foireann shocaideartha agus chabhrach;

¹⁷ Mar a tuairiscíodh anuraidh, d'fhéadfadh an laghdú maidir le 2007 agus roimhe sin a chur i leith (i) athléirmhíniú an Údaráis Iomaíochta ar an bhfógra tairsí "carries on business", is é sin go gcaithfidh díolacháin €2 mhilliún ar a laghad bheith ag gnóthas ar an oileán, nach bhfuil lonnaithe ann, don bhliain airgeadais is déanaí, Uimhir Chinnidh N/02/003 *Notice in respect of certain terms used in Part 3 of the Competition Act 2002 (arna leasú, an 12 Nollaig 2006)* agus mar atá ar fáil ar láithreán gréasáin an Údaráis Iomaíochta www.tca.ie; agus (ii) leasú a rinne Ordú ón Aire I.R. 122 of 2007 ar na critéir riachtanacha i gcomhair fógraí do chumaisc lena mbaineann gnóthais na meán.

- Roinn a bhainistítear go héifeachtúil; agus
- Nósanna imeachta atá de réir dea-chleachtas idirnáisiúnta.

Chomh maith leis sin, cuireadh béim sa suirbhé ar réimsí áirithe ar féidir a fheabhsú ó thaobh na feidhmíochta de, lena n-áirítear:

- Go mbainfí úsáid níos fearr as nósanna imeachta um réamhfhógraí agus go mbeadh plé níos oscailte agus níos suntasaí eatarthu le cabhair a thabhairt do pháirtithe atá i mbun cumaisc (agus do thríú páirtithe) an t-eolas riachtanach a sholáthar;
- Go rachaidís i ngleic le páirtithe chomh luath agus a bheadh fógra faighte acu;
- Go gcuirfí le heolas na n-Oifigeach Cáis i Roinn na gCumasc ar mhargaí agus ar earnálacha. Chuirfeadh sé sin le cur chuige gnó níos praiticiúla a bhunú agus athbhreithniú á dhéanamh ar idirbhearta, a dtugtar fógra dóibh;
- Go ndéanfaí rannán na gCumasc ar láithreán Gréasáin an Údaráis Iomaíochta a shimpliú agus a thabhairt cothrom le dáta; agus
- Go ndéanfaí foirm fógra na gCumasc a thabhairt cothrom le dáta agus go mbeadh sé níos cuimsithí.

Chuir freagróirí an tsuirbhé in iúl go raibh imní orthu faoin líon íseal foirne i Roinn na gCumasc, agus faoi na himpleachtaí a bhaineann leis sin ó thaobh feidhmíochta de, i Roinn na gCumasc go háirithe, i gcás fógraí comhuaineacha mar shampla.

Déanann an tÚdarás Iomaíochta gach dícheall i gcónaí a chuid feidhmíochta a bheith ar ardleibhéal agus athbhreithniú á dhéanamh ar chumaisc. Déanann siad gach dícheall, más féidir, feidhmíocht a fheabhsú agus sláine fheidhm athbhreithnithe cumasc an Údaráis á chothú ag an am céanna. I Ráiteas Straitéise an Údaráis Iomaíochta 2009 – 2011, cuirtear béim ar thiomantas an Údaráis d'athruithe inmhianaithe a chur i bhfeidhm, ar athruithe iad a aithníodh i suirbhéanna dá leithéid.

Rinne an tÚdarás Iomaíochta na nithe seo a leanas in 2009:

- Baineadh úsáid níos mó as próisis na réamhfhograí mar mhodh chun ceisteanna a aithint go luath, a dteastaíonn eolas breise nó eolas faoi leith uathu;
- Cuireadh meicníochtaí i bhfeidhm le cinntiú go ndéantar anailís ar fhógraí, tar éis dóibh iad a fháil, gan aon mhoill mhíchuí a bheith ann agus go ndéantar iad a phróiseáil a luaithe is féidir ina dhiaidh. In 2009, laghdaíodh an tréimse ama, i gcomhair chinntí Chéim 1 a dhéanamh, go 22 lá ar an meán i gcomparáid le 27 lá ar an meán a bhí i bhfeidhm sa tréimhse cúig bliana roimhe sin;
- Le linn phróisis athbhreithnithe na gcumasc, bhíothas i dteagmháil le páirtithe ar bhonn níos minice, trí níos mó cuairteanna a thabhairt ar láithreacha go háirithe;
- Soláthraíodh oiliúint d'fhoireann an Údaráis Iomaíochta le go mbeidh tuiscint níos fearr acu ar phróiseas na gcumasc ó pheirspictíocht na bpáirtithe atá i mbun cumaisc; agus
- Cuireadh feabhas ar rannán 'Cumaisc agus Fálacha' Láithreán Gréasáin an Údaráis Iomaíochta ar na slite seo a leanas:
 - Rinneadh idirdhealú ar dhoiciméid reachtacha agus doiciméid de chuid an Údaráis Iomaíochta;

- Cuireadh naisc láithreán Gréasáin san áireamh chuig doiciméid reachtaíochta agus treorach cuí; agus
- Rinneadh idirdhealú ar na fógraí a bhfuil athbhreithniú á dhéanamh orthu faoi láthair agus na fógraí a ndearnadh cinneadh fúthu cheana.

Sa bhliain 2010, agus amach anseo, beidh an tÚdarás Iomaíochta ag déanamh a ndíchill feidhmíocht a fheabhsú agus a chothú, ó thaobh na gceisteanna thuas de.


Sa bhliain 2009, níor thug an tÚdarás Iomaíochta aghaidh ar an gceist athbhreithnithe ó thaobh na bhfoirmeacha fógraí de ná ó thaobh na dtreoracha athbhreithnithe cumasc de. Níl sé beartaithe athbhreithniú a dhéanamh ar na foirmeacha fógraí ná ar na treoracha athbhreithnithe cumasc go dtí go bhfoilseofar reachtaíocht faoi chónascadh an Údaráis Iomaíochta agus na Gníomhaireachta Náisiúnta do Thomhaltóirí.

Fógraí i dtaobh Cumasc a rinneadh sa bhliain 2009

Mar a shonraítear san Acht Iomaíochta, 2002, ní mór fógraí a thabhairt don Údarás Iomaíochta i dtaobh cumasc páirtithe, a chomhlíonann tairseacha áirithe airgeadaíochta. Maidir le gnóthais áirithe na meán, áfach, ní mór fógraí a thabhairt ina dtaobh i gcónaí, is cuma faoin láimhdeachas a bhíonn i gceist.

Sa bhliain 2009, tháinig laghdú beag ar líon na gcumasc agus na bhfálacha, ar tugadh fógra don Údarás Iomaíochta ina dtaobh, i gcomparáid leis na blianta roimhe sin. Tá an fhéidearthacht ann go dtiocfaidh méadú ar ghníomhaíochtaí cumasc i gcás athshlánú geilleagrach intíre/domhanda a bheith ann, agus mar thoradh ar an gcinnteacht a thagann as bunú na Gníomhaireachta 'National Assets Management Agency (NAMA)'.

Figiúr1: Comparáidí míosúla ar na fógraí a fuair an tÚdarás Iomaíochta idir 2007 agus 2009



In Aguisín B, tugtar liosta iomlán de na fógraí a fuair an tÚdarás Iomaíochta i dtaobh cumasc in 2009. Tugtar cuntas ar staitisticí áirithe thíos, faoin meastóireacht a rinne an tÚdarás Iomaíochta ar chumasc agus ar fhálacha:

- Cuireadh fógraí faoi bhráid an Údaráis Iomaíochta i dtaobh 27 cumasc;
- Chuir an tÚdarás Iomaíochta a gcuid oibre ar dhá idirbheart i gcrích, ar tugadh fógraí ina dtaobh in 2008 agus a raibh spriocdhátaí don bhliain 2009 ag baint leo;
- Rinneadh anailís ar gach idirbheart taobh istigh den tréimhse ama reachtach;
- Cuireadh 23 as an 27 fógra, a fuarthas i dtaobh cumasc in 2009, i gcrích le linn an chéad imscrúdaithe (Céim 1), taobh istigh de mhí fhéilire amháin;
- Tugadh trí fhógra i dtaobh cumasc chun cinn go 2010;
- Chuir an tÚdarás Iomaíochta tús le himscrúdú iomlán amháin (Céim 2) in 2009. Bhí an cumasc, a ceadaíodh, faoi réir coinníollacha áirithe ina dhiaidh; agus
- Chonacthas laghdú ar líon na bhfógraí i dtaobh cumasc páirithe sa mheán sa bhliain 2009. Cuireadh fógraí i dtaobh dhá chumasc dá leithéid faoi bhráid an Údaráis Iomaíochta in 2009, i gcomparáid le cúig chumasc sa bhliain 2008.

Tá staitisticí níos iomláine ar fáil in Aguisín C faoi na cumaisc a ndearnadh meastóireacht orthu idir 2007 agus 2009.

Cumasc a raibh Imscrúdú Iomlán (Céim 2) ag teastáil uathu

Ní mór don Údarás Iomaíochta imscrúdú mionsonraithe (imscrúdú Chéim 2) a dhéanamh ar idirbheart, má theipeann orthu a mheas an bhfeicfear leibhéal suntasach níos lú iomaíochta mar thoradh air. In 2009, chuir an tÚdarás Iomaíochta tús le himscrúdú amháin de chuid Chéim 2, mar a dtugtar cuntas air thíos.

Metro/Herald

An 17 Iúil 2009, cuireadh fógra faoi bhráid an Údaráis Iomaíochta i dtaobh idirbheart beartaithe - *M/09/013 Metro/Herald AM*. Dá n-éireodh leis an idirbheart sin, bheadh iad seo a leanas freagrach as comhrialú *Fortunegreen Limited* ("Fortunegreen"), a fhoilsíonn *Metro: Irish Times Limited* ("ITL"), *DMG Ireland Holdings Limited* ("DMG") agus *Independent Newspapers (Éire) Limited* ("Independent"), ar foilsitheoir *Herald AM* é. Ag an am a rinneadh an fógra, bhí Fortunegreen faoi smacht ITL agus DMG, a raibh scairshealbhán 45% ag an dá cheann acu, i dteannta Metro International a raibh scairshealbhán 10% aige.

Ba é an margadh lenar bhain an t-idirbheart beartaithe ná margadh na fógraíochta taispeána do nuachtáin laethúla, idir nuachtáin saor in aisce agus nuachtáin a íoctar astu, i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath. Sa mhargadh seo, ba iad *Metro* agus *Herald AM* na hiomaitheoirí ba mhó, ach bhí orthu dul san iomaíocht le nuachtáin a n-íoctar astu chomh maith i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath, ar nós an *Evening Herald* agus *The Independent*.

Ba é conclúid an Údaráis Iomaíochta go raibh trí ghné den idirbheart beartaithe ina n-ábhar cúraim, mar atá a leanas:

- Laghdófar cumas *Fortunegreen* dul san iomaíocht go héifeachtúil i margadh na fógraíochta taispeána;
- Chruthófaí fórum a chuirfeadh le hacmhainn comhordaithe pháirtithe leasmhara *Fortunegreen*; agus
- Chruthófaí fórum a chuirfeadh le hacmhainn comhordaithe *Fortunegreen* agus a chuid páirtithe leasmhara.

An 2 Samhain 2009, chuir *ITL, DMG, Independent* agus *Fortunegreen* aighneachtaí faoina bhráid, a bhí de réir alt 20(3) den Acht Iomaíochta 2002, le haghaidh a thabhairt ar na ceisteanna ba chúram dóibh maidir leis an idirbheart beartaithe. Cinneadh go ndéanfaidh na páirtithe leasmhara *Fortunegreen* a stiúradh, le go mbeidh *New Free Newspaper* ina iomaitheoir neamhspeách ar nuachtáin eile na bpáirtithe leasmhara; gheall na páirtithe go dtabharfaidh siad faoi na nithe seo a leanas go háirithe:

- Déanfaidh bainistíocht *Fortunegreen* cinntí i leith paraiméadair áirithe iomaíochta, gan cead a iarraidh ar pháirtithe leasmhara ná ar ionadaithe an Bhoird;
- Gheall na páirtithe nach mbeidh freagracht laethúil ar na stiúrthóirí, a cheapfar ar Bhord *Fortunegreen*, as feidhm fógraíochta na nuachtán laethiúl a dhíoltar i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath; agus
- Ní dhéanfar eolas áirithe faoina gcuid gníomhaíochtaí gnóthas féin a roinnt leis na páirtithe leasmhara, ná leis na páirtithe leasmhara agus *Fortunegreen*.

Agus aghaidh á tabhairt ar a chuid cúraimí, chinn an tÚdarás Iomaíochta go mbeadh na tograí thuas oiriúnach agus éifeachtúil.

Cumaisc lena mbaineann gnóthais na meán

Cuirtear san áireamh san Acht Iomaíochta 2002 go bhféadfaidh an tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta bac a chur le cumasc na meán, ar mhaithe le leas an phobail, i ndiaidh don Údarás Iomaíochta é a cheadú i ndiaidh imscrúdú iomlán ar chúiseanna iomaíochta.

Ó mhí an Mhárta 2007, nuair a tháinig I.R. Uimh. 122 de 2007 i bhfeidhm, agus nuair a laghdaíodh scóip na gcumasc meán, chonacthas na nithe seo a leanas:¹⁸

- Tháinig laghdú ar an líon cumasc lena bhain gnóthais na meán, ar tugadh fógra ina dtaobh don Údarás Iomaíochta - ó 22 in 2006, 17 in 2007, 5 in 2008 agus 2 in 2009; agus
- Bhí nasc ag cumaisc na ngnóthas meán go léir leis an Stát, ar tugadh fógra dóibh ó 21 Márta 2007.

Rinneadh fógraí i dtaobh dhá chumasc meán in 2009:

- *M/09/013* – *Metro/Herald AM* maidir le fáil na bhfoilseachán cló; agus
- *M/09/003* - *Communicorp/Boxer Sweden* maidir le teilifís agus raidió digiteach domhanda.

Chuir an tÚdarás Iomaíochta an dá cheann i gcrích roimh dheireadh na bliana. In 2009, ní bhfuarthas ordú ar bith ón Aire Fiontar, Trádála, agus Fostaíochta imscrúdú iomlán a dhéanamh faoi alt 22 den Acht Iomaíochta 2002, ná cosc a chur ar chumasc meán.

¹⁸ Mar a tuairiscíodh anuraidh, luadh in Ionstraim Reachtuil (I.R. Uimh. 622 de 2002, faoi alt 18(5) den Acht Iomaíochta 2002, gur "aicme" cumasc iad cumaisc na meán nach mór fógra a thabhairt ina dtaobh, fiú mura gcomhlíontar na tairseacha airgeadais a leagtar amach in alt 18 (1)(a) den Acht Iomaíochta, 2002. Mar thoradh ar an aicme cumasc a luaitear in I.R. Uimh. 622 de 2002, fuarthas fógra i dtaobh cuid mhór cumasc nach raibh nasc ábhartha ar bith acu leis an Stát, agus i gcásanna áirithe, nach raibh aon nasc praiticiúil acu le gnóthais na meán ar chor ar bith. An 21 Márta 2007, rinne I.R. Uimh. 122 de 2007 I.R. Uimh. 622 de 2002 a chúlghairm. Ceanglaíonn an tOrdú seo go dtabharfaí fógra i dtaobh (i) gach cumasc nó fáil ina mbíonn "gnó sna meán" ar siúl ag dhá ghnóthas, nó níos mó, de na gnóthais lena mbaineann sa Stát; agus (ii) gach cumasc nó fáil ina mbíonn "gnó sna meán" ar siúl ag gnóthas amháin, nó níos mó, de na gnóthais lena mbaineann sa Stát agus ina mbíonn "gnó na meán" ar siúl ag gnóthas amháin, nó níos mó, de na gnóthais lena mbaineann in áit eile.

An tAcht um Fhorais Chreidmheasa (Tacaíocht Airgeadais) 2008

Foráiltear leis an *Acht um Fhorais Chreidmheasa*¹⁹ (*Tacaíocht Airgeadais*) 2008, nach mór fógra a thabhairt don Aire Airgeadais, in ionad an Údaráis Iomaíochta, faoi roinnt cumasc agus fálacha beartaithe lena mbaineann forais chreidmeasa. In 2009, d'oiibrigh Roinn na gCumas go dlúth leis an Roinn Airgeadais le cinntiú go mbeidh an tÚdarás Iomaíochta ábalta a chuid feidhmeanna faoin *Acht um Fhorais Chreidmheasa (Tacaíocht Airgeadais) 2008*, a urscaoileadh ar shlí éifeachtúil, má iarrann an tAire Airgeadais orthu déanamh amhlaidh. In 2009, ní bhfuair an tÚdarás Iomaíochta iarraidh ar chomhairle dá leithéid, áfach. De bhreis air sin, maidir le cúrsaí iomaíochta a thagann anuas in earnáil baincéireachta na hÉireann, atá faoi dhlínse an Choimisiúin Eorpaigh, chabhraigh an tÚdarás Iomaíochta le hobair an Choimisiúin Eorpaigh agus leanfar den chabhair sin amach anseo.

Achomharc chun na Cúirte Uachtaraí i gcoinne an Chinnidh ar thángthas air faoi Kerry Foods

An 28 Lúnasa 2008, rinne an tÚdarás Iomaíochta cinneadh nach bhfaighidh *Kerry Group plc (Kerry) Breeo Foods Limited* agus *Breeo Brands Limited (Breeo) - M/08/009 Kerry/Breeo*. Rinne *Kerry Foods* achomharc rathúil chun na hArd-Chúirte agus cuireadh cinneadh an Údaráis Iomaíochta, bac a chur leis an bhfáil, ar neamhní an 19 Márta 2009.

An 7 Aibreán 2009, rinne an tÚdarás Iomaíochta cinneadh na hArd-Chúirte a achomharc chun na Cúirte Uachtaraí. Bhí an t-achomharc de réir alt 24 (9) den Acht Iomaíochta 2002, ina sonraítear nach bhféadfar achomharc a dhéanamh chun na Cúirte Uachtaraí ach amháin faoi cheist dlí. Níor éisteadh an cás sa Chúirt Uachtarach go fóill.

¹⁹ Tá feidhm ag an gceanglas seo maidir le forais chreidmheasa a chomhlíonann na critéir a leagtar amach in alt 7(1) den Acht um Fhorais Chreidmheasa (Tacaíocht Airgeadais) 2008. Dá bhrí sin, ní bhaineann Acht na bliana 2008 dlínse ón Údarás Iomaíochta.

Nósanna Imeachta um Chumasc in Éirinn (Acht na hIomaíochta 2002)

Tástáil na gCumasc: An méid dochair shubstaintiúil a dhéanfar d'íomaíocht

Le cinneadh a dhéanamh cibé acu ar chóir cumasc a cheadú, déantar tástáil ar an méid dochair shubstaintiúil a dhéanfaidh an cumasc do mhargaí earraí agus seirbhísí sa Stát. Is é seo an tástáil a dhéantar sa Ríocht Aontaithe agus úsáidtear macasamhail de thástáil sa Choimisiún Eorpach. De réir na tástála sin, díritear ar íomaíocht amháin agus ar an éifeacht a bhíonn ag an idirbheart ar thomhaltóirí.

Tairseacha Fógraí

Eascaíonn na tairseacha Fógraí ó láimhdeachas na ngnóthas lena mbaineann. Ní mór láimhdeachas €40 milliún bheith ag gach ceann de na gnóthais lena mbaineann ar fud an domhain. Ní mór dóibh gnó a sheoladh ar oileán na hÉireann, agus ní mór do cheann amháin acu, ar a laghad, láimhdeachas €40 milliún a ghiniúint sa Stát. Má bhaintear na tairseacha seo amach, ní mór fógra a dhéanamh iad dtaobh.

Cumasc faoi bhun na dtairseach

D'fhéadfadh éifeachtaí frithiomaíocha a eascairt as cumasc atá faoi bhun na dtairseach seo freisin, a mbíonn na tomhaltóirí thíos leo. De réir an Achta Iomaíochta, 2002, féadfar fógraí faoi chumasc dá leithéid a thabhairt go saorálach don Údarás Iomaíochta, ar mhaithe le cinnteacht dhlíthiúil. Tá na cumasc, atá faoi bhun na dtairseach, faoi réir gníomh forfheidhmiúcháin faoi alt 4 agus 5 den Acht seo i bpáirt, agus tá imscrúduithe déanta ag an Údarás Iomaíochta ar idirbhearta dá leithéid cheana.

Réamhfógra (rognach)

Féadfaidh páirtithe in idirbheart dul i dteagmháil leis an Údarás Iomaíochta sula dtugtar fógra foirmiúil faoin gcumasc faoina bhráid. Trí chúrsaí a phlé roimh an bhfógra, is féidir cabhrú le páirtithe an Fhoirm Fógra a ullmhú agus soláthróidh sé deis do na páirtithe míniú tosaigh a thabhairt faoin gcineál íomaíochta atá i gceist sna tionscail nó sna hearnálacha ábhartha lena mbaineann.

Réamhimscrúdú (Céim 1)

Is éard atá i gceist le Céim I ná imscrúdú tosaigh míosúil ar an gcumasc. De ghnáth is leor sin le hé a chur i gcrích. Féadfaidh an tÚdarás Iomaíochta an tréimhse athbhreithnithe 1 mhí a fhadú, má iarrann siad go foirmiúil ar eolas breise a fháil ó na páirtithe, nó má chuireann na páirtithe tograí faoina bhráid ina bhfuil bearta áirithe atá ceaptha chun aghaidh a thabhairt ar chúraimí de chuid an Údaráis Iomaíochta.

Imscrúdú Iomlán (Céim 2)

Féadfaidh an tÚdarás Iomaíochta imscrúdú iomlán a dhéanamh (Céim 2), mura féidir leis a chinneadh, i ndiaidh réamhimscrúdú, cibé acu a dhéanfaidh an cumasc dochar substaintiúil d'íomaíocht nó nach ndéanfaidh. Is éard atá i gceist le Céim 2 ná tréimhse bhreise trí mhí ina ndéantar imscrúdú ar an idirbheart agus ar na margadh/na margaí, lena mbaineann na páirtithe, a striúradh.

Meastóireacht

Le linn imscrúdú Céim 2, más ábhar buartha é don Údarás Iomaíochta, féadfaidh siad meastóireacht scríofa ar an idirbheart a eisiúint do na páirtithe le linn na tréimhse. Léiríonn sé sin na hábhair buartha agus cuireann sé ar chumas na bpáirtithe iad a fhreagairt.

Achomharc chun na gCúirteanna

Má thoirmiscítear cumasc, is féidir leis na páirtithe achomharc a dhéanamh chun na hArd-Chúirte taobh istigh de mhí amháin. Féadfaidh an chúirt cinneadh an Údaráis Iomaíochta a chur ar fionraí, é a dheimhniú, nó féadfaidh siad é a dheimhniú faoi réir modhnuithe.

4. IOMAÍOCHT Á CUR CHUN CINN IN ÉIRINN

Tá dualgas reachtúil ar an Údarás Iomaíochta iomaíocht sa gheilleagar a chur chun cinn. D'fhéadfadh dlíthe, rialacháin nó cleachtas riaracháin an Stáit srian a chur le hiomaíocht. Ciallaíonn sé sin nach mbaineann tomhaltóirí tairbhe as iomaíocht. Má chinneann an tÚdarás Iomaíochta go bhfuil an Stát ag cur sriain le hiomaíocht, déanfaidh siad moladh go ndéanfar athchóiriú.

D'fhonn a ról maidir le hiomaíocht a chur chun cinn a chomhlíonadh, cuireann siad daoine ar an eolas faoi ról na hiomaíochta agus faoi na buntáistí a bhaineann leis, tugann siad comhairle do lucht déanta beartas faoi na himpleachtaí a bhaineann le reachtaíocht reatha agus reachtaíocht bheartaithe, le rialúcháin agus le cinntí ábhartha eile.

Sna tuarascálacha, rinneadh iniúchadh ar iompórtáil agus ar dháileadh earraí le go ndíolfar iad, agus ar ghairm an liachleachtóra ginearálta. Tá an tuarasacáil ar Liachleachtóirí Ginearálta mar chuid de shraith mórstaidéar ar iomaíocht in ocht ngairm. Tá cuid mhór moltaí déanta ag an Údarás Iomaíochta le hiomaíocht a fheabhsú sna hearnálacha seo agus, in 2009 leanadh de thacaíocht a thabhairt do chur i bhfeidhm na moltaí sin.

In 2009, chomhlíon an tÚdarás Iomaíochta a ról maidir le hiomaíocht a chur chun cinn trí na nithe seo a leanas:

- Cuireadh aighneachtaí faoi bhráid Ranna Rialtais agus cuideachtaí eile, trí fhreagraí a thabhairt ar phróisis chomhairliúcháin an phobail go minic;
- Labhraíodh ar an raidió agus ar an teilifís faoi cheisteanna iomaíochta;
- Foilsíodh sraith lámhleabhar a sholáthair treoir faoi dhlí agus faoi bheartas na hiomaíochta; agus
- Cuireadh seó bóthair le chéile ar ar tugadh "Bid-rigging Road Show" a chuir daoine ar an eolas faoin dochar a bhaineann le camastaíl tairiscintí agus faoin ról imscrúduithe, atá ag an Údarás Iomaíochta, maidir le camastaíl tairiscintí a bhfuiltear in amhras faoi.

Srianta Poiblí ar Iomaíocht a aithint

Mar thoradh ar na srianta poiblí ar iomaíocht, bíonn ar thomhaltóirí níos mó a íoc as seirbhísí. Cuireann siad sin le costais ionchuir ghnó, a lagdaíonn iomaíocht dá bharr. Bíonn earnálacha cosanta an gheilleagair ag baint buntáistí as na hearnálacha neamhchosanta, a laghdaíonn táirgiúlacht agus fás geilleagrach dá bharr. Dá bhrí sin, tá sé an-tábhachtach srianta poiblí ar iomaíocht a aithint agus a bhaint. Feictear an toradh deiridh céanna mar gheall ar shrianta poiblí agus mar a fheictear ar shrianta príobháideacha – luach níos lú ar airgead, rogha níos lú do thomhaltóirí agus costais níos airde do thomhaltóirí agus do ghóthais.

Aighneachtaí

In 2009, lean an tÚdarás Iomaíochta de dhaoine a chur ar an eolas, agus de bheith ag éileamh go ndéanfar rialúcháin agus rialacha frithiomaíocha a bhaint, a leasú nó a sheachaint, trí aighneachtaí a chur faoi bhráid Ranna Rialtais agus comhlachtaí Stáit mar fhreagra ar phróisis comhairliúcháin phoiblí.

Mar shampla, chuir an tÚdarás Iomaíochta aighneacht faoi bhráid an Tánaiste agus an Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, mar fhreagra ar ghlaoch orthu, le fáil amach cibé acu an raibh sé ar intinn aici nó nach raibh Cód Cleachtas, is é sin an '*Code of Practice for Grocery Goods Undertakings*' a thabhairt isteach. Rinne an tÚdarás Iomaíochta

réasúnaíocht an chóid bheartaithe a cheistiú agus mhol siad cur chuige malartach a chur i bhfeidhm a bheadh níos éifeachtaí ná Cód Cleachtais.

Tá cuid mhór den iompar, atá faoi shaincheist sa Chód Cleachtais beartaithe, toirmiscithe le reachtaíocht. Achtaíodh an tAcht Iomaíochta (Leasú), 2006 leis na cleachtais seo a leanas a chosc maidir leis an trádáil ghrósaeireachta:

- Iarrachtaí a dhéantar le cothabháil praghsanna athdhíola a chur i bhfeidhm;
- Idirdealú trí choinníollacha neamhionanna idirbhearta comhionanna san earnáil;
- An t-iallach a chuirtear ar dhuine, nó nuair a dhéantar duine a chomhéigniú, íoc as fógraíocht nó as taispeántas earraí, nó líuntas a thabhairt dóibh; agus,
- “Hello money”, ar airgead é a thugtar d’asraonta miondíola nua nó d’asraonta atá faoi úinéireacht nua.

Léirigh an tÚdarás Iomaíochta go dtairimiscítear a leithéid d’iompar nuair is é an phríomhchuspóir nó an éifeacht a bhíonn aige iomaíocht a chosc nó a shaobadh. Moladh in aighneacht an Údaráis roinnt leigheasanna nua le cabhair a thabhairt do ghearánaithe, agus le spreagadh a thabhairt dóibh, caingean phríobháideach a dhéanamh. Ina theannta sin, chuir an tÚdarás Iomaíochta aighneacht faoi bhráid na Roinne Sláinte agus Leanaí maidir le riar acmhainní san earnáil sláinte. D’aithin an tÚdarás Iomaíochta líon ceisteanna a bhaineann le riar éifeachtúil acmhainní i dtrí ghairm cúram sláinte. Is iad sin: Optaiméadracht, fiaclóireacht agus Cógaisíocht. Cuireadh béim áirithe ar líon moltaí a rinneadh ina chuid tuarascálacha faoi ghairm na fiaclóireachta agus na hoptaiméadrachta a bheadh éifeacht ag baint leo ach nach bhfuil curtha i bhfeidhm go fóill.

Chuir an tÚdarás Iomaíochta aighneacht faoi bhráid an Choimisiúin um Rialáil Tacsaithe i ndiaidh don Choimisiún an *Economic Review of the Small Public Service Vehicle Industry* a fhoilsiú. Chuir an tÚdarás Iomaíochta béim ar an tábhacht go gcuirfeadh an Coimisiún iontrálaithe sa mhargadh amach anseo ar an eolas faoi choinníollacha ginearálta an mhargaidh .i. na huairéanta oifige ar an meán agus na tuarastail ar féidir a thuilleamh.

Is féidir teacht ar chóip de na haighneachtaí seo ag láithreán gréasáin an Údaráis Iomaíochta (www.tca.ie).

Gearáin

Faigheann an tÚdarás Iomaíochta líon mór gearán ó ghnóthais agus ón bpobal faoi srianta poiblí ar iomaíocht. I mórán cásanna, déanann imscrúdú a nochtadh go bhfuil comhlacht poiblí ag cur srian *comhréireach* ar mhargadh nó ar réiteach, atá ar son na hiomaíochta, le beartas poiblí eile a bhaint amach. D’fhéadfadh go mbeadh éifeacht dhiúltach ag gníomhaíochtaí comhlachta phoiblí, mar sin féin, agus d’fhéadfadh an tÚdarás Iomaíochta bheith ábalta réitigh chuí a mholadh. Tugtar samplaí léiritheacha sa bhosca thíos de ghearáin dá leithéid a fuair an tÚdarás Iomaíochta le blianta beaga anuas agus an beart a rinneadh.

Gearáin Shamplacha

Busanna Turas

Rinne cuideachta busanna turas gearán go raibh sé faoi mhíbhuntáiste de bhrí go ndearna an tÚdarás Áitiúil bá bus a sholáthar d'oibreoirí bus i rith an lae.

Tháinig na custaiméirí go léir do na hoibreoirí turas ón treo céanna. Mar thoradh air sin, baineadh níos mó buntáistí as an gcéad spás páirceála "Bá bus 1" maidir leis an líon custaiméirí. De réir a chéile, tháinig laghdú ar an méid buntáistí a baineadh as na trí bhá eile. Bhí córas róta i bhfeidhm trína raibh triúr oibreoirí bus ag obair ag Bá 1, 2, agus 3 ar bhonn seachtainiúil. Sa tslí sin, tugadh deis do gach oibreoir bheith ag obair ag Bá 1. Nuair a tháinig cuideachta nua bus ar an bhfód, áfach, ní raibh sé bainteach leis an socrú agus bhí air Bá 4 a úsáid gach seachtain. Rinne an cuideachta nua gearán leis an Údarás Iomaíochta go raibh sé faoi mhíbhuntáiste mar gheall ar an socrú reatha róta.

Mhol an tÚdarás Iomaíochta an córas róta i dtosach mar réiteach réamhiomaíochta, mar gheall ar an gcaidreamh casta a bhí idir na hoibreoirí, agus an caidreamh idir an tÚdarás Iomaíochta agus na hoibreoirí iad féin. Léirigh an tÚdarás Iomaíochta don Údarás Áitiúil nach raibh aon leithscéal oibiachtúil leis an gcomhaontú reatha faoin róta a choimeád, a raibh triúr oibreoirí bainteach leis, agus go raibh éifeacht fhrithiomaíoch aige ar an oibreoir nua. Mhol an tÚdarás Iomaíochta go dtabharfadh an t-údarás áitiúil róta ceathrar oibreoirí isteach ina mbeadh na téarmaí agus coinníollacha céanna do gach oibreoir. Ina dhiaidh sin, léiríodh do na hoibreoirí go léir go n-athrófaí na socrúithe róta chun go mbeadh na hoibreoirí bus go léir san áireamh.

An Scéim Um Chúram agus Oideachas Luath-Óige

In 2009, rinne réamhscoileanna príobháideacha cuid mhór gearán leis an Údarás Iomaíochta faoi scéim bheartaithe ar a dtugtar *An Scéim Um Chúram agus Oideachas Luath-Óige ("ECCE")*. Is é aidhm an ECCE bliain réamhscoile saor in aisce a thairiscint do thuismitheoirí dá gcuid leanaí.

Bhí úinéirí réamhscoileanna príobháideacha míshásta toisc go bhféadfadh an Rialtas an praghas a leagan síos don scéim a bhí á soláthar acu. Ba é an tuairim a bhí acu ná go raibh gníomh an Stáit ag cur sriain le hiomaíocht.

Chinn an tÚdarás Iomaíochta nach dócha go raibh an scéim ina sárú ar dhlí na hiomaíochta. Mar chuid dá bhfeidhm abhcóideachta, bhuail an tÚdarás Iomaíochta le hoifigigh ó Oifig an Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige ("OMCYA") le sonraí na scéime agus na ceisteanna a tháinig anuas ó na gearáin a phlé.

Tar éis dóibh labhairt leis an OMCYA, chinn an tÚdarás Iomaíochta nár eascraigh aon cheist dháiríre iomaíochta ón scéim, mar a bhí sé comhdhéanta ag an am. Níl aon dualgas ar sholáthraithe príobháideacha páirt a ghlacadh sa scéim, agus déanfaidh gach soláthraí aonair cinneadh ina taobh ag brath ar mheastóireacht tráchtála. Ina theannta sin, féadfaidh soláthraithe táillí breise a ghearradh ar leanaí, atá faoi réim na scéime, má sholáthraítear seirbhísí/uaireanta sa bhreis orthu sin a shonraítear sa scéim.

Is dealraitheach gur freagra comhréireach é scéim ECCE ar chuspóir thábhachtach luachmhar beartais shóisialta, mar a aithnítear go ginearálta é, is é sin soláthar oideachas réamhscoile atá saor in aisce. Go deimhin, thabharfadh an t-aiseolas a fuair an OMCYA go dtí seo le fios go bhfuil áthas ar chuid mhór soláthraithe réamhscoile faoi scéim an ECCE.

Soláthar Poiblí

Is minic a fhaigheann an tÚdarás Iomaíochta gearáin ó ghnóthais a mbíonn an tuairim acu go bhfuil comhlachtaí poiblí ag cur sriain le hiomaíocht, trí chritéir réamhcháilíochta rósrianta a chur i bhfeidhm ar chonarthaí na hearnála poiblí. Mar shampla, rinneadh a argóint go raibh na tairseacha láimhdeachais, nó an leibhéal cumhdaigh a gceanglaítear ar chomhlachtaí poiblí, ró-ard agus go ndéantar tairgeoirí níos lú a heisiamh dá bharr.

Chuaigh an tÚdarás Iomaíochta i dteagmháil le líon Ranna Rialtas, údarás áitiúil agus le líon comhairleach príobháideach, le tuiscint níos fearr a fháil ar an tslí a ndéantar cinneadh faoi chritéir réamhcháilíochta. Léiríodh san aiseolas nach ann do aon mhodheolaíocht ná treoirlínte foirmiúla; mar rogha air sin, meastar go bhfuil sé níos fearr má dhéanann saineolaithe soláthair, a bhíonn bainteach go dlúth leis an tionscadal, cinneadh faoi na critéir réamhcháilíochta, ó thionscadal go tionscadal. Tá an tAonad um Beartas Soláthair Phoiblí Naisiúnta (NPPPU) den tuairim chéanna, arb é an ról atá aige comhairle agus eolas faoi thairseacha dea-chleachtais ar sholáthar a scaipeadh san earnáil poiblí Éireannach. D'iarr an NPPU ar an Údarás Iomaíochta gearán ar bith faoi na critéir réamhcháilíochta a chur ar aghaidh chuig rannán soláthair na Ranna Rialtais cuí.

Maidir leis na critéir réamhcháilíochta rósrianta, is ann do dhá thaobh den scéal. Ar thaobh amháin, tuigeann an tÚdarás Iomaíochta frustrachas an chonraitheora foirgníochta, mar shampla, a ndéantar a eisiamh ó phróiseas tairisceana comhlachta poiblí de bhrí go bhfuil a ráta láimhdeachais beagáinín níos ísle ná an ráta sonraithe. Ar an taobh eile, áfach, tuigeann an tÚdarás Iomaíochta tuairim an chomhlachta poiblí a dteastaíonn uaidh bheith go hiomlán cinnte go mbeidh na hiarraitheoirí go léir, a n-éireoidh leo, ábalta an tionscadal a chur i gcrích. Is léir gur chóir do chritéir réamhcháilíochta bheith ag freagairt don dá thaobh den argóint seo; agus machnamh á dhéanamh ar na cineálacha áirithe cásanna, áfach, tá sé an-deacair don Údarás Iomaíochta (agus tá sé lasmuigh de théarmaí tagartha an Údaráis freisin), agus an-deacair do Ranna Rialtais, cinneadh a dhéanamh faoi cad atá i gcomhréir agus cad nach bhfuil i gcomhréir maidir le gach cás aonair. Leanfaidh an tÚdarás Iomaíochta de bheith ag déanamh monatóireachta ar an réimse tábhachtach seo in 2010.

Comhairle faoi Reachtaíocht bheartaithe, faoi Rialacháin agus faoi Cheisteanna Iomaíochta

Bronnann an tAcht Iomaíochta, 2002, feidhm shainiúil ar an Údarás Iomaíochta maidir le comhairle a thabhairt don Rialtas, d'Airí agus d'Airí Stáit faoi na himpleachtaí a bhaineann le reachtaíocht bheartaithe ó thaobh na hiomaíochta de. Agus an fheidhm seo á comhlíonadh ag an Údarás Iomaíochta, cuireann siad béim rialta ar cheisteanna iomaíochta agus déanann siad iarracht iarmhairtí diúltacha a thuar roimh ré, maidir leis na tomhaltóirí agus an geilleagar go ginearálta.

Sa bhreis ar bheith ag trácht faoi dhréacht-reachtaíocht áirithe, agus bheith ag déanamh aighneachtaí foirmiúla poiblí, tugann an tÚdarás Iomaíochta comhairle freisin do Ranna Rialtais agus do ghníomhaireachtaí poiblí ar shlite eile agus ar mhodhanna eile éagsúla, ar nós cruinnithe, teachtaireachtaí scríofa, nó an dá mhodh le chéile. In 2009, thug an tÚdarás Iomaíochta comhairle do Ranna Rialtais agus do chomhlachtaí poiblí faoi chuid mhór ceisteanna a chuimsigh réimse leathan earnálacha geilleagrach lena n-áirítear córas iompair poiblí, fuinneamh agus bailiú dramhaíola. Tugadh cuireadh do chomhaltaí an Údaráis Iomaíochta freastal ar chruinnithe grúpa comhairleacha a reáchtáil an Roinn Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil i dteannta Oifig Iompair Bhaile Átha Cliath (ar a dtugtar an tÚdarás Iompair Náisiúnta anois).

Ag déanamh anailíse ar Iomaíocht in Earnálacha Áirithe

In 2009, d'fhoilsigh an tÚdarás Iomaíochta dhá thuarascáil ina ndearnadh imscrúdú ar thorthaí iomaíochta in earnálacha áirithe an gheilleagair. Sna tuarascálacha seo, rinneadh iniúchadh ar na nithe seo a leanas:

- Iompórtáil agus dáileadh earraí le go ndíolfar iad; agus
- Gairm an liachleachtóra ginearálta.

Staidéar ar Iompórtáil agus Dáileadh miondíola

Tá fás mór tagtha ar an difréalach praghais idir Poblacht na hÉireann agus Tuaisceart Éireann le blianta beaga anuas. Fuair an Ghníomhaireacht Náisiúnta do Thomhaltóirí (NCA) amach, i suirbhé a rinneadh in 2008, go raibh pragsanna ollmhargaidh (gan cháin bhreisluacha), i bPoblacht na hÉireann, 21% níos airde ná pragsanna i dTuaisceart Éireann.

Ba é tuairim cuid mhaith miondíoltóirí i bPoblacht na hÉireann gurbh iad na costais b'airde gnó, ar an taobh theas den teorann, ba chúis leis an difréalach praghais. Luaigh miondíoltóirí eile na costais a bhaineann le hiompórtáil agus le dáileadh earraí. Mar shampla, d'éiligh roinnt miondíoltóirí gurbh iad na soláthraithe sna réigiúin steirling, nach raibh ag cur buntáistí rátaí malairte i bhfeidhm, nuair a laghdaíodh an steirling, ba chúis le cuid mhór den difréalach praghais.

Mar fhreagra air sin, d'iarr an Tánaiste agus an tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta ar an Údarás Iomaíochta iniúchadh a dhéanamh ar an tslí a ndéantar earraí a iompórtáil agus a dháileadh. I dTuarascáil an Údaráis Iomaíochta, a foilsíodh i mí an Mheithimh 2009, tugadh léiriú ar shlabhra an tsoláthair, go háirithe ar dháileadh na n-earraí a iompórtáiltear, agus ar iomaíocht in earnáil na grósaeireachta, san earnáil éadaigh agus san earnáil chógaisíochta.


Fuair an tÚdarás Iomaíochta amach go ngearrann soláthraithe i bPoblacht na hÉireann níos mó ná na soláthraithe i dTuaisceart Éireann go minic. Taispeánadh sa Tuarascáil, áfach, go bhfuil tomhaltóirí, ar tomhaltóirí iad a thugann pragsanna faoi deara, ag cur brú ar mhiondíoltóirí agus ar sholáthraithe a gcuid pragsanna a ísliú. Tá miondíoltóirí ag cur brú ar sholáthraithe le margaí níos fearr a bhaint amach. Ina theannta sin, tá siad ag lorg margaí malartacha, agus tá costais bia agus éadaigh ag titim dá bharr (féach figiúr 2).

Bíonn méid agus an cineál freagartha, de chuid na miondíoltóirí, ar iompar tomhaltóirí - a bhíonn ag athrú - ag brath go mór ar sholúthacht shlabhra an tsoláthair, mar aon leis an leibhéal iomaíochta. Mar shampla, bíonn deacrachtaí ag roinnt miondíoltóirí pragsanna éadaí brandáilte a idirbheartú le soláthraithe.

Taobh amuigh de chostais iompórtála agus dáileacháin, aithníodh sa Tuarascáil roinnt tosca a chuireann leis an difréalach praghais idir Poblacht na hÉireann agus Tuaisceart Éireann.

Leis an difréalach praghais a laghdú, moladh sa Tuarascáil go rachadh an Rialtas i ngleic leis na tosca a chuireann leis an gcostas gnó in Éirinn. Cuireann costais oibre, fuinnimh agus fóntais, mar aon le costais seirbhísí proifisiúnta agus eile, le costas níos airde gnó in Éirinn. Ina theannta sin, mhol an tÚdarás Iomaíochta go ndéanfaí na *Treoirlínte Pleanála Miondíola* a athchóiriú le hiomaíocht nua a éascú, ar shlí níos fearr, do mhiondíoltóirí reatha i mbailte na hÉireann. Moladh go ndéanfaí an mharcáil suas a íoctar le cógaslanna i gcomhair leighis, faoi Scéim Íocaíochtaí Drugaí an Stáit, a laghdú.

Figiór2: Praghsanna Bia agus Éadaí in Éirinn, Mí Iúil 09 – Mí Mheán Fómhair 09



Foinse: Sonraí HICP Eurostat

Liachleachtóirí Ginearálta

Tá roinnt staidéar iomaíochta déanta, ag an Údarás Iomaíochta, le blianta beaga anuas, ar ocht ngairm, ar mhaithe le hiniúchadh a dhéanamh ar iomaíocht sna gairmeacha sin, agus le hiompar, a chuireann srian le hiomaíocht, a aithint, fiú nuair nach bhfuil sé ina shárú ar dhlí na hiomaíochta.

Foilsíodh cuid I agus II de thuarascáil an Údaráis Iomaíochta ar *Liachleachtóirí Ginearálta* i mí na Nollag 2009. Aithníodh sa Tuarascáil roinnt réiteach ar féidir a úsáid le soláthar liachleachtóirí (GP) in Éirinn a fheabhsú agus le fógraíocht de chuid na liachleachtóirí a éascú.

Tá ganntanas seirbhísí liachleachtóirí in Éirinn. D'aithin an tÚdarás Iomaíochta go bhfuil bac ar oiliúint liachleachtóirí, atá ag cur go mór leis an bhfadhb seo. Agus an Tuarascáil á cur le chéile, fuarthas amach nach n-aithníonn cláir oiliúna liachleachtóirí ginearálta, oiliúint agus taithí roinnt oiliúnaithe, ar taithí agus oiliúint a fuarthas in ospidéal roimh an gcúrsa é agus, dá bhrí sin, go mbíonn ar chuid acu oiliúint áirithe a athdhéanamh.

Mhol an tÚdarás Iomaíochta go bhféadfaí dianchúrsa roghnach a thabhairt isteach mar chúrsa roghnach mear do liachleachtóirí a bhfuil an oiliúint chúil in ospidéal déanta acu cheana. Bheadh líon níos mó liachleachtóirí Ginearálta á n-oiliúint dá bharr, chomh tapa agus chomh saor agus is féidir. Chuirfeadh sé go mór leis an nganntanas seirbhísí liachleachtóirí, a bhfuiltear á thuar, a mhaolú. Cuireadh fáilte roimh an togra seo agus ba é tuairim Choláiste Liachleachtóirí na hÉireann go n-oibreodh sé (Is é an ICGP comhlacht oiliúna na liachleachtóirí in Éirinn); tá an cheist maoinithe, a bheadh i gceist le cúrsa dá leithéid, á plé ag Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus ag Coláiste Liachleachtóirí na hÉireann faoi láthair.

Tugadh faoi dearsa sa Tuarascáil freisin go raibh an tÚdarás Iomaíochta tar éis fáil réidh leis na srianta, a bhíodh ar fhógraíocht liachleachtóirí ginearálta roimhe sin, a chuir bac ar iomaíocht praghsais. Go traidisiúnta, níor tugadh cead do liachleachtóirí ginearálta fógraíocht a dhéanamh. Mar shampla, níor ceadaíodh do chleachtas nua Liachleachtóirí ginearálta bileoga eolais, ar a raibh cuntas ar a chuid seirbhísí nó praghsanna, a dháileadh. In 2008, mhol an tÚdarás Iomaíochta go mbainfí na srianta d'fhógraíocht chruinn eolais na liachleachtóirí ginearálta, nach raibh aon ghá leo. Ina dhiaidh sin, i leasú a rinneadh ar an *Guide to Professional Conduct and Ethics*, i mí na Samhna 2009,

bhain Comhairle na nDochtúirí Leighis na srianta fógraíochta. Ceadáítear do liachleachtóirí ginearálta a chuid praghsanna agus seirbhísí a fhógairt anois. Má bhaineann liachleachtóirí ginearálta leas as an bhforbairt seo, beidh níos mó eolais ar fáil d'othair faoi na seirbhísí sin, agus faoi na coistais a mbeifí ag súil leo.

Beifear ag plé éifeacht chóras GMA (do liachleachtóirí ginearálta atá i gcúram othair phoiblí) i gcuid III den Tuarascáil a fhoilseofar in 2010.

Daoine a chur ar an Eolas faoi Iomaíocht

Tá sé ar cheann de phríomhchuspóirí an Údaráis Iomaíochta cultúr iomaíochta in Éirinn a chothú, trí dhaoine a chur ar an eolas agus trí a léiriú dóibh na buntáistí a bhaineann le hiomaíocht, mar aon le ról an Údaráis i measc lucht déanta beartas, gnóthas agus tomhaltóirí. Is trí óráidí agus trí sheisiúin faisnéise do na meáin chumarsáide a chuireann an tÚdarás Iomaíochta é sin i gcrích go príomha. In 2009, thug an tÚdarás Iomaíochta sraith lámhleabhar isteach a sholáthair teoir faoi dhlí agus faoi bheartas na hiomaíochta.

For-rochtain agus Oiliúint – An Seó Bóthair um Chamastaíl Tairisceana

In 2009, thug an tÚdarás Iomaíochta tús áite d'eolas a scaipeadh faoin dochar a bhaineann le hiompar frithiomaíoch, go háirithe cairtéil áirithe camastaíl tairisceana/tairiscintí claonpháirteacha. Chuir Roinn na gCairtéal seó bóthair le chéile, ar ar tugadh "Bid-rigging Road Show", leis an bpobal a chur ar an eolas faoin dochar a bhaineann le camastaíl tairiscintí, agus faoi ról an Údaráis Iomaíochta sna himscrúduithe ar chamastaíl tairiscintí, a mbítear in amhras faoi. Rinne an tÚdarás Iomaíochta cuir i láthair os comhair daoine aonair, ar daoine iad a bhíonn páirteach i soláthar poiblí i líon Ranna Rialtais agus Gníomhaireachtaí Stáit. Cuireadh ar an eolas iad faoi cheapa tuisle ar chóir a sheachaint i ndearadh tairisceana agus cad iad na nithe ar chóir a bheith ag faire amach dóibh i dtairiscintí a chuirtear faoina mbráid. Áirítear orthu siúd a bhí i láthair ionadaithe ó Chomhairlí Contae, ó Ranna Rialtais, ó Gníomhaireachtaí Stáit, ó Chomhlachtaí Leathstáit, ó Ollscoileanna agus ó chomhlachtaí eile.

Chuir an lucht freastail fáilte mhór roimh na cuir i láthair agus táthar ag cur plean le chéile cur leis an Seó Bóthair in 2010.

Sa bhreis air sin, d'fhoilsigh an tÚdarás lámhleabhar i mí na Nollag 2009 dar teideal "*The Detection and Prevention of Collusive Tendering*." Tugtar léiriú ar lámhleabhair eolais a foilsíodh in 2009 thíos.

Óráidí agus cuir i láthair

Rinne comhaltaí agus líon foirne óráidí agus cuir i láthair, faoi chúrsaí iomaíochta, os comhair réimse leathan lucht féachana in 2009. Sa bhreis ar an Seó Bóthair Camastaíl Tairisceana, rinneadh na hóraráidí agus na cuir i láthair a dhíriú ar na réimsí seo a leanas:

- **Tábhacht na hiomaíochta le linn tréimhsí deacra geilleagrach:** D'fhéadfadh tionchar diúltach a bheith ag cúlú geilleagrach ar iomaíocht; spreagtar gnóthais le cairtéil a bhunú agus is minic a bhíonn siad ag agairt le rialtais bearta speisialta a thabhairt isteach le hiad a chosaint ar éifeacht fás geilleagrach. Cabhraíonn iomaíocht le lucht déanta beartas, áfach, agus an geilleagar á athbhunú acu. Labhraigh an tÚdarás Iomaíochta faoin gceist seo ag líon fóram, lena n-áirítear an Cheardlann Geilleagrach Bhaile Átha Cliath a reáchtáladh i Neidín.
- **Toradh an Údaráis Iomaíochta:** Rinne an tÚdarás Iomaíochta líon cur i láthair le linn 2009 faoi thorthaí an Staidéir *Retail-related Import and Distribution Study*, agus staidéar níos luaithe ná sin ar an earnáil ghrósaeireachta, a foilsíodh sa bhliain 2008.

- **Beartas Iomaíochta, agus ról agus feidhmeanna an Údaráis Iomaíochta:** Rinne líon foirne an Údaráis Iomaíochta líon léachtaí agus cur i láthair faoi bheartas iomaíochta, agus faoi ról agus feidhmeanna an Údaráis Iomaíochta ag institiúidí oideachais lena n-áirítear Institiúid Teicneolaíochta Cheatharlach, Ollscoil Luimnigh, Coláiste na hOllscoile Corcaigh agus an Foras Riaracháin.

Tá liosta de na hóráidí agus de na cuir i láthair a rinneadh ag an Seó Bóthair Camastaíl Tairisceana in Aguisín D.

Na Meáin Chumarsáide

Déantar eolas faoi cheisteanna beartas iomaíochta, mar aon le heolas faoi obair an Údaráis Iomaíochta a scaipeadh trí hagallaimh a dhéantar leis na meáin. Go deimhin, is slí éifeachtúil é seo, go ginearálta, leis an bpobal a chur ar an eolas faoi cheisteanna beartas. Rinne comhaltaí agus líon foirne an Údaráis Iomaíochta líon mór agallamh le lucht raidió agus teilifíse sa bhliain 2009 (Féach Aguisín E). I ndiaidh na bhfoilseachán seo a leanas, chuir na meáin chumarsáide suim mhór iontu go háirithe: an staidéar ar a dtugtar an *Retail-related Import and Distribution Study*, tuarascáil na *Liachleachtóirí Ginearálta*, agus cinneadh an Údaráis Iomaíochta tús a chur le himeachtaí in aghaidh an VFI (Vintners Federation of Ireland) agus an LVA (Licensed Vintners Association). Thángthas ar an gcinneadh sin i ndiaidh dóibh "reo praghsanna" a fhógairt i mí na Nollag 2008. Úsáidtear preaseisiúintí leis na meáin agus an bpobal a chur ar an eolas faoina chuid gníomhaíochtaí freisin.

Leabhráin Faisnéise

Mar chuid de na gníomhaíochtaí for-rochtana agus feasachta eolais, d'fhoilsigh an tÚdarás Iomaíochta ceithre leabhrán in 2009. Soláthraítear eolas ginearálta iontu faoin ról atá ag beartas agus ag dlí na hiomaíochta sa gheilleagar, agus faoi cad is cóir duit a dhéanamh má tá amhras ort go bhfuil dlí na hiomaíochta á sárú:

- **Baineann gach duine tairbhe as iomaíocht.** Taispeántar sa leabhrán seo an tairbhe a bhaineann tomhaltóirí, gnóthais agus an sochaí as iomaíocht go ginearálta. Tugtar léiriú ar an tslí a gcuireann iomaíocht le níos mó táirgiúlacha agus le fás geilleagrach. Díritear é go háirithe orthu siúd atá páirteach i mbeartas poiblí. Tugann sé samplaí de roghanna níos fearr a bhí ag tomhaltóirí agus de phraghsanna ní b'ísle, i réimse na heitlíochta agus na teileachumarsáide, a chonacthas mar thoradh ar leibhéal ní b'airde iomaíochta. Tugann sé samplaí de réimsí an gheilleagair nach ann do go leor iomaíochta go fóill mar aon le moltaí le hiomaíocht a chur chun cinn sna réimsí sin.
- Soláthraíonn an leabhrán dar teideal **Treoir um Dhlí na hIomaíochta agus Beartas do Thomhaltóirí** faisnéis faoin tslí a mbaineann tomhaltóirí tairbhe as iomaíocht, agus faoin tslí a ndéanann cairtéil, cumaisc fhrithiomaíochta agus mí-úsáid ceannasachta dochar do thomhaltóirí agus don gheilleagar ar an iomlán. Soláthraíonn sé cuntas ar cad ba chóir duit a dhéanamh má tá amhras ort gurb ann do chairtéil nó faoi fhoirmeacha eile d'iompar frithiomaíoch.
- Léirítear sa leabhrán dar teideal **Treoir um Dhlí na hIomaíochta agus Beartas do Ghnóthais** an tslí a ndéanann iomaíocht maitheas do ghnóthais – idir bheaga, mheánmhéide agus mhóra. Mar thomhaltóirí earraí agus seirbhísí, baineann gnóthais tairbhe mhór as margaí iomaíochta. Tá dualgas ar ghnóthais, áfach, faoi dhlí na hIomaíochta. Soláthraíonn an leabhrán seo cuntas faoin iompar a thoirmiscítear faoi dhlí na hiomaíochta in Éirinn agus san Eoraip. Tugann sé léiriú ar na comharthaí a thugann le fios go bhfuil dlí na hiomaíochta á sárú agus ar cad ba chóir do ghnóthais a dhéanamh má tá amhras orthu go bhfuil a leithéid ag tarlú. Soláthraítear faisnéis freisin ar an gClár um Dhíolúine ó Ionchúiseamh ar Chairtéil.

- Soláthraíonn an leabhrán dar teideal **An tslí ar féidir Tairiscintí Claonpháirteacha a aithint agus a chosc** faisnéis don phobal faoi na comharthaí a thugann le fios gurb ann do thairiscintí claonpháirteacha nó do chamastaíl tairiscintí agus faoin tslí ar féidir iad a thuairisciú. Is coir crua cairtéil é camastaíl tairiscintí agus féachtar air ar fud an domhain mar shárú dháiríre ar dhlí na hiomaíochta. Cuirtear na pionóis is déine orthu siúd a fhaightear ciontach i gcoireanna dá leithéid, lena n-áirítear téarmaí príosúnachta. Soláthraítear comhairle sa leabhrán seo faoi fhoirmeacha coitianta de chamastaíl tairiscintí agus faoin tslí ar féidir iad a aithint. A thábhachtaí céanna is ea na céimeanna ar féidir a ghlacadh i bpróiseas tairisceana le tairiscintí claonpháirteacha a sheachaint. Cé go bhfuil sé dírithe, go príomha, ar oifigigh soláthair atá ag obair san earnáil phoiblí, bíonn spéis ag gach cinéal gnóthais sa leabhrán seo. Bheadh spéis ag daoine a iarrtar ar thairiscintí nó a chuireann tairiscintí isteach sa leabhrán seo.

Tá cóipeanna leictreonacha de na leabhraí seo ar fáil ó láithreán gréasáin an Údaráis Iomaíochta www.tca.ie nó trí ghlaó a chur ar 01 8045400 nó ar 1890 220 224.

Cruinnithe le Coistí an Oireachtais

Bhuail Cathaoirleach an Údaráis Iomaíochta leis an gCoiste Fiontar, Trádála, agus Fostaíochta an 1 Iúil 2009 le feidhmíocht an Údaráis Iomaíochta a phlé agus an tslí a gcuireann sé a chuid feidhmeanna i gcrích. Bhí príomhábhar an chruinnithe bainteach le staidéar an Údaráis Iomaíochta ar a dtugtar *Retail-related Import and Distribution Study*, na difríochtaí praghsanna idir Tuaisceart Éireann agus Poblacht na hÉireann, agus na cleachtais mhíchothroma líomhnaithe san earnáil ghrósaeireachta agus sa chóras pleanála. Leag an Cathaoirleach an bhéim ar a thábhachtaí agus atá sé an costas gnó a laghdú. Sa bhreis air sin, mhol an Cathaoirleach go rachadh aon duine a bhfuil fianaise aige maidir le cleachtais mhíchothroma i dteagmháil leis an Údarás Iomaíochta agus go gcuirfeadh sé/sí an fhianaise sin faoina bhráid. Maidir le dlíthe pleanála, mhaígh an Cathaoirleach go ndéanfaí dlíthe pleanála a leasú, de réir molta a rinne an tÚdarás Iomaíochta cheana, ionas go dtabharfaí tosca iomaíochta san áireamh freisin.

Moltaí a rinne an tÚdarás Iomaíochta roimhe seo

Ón mbliain 2000, tá tuarascálacha cuimsitheacha faoi dhá éarnáil déag den gheilleagar foilsithe ag an Údarás Iomaíochta. Sna tuarascálacha seo, rinneadh 163 moladh do Ranna Rialtais, do ghníomhaireachtaí poiblí agus d'eagraíochtaí na hearnála príobháidí.

Gach bliain, leanann an tÚdarás Iomaíochta de bheith ag tabhairt tacaíochta do chur i bhfeidhm na moltaí sin. Faoi dheireadh na bliana 2009, bhí níos mó ná 40% moltaí a rinneadh ó 2000 curtha i bhfeidhm. Bhí 30% moltaí eile á bpróiseáil ach amháin sa chás nuair nach raibh aon ghníomh ag teastáil. Is dul chun cinn é seo ó 2008; léiríonn sé go príomha gur cuireadh líon moltaí, a bhí á bpróiseáil in 2008, i bhfeidhm go hiomlán in 2009. Níor cuireadh an 30% eile i bhfeidhm go fóill. Tá achoimre gearr ar stádas na moltaí i ngach tuarascáil thíos.

Ar ndóigh, cé gur cuireadh na moltaí i bhfeidhm, ní thugann sé sin le tuiscint go bhfuil gach rud i gceart in earnáil ar bith, ó thaobh na hiomaíochta de. Athraíonn margaí thar ama; is ann do mholtaí le hiomaíocht a spreagadh agus a éascú, ach ní féidir bheith cinnte. Rachaidh an tÚdarás Iomaíochta sa tóir ar fhianaise de chairtéil, de mhí-úsáid ceannasachta, nó ar fhianaise de ghníomhaíochtaí mídhleathacha eile in earnáil ar bith den gheilleagar, cibé acu a rinneadh staidéar margaidh uirthi nó nach ndearnadh.

Liachleactóirí Ginearálta (2009)

Ag am a fhoilsithe, bhí Comhairle na nDochtúirí Leighis, agus Coláiste Liachleachtóirí na hÉireann aontaithe faoi dhá mholadh a rinneadh i dtuarascáil an Údaráis Iomaíochta.

Staidéar ar Iompórtáil agus Dáileadh miondíola

Spreag an tÚdarás Iomaíochta an Rialtas leis an gcostas gnó in Éirinn a laghdú mar aon leis an marcáil suas a íoctar le cógaslanna. Tá an ceann deireanach á dhéanamh agus is dúshlán fadtréimhseach é an chéad cheann.

An Ghróseaireacht (2008)

Tá athbhreithniú á dhéanamh faoi láthair ag an Roinn Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtas áitiúil ar na *Treoirlínte Pleanála Miondíola*. Díródh seacht moladh a rinne an tÚdarás Iomaíochta ar na Treoirlínte sin a shocrú, le hiomaíocht a chur chun cinn ar shlí níos fearr.

Tréidlianna (2008)

D'fhoilsigh Comhairle na dTréidlianna Cód Nua Um Iompar Gairmiúil i mí na Samhna 2009. Le linn di déanamh amhlaidh, rinne siad a gcuid rialacha fógraíochta agus a gcuid rialacha um ghnó a shireadh a leasú, ó thaobh Tréidlianna de. Buailfidh an tÚdarás Iomaíochta leis an gComhairle go luath leis an gCód nua a phlé i gcomhthéacs an dá mholadh a rinne an tÚdarás leis an gComhairle go ndéanfaí srianta fógraíochta nó na srianta atá ar shireadh a bhaint ón gCód do ghnóthais.

Fiaclóirí (2007)

Tá an Chomhairle Fiaclóireachta tar éis dhá mholadh shuntasacha ó thuarascáil an Údaráis Iomaíochta a chur i bhfeidhm – tugadh isteach teicneoir fiaclóra cliniciúil, ar gairm nua é agus tugadh saoirse dóibh a gcuid praghsanna agus seirbhísí a fhógairt. In 2007, luaigh an Roinn Sláinte agus Leanaí go dtabharfadh sé aghaidh ar na moltaí eile i gcomhthéacs Beartas nua Náisiúnta um Shláinte Béil. Cuireadh an beartas seo siar sa Roinn.

Árachas Sláinte Príobháideach (2007)

Cuireadh beagnach gach ceann de mholtaí thuarascáil an Údaráis Iomaíochta i bhfeidhm go hiomlán, nó rinneadh iad a mholadh, i ndrúacht-reachtaíocht de chuid an Aire Sláinte agus Leanaí, nó chuir an tÚdarás Árachas Sláinte i bhfeidhm iad.

Dlíodóirí & Abhcóidí (2006)

Tá na moltaí go léir a tugadh do Dhlí-Chumann na hÉireann curtha i bhfeidhm nó curtha chun cinn. Cé gur cuireadh cuid mhór de na moltaí a tugadh do Chomhairle Barra na hÉireann i bhfeidhm, níl moltaí an Údaráis Iomaíochta curtha i bhfeidhm go fóill, is é sin go soláthrófaí rochtain dhíreach ar chomhairle dlí d'abhcóidí agus go dtabharfaí cead dóibh obair ghrúpa a dhéanamh.

Chuir an tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí ceann amháin den dhá mholadh déag i bhfeidhm. Ba é an moladh sin go gcuirfí córas deonach oiliúna Gaeilge ar ardleibhéal i bhfeidhm in ionad an bhunriachtanais inniúlachta sa Ghaeilge. Ar na moltaí nach bhfuil curtha i bhfeidhm ag an Aire go fóill, tá ceann de na moltaí is tábhachtaí i dtuarascáil an Údaráis Iomaíochta, is é sin go mbeadh an lucht dlí faoi réir maoirsiú neamhspleách rialála in ionad an chórais reatha, ar córas féinrialacháin é den chuid is mó.

Optaiméadraithe(2006)

Ligeann an FSS d'optaiméadraithe scrúduithe súile, atá maoinithe ag an Stát, a sholáthar anois do leanaí, a roghnaítear trí scagadh a dhéanamh orthu agus iad ag fágáil na scoile náisiunta i réigiúin áirithe na tíre. Níl na srianta fógraíochta, a aithnítear i dtuarascáil an Údaráis Iomaíochta, bainte ag Bord na Radharcmeastóirí go fóill. Tá dul chun cinn déanta ag an Aire Sláinte agus Leanaí ar thrí mholadh a cuireadh faoina bráid. Tá plean á cur le chéile aici Bord na Radharcmeastóirí a thabhairt chuig creat rialála na Comhairle nua um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh.

An Bhaincéireacht (2005)

Tá an Rialtóir Airgeadais, Cumann Baincéireachta na hÉireann, Eagraíocht na hÉireann um Sheirbhísí Íocaíochta agus an tAire Airgeadais tar éis aghaidh a thabhairt ar gach moladh i dtuarascáil an Údaráis Iomaíochta. Maidir leis na moltaí eile, táthar ag brath ar chinntí tábhachtacha eile faoin earnáil baincéireachta in Éirinn agus ar an méid a chuirtear modhanna leictreonacha íocaíochta chun cinn in ionad na modhanna páipéar.

Ailtirí (2005)

Anois agus Clár nua reachtúil Ailtirí i bhfeidhm, tá cuid is mó de mholtaí thuarascáil an Údaráis Iomaíochta curtha i bhfeidhm, nó táthar á gcur i bhfeidhm. Chinn an tAire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil nach gcuirfí rialatheoir neamhspleách ar fáil d'ailtirí ach go gcruthófaí an comhlacht is mó neamhspleách proifisiúnta ionadaíoch, is é an an RIAI, a bheadh ag feidhmiú mar rialatheoir nua. Chuir an tAire cosaintí eile i bhfeidhm, áfach, a mhol an tÚdarás Iomaíochta, le coinbhleachta leasa a laghdú.

Árachas Neamhshaoil (2005)

Thug an Rialtóir Airgeadais aghaidh ar na moltaí go léir i dtuarascáil an Údaráis Iomaíochta a raibh an chumhacht aige aghaidh a thabhairt orthu. Níor chuir an Rialtóir roinnt moltaí i bhfeidhm de bhrí gur tharla eachtraí eile nach raibh gá ag baint leo a thuilleadh dá bharr. I gcásanna áirithe, bhí baol ann go mbeadh an iomarca faisnéise do thomhaltóirí i gceist mar gheall ar mholadh a rinneadh go mbeadh sé éigeantach faisnéis a sholáthar do thomhaltóirí. In ionad sin, chuir an Rialtóir ceangal ar chuideachtaí árachais agus ar idirghabhálaithe an fhaisnéis sin a sholáthar nuair a iarrann an tomhaltóir uirthi.

Innealtóirí (2003)

Ní raibh ach dhá mholadh sa tuarascáil seo agus ní raibh aon ghá le beart a dhéanamh ina dtaobh ag an am.

5. OBair IDIRNÁISIÚNTA

Rinne an tÚdarás Iomaíochta oibleagáidí an AE a chomhlíonadh agus ghlac siad páirt ghníomhach in eagraíochtaí idirnáisiúnta. Is óna ról forfheidhmithe i ndlí na hiomaíochta san Eoraip (.i. forálacha iomaíochta an Chonartha ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh) a eascraíonn ról idirnáisiúnta an Údaráis Iomaíochta go príomha, i dteannta an Choimisiúin Eorpaigh agus na n-údarás náisiúnta iomaíochta sna Ballstáit. Chomh maith leis sin, is ionadaí na hÉireann é an tÚdarás Iomaíochta ag cruinnithe an Choiste Iomaíochta de chuid na hEagraíochta um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta. Glacann siad páirt i bhfóraim eile idirnáisiúnta le dea-chleachtas sa ghníomhaireacht a chur chun cinn agus le teacht ar an eolas is déanaí faoi cheisteanna iomaíochta uilíocha.

An Coimisiún Eorpach

Is ionadaí na hÉireann é an tÚdarás Iomaíochta ag comhairliúcháin an Choimisiúin Eorpaigh a bhaineann le cásanna forfheidhmiúcháin iomaíochta, agus le tionscnaimh dlí agus beartas iomaíochta. Sula ndéantar cinneadh faoi mhí-úsáid ceannasachta, mar shampla, nó faoi chumasc beartaithe, bíonn ar an Údarás Iomaíochta tuairim na mBallstát go léir a fháil trí 'Choistí Comhairleacha'. Sa bhreis air sin, téann an Coimisiún i gcomhairle le Ballstáit faoi chleachtais fhorfheidhmiúcháin bheartaithe, faoi threoir, beartais agus reachtaíocht a bhaineann le beartas agus dlí na hiomaíochta pobail. Déanann an tÚdarás Iomaíochta an ról seo a chomhlíonadh trí bheith ag freastal ar chruinnithe cinnteoireachta agus ar chruinnithe eile freisin. Sa bhreis air sin, cuireann sé le hanailís beartas agus cásanna ó bhéal agus i scríbhinn. Ní fhreastalaíonn an tÚdarás Iomaíochta ar na cruinnithe go léir ach díríonn siad a gcuid acmhainní ar na cásanna a mbíonn éifeacht acu ar thomhaltóirí Éireannacha. Dírítear freisin ar chruinnithe ardleibhéil a chuireann feidhmiú seasmhach agus éifeachtúil dlí na hEorpa chun cinn.

In 2009, d'fhreastail an tÚdarás Iomaíochta ar thrí choiste chomhairleacha. Bhí siad mar rapporteur ag ceann amháin acu.

An Líonra Eorpach um Iomaíocht

Tá sé riachtanach d'údaráis náisiúnta iomaíochta de chuid na mBallstát bheith ina gcomhaltaí den Líonra Eorpach um Iomaíochta ("ECN"). Bunaíodh sa bhliain 2004 é le comhar a éascú agus rialacha iomaíochta na gComhPobal á gcur i bhfeidhm ar shlí sheasmhach. Déantar é sin trí shocruithe roinnte faisnéise, trí shocruithe cúnaimh agus trí shocruithe comhairliúcháin. Is é aidhm an ECN creat éifeachtúil dlíthiúil a fhorbairt a thugann dúshlán na gcuideachtaí a bhíonn páirteach i gcleachtais trasteorann a chuireann srian le hiomaíocht agus a dhéanann dochar do leas an tomhaltóra.

In 2009, d'fhreastail an tÚdarás Iomaíochta ar dhá chineál cruinnithe ginearálta ardleibhéil; cruinnithe Ard-Stiúrthóirí agus cruinnithe iomlánacha ECN. Bhí an tÚdarás Iomaíochta gníomhach i gceithre as na cúig Mheitheal de chuid an ECN agus i gcúig as an t-aon Fhoghrúpa Earnála déag.

Maidir leis na Meithleacha, d'fhreastail an tÚdarás Iomaíochta ar chruinnithe grúpaí a bhíonn ag plé leis seo a leanas: Comhoibriú na n-Údarás Iomaíochta, Díolúintí ó Shrianta Ingearacha, Trócaire agus Príomheacnamaithe. Áirítear ar na Foghrúpaí earnála: Baincéireacht, Árachas, Fuinneamh, Bia, Ceisteanna Tomhaltóirí agus Mí-úsáid Ceannasachta.

Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta

Tá Éire ina comhalta den Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta ("OECD"). Tríd an eagraíocht seo is féidir leis an 30 rialtas, atá ina gcomhaltaí den OECD, ceisteanna eacnamaíochta, sóisialta agus beartas rialachais a phlé. Chomh maith leis sin, tá an OECD ina foinse neamhspleách i gcomhair taighde agus anailís beartas. Go

bunúsach, is éard atá san OECD ná Coistí a dhíríonn a gcuid oibre ar réimse leathan ceisteanna beartas. Is é an Coiste Iomaíochta atá freagrach as beartas iomaíochta.

Is é príomhaidhm an Choiste Iomaíochta iomaíocht a chosaint agus a chur chun cinn mar phrionsabal eagraithe sna geilleagair nua-aimseartha bunaithe ar an eolas go gcuireann iomaíocht bhríomhar margaidh le fás agus le fostaíocht, agus go mbíonn geilleagair níos solúbtha agus nuálaíche dá bharr. Chomh maith leis sin, cuireann an Coiste athchóiriú chun cinn trí bheith ag spreagadh agus ag cabhrú le cinnteoirí an Rialtais dul i ngleic le cleachtais agus le rialacháin fhrithiomaíocha.

Freastalaíonn an tÚdarás Iomaíochta ar chruinnithe Choiste Iomaíochta an OECD, agus ar dhá mheitheal ghaolmhara, trí huaire in aghaidh na bliana: Meitheal 2 um Iomaíocht agus Rialachán agus Meitheal 3 um Chomhar agus um Fhorfheidmiú. Mar chuid de na cruinnithe seo, déantar príomhcheisteanna beartas a phlé go minic agus tugtar cuireadh do thíortha atá ina gcomhaltaí den choiste aighneachtaí a chur faoi bhráid an choiste roimh ré. In 2009, chuir an tÚdarás Iomaíochta ceithre aighneacht faoi bhráid an Choiste maidir leis na nithe seo a leanas:

- i. Iomaíocht agus Margaí Airgeadais;
- ii. Caighdeán Athbhreithnithe ar Chumaisc;
- iii. Cumasc Tarrthála; agus
- iv. Cógaisíocht Chineálach.

Déanann OECD na haighneachtaí seo go léir a fhoilsiú ag tréimhse níos déanaí, i dteannta tuarascáil chúlra de chuid Rúnaíocht an OECD agus sintéis den phlé.

An Líonra Idirnáisiúnta um Iomaíocht

Tá an tÚdarás Iomaíochta ina chomhalta den Líonra Idirnáisiúnta um Iomaíocht ("ICN"). Is é aidhm an ICN áit speisialaithe, ach neamhfhoirmiúil, a sholáthar d'údaráis iomaíochta le tacú le forbairt dea-chleachtais, i réimse an dlí agus beartas iomaíochta, agus le haghaidh a thabhairt ar cheisteanna praiticiúla iomaíochta. Tá an tÚdarás Iomaíochta gníomhach i gceithre mheitheal de chuid an ICN: an Meitheal Cumasc, an Meitheal Abhcóideachta, an Meitheal um Iompar Aontaobhach agus an Meitheal Cairtéal.

I dteannta na Roinne in aghaidh Trustaí sa Roinn Dlí agus Cirt SAM (US DOJ), tá an tÚdarás Iomaíochta ina chomhchathaoirleach ar an Meitheal Cumasc. Chomh maith leis sin, tá sé ina chathaoirleach ar Fhogrúpa Imscrúduithe agus Anailíse Cumasc de chuid an ICN. Ag cur leis an rath a bhí ar an *ICN Merger Guidelines Workbook*, tá an Meitheal Cumasc ag déanamh iniúchadh faoi láthair ar réimsí substaintiúla inar féidir cleachtais, atá molta i gcomhair anailíse ar chumaisc, a chur chun cinn. I rith na bliana 2009, chuir an Meitheal dréacht-chleachtais i gcrích.

Ghlac an tÚdarás Iomaíochta páirt i Meitheal Abhcóideachta an ICN in 2009 agus bhí sé rannpháirteach i ndréacht den Market Studies Handbook de chuid an ICN. Is é aidhm an lámhleabhair seo an treoir is fearr idirnáisiúnta faoi dhea-chleachtais a sholáthar le staidéar a dhéanamh ar mhargaí. Cuirfear críoch leis sa bhliain 2010.

Sa Meitheal um Iompar Aontaobhach, chuir an tÚdarás Iomaíochta aighneachtaí faoina mbráid faoin diúltú ceistneoirí a sholáthar. Bhí siad gníomhach i ngach réimse eile den Meitheal freisin.

Tá an tÚdarás Iomaíochta ina chomhalta gníomhach den Meitheal Cairtéal de chuid an ICN. Chabhraigh Roinn na gCairtéal leis an bhFoghrúpa um Theicnící Forfheidhmiúcháin agus iad mar chomhalta de na foirne a roinne dhá Chaibidil de Lámhleabhar

Forfheidhmiúcháin na gCairtéal a dhréachtú. Áirítear orthu sin Caibidil 6 faoi theicnící agallóireachta a foilsíodh sa bhliain 2004, agus Caibidil 4 faoi Thionscnamh Cásanna (Athbhreithnithe) a fhoilseofar sa bhliain 2010. Sa bhreis air sin, sholáthair an Roinn cainteoirí do dhíospóireachtaí painéil ag Ceardlanna Bliantúla Cairtéal de chuid an ICN, agus do shraith glaonna idirnáisiúnta comhdhála coiriúla.

Udaráis Eorpacha um Iomaíocht

Tá an tÚdarás Iomaíochta ina chomhalta de na hÚdaráis Eorpacha um Iomaíocht ("ECA"). Soláthraíonn an ECA fóraim díospóireachta idir Údaráis Náisiúnta um Iomaíocht i Limistéar Eacnamaíochta na hEorpa. Áirítear ar chomhaltaí an ECA údaráis iomaíochta ó Bhallstáit an AE, an Coimisiún Eorpach, Ballstáit Limistéar Shaorthrádála na hEorpa ("EFTA") agus Údarás Faireachais an EFTA. Tá ECA ag déanamh iarrachta comhar idir údaráis iomaíochta a fheabhsú agus cur le forbheidhmiú éifeachtúil dlí náisiúnta agus Eorpaigh. Ghlac an tÚdarás Iomaíochta páirt i gcrúinniú bliantúil an ECA sa bhliain 2009.

6. SEIRBHÍSÍ CORPORÁIDEACHA

Maoiniú

Déantar an tÚdarás Iomaíochta a mhaoiniú ó dheontas bliantúil a fhaightear ón Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta. I ndiaidh bhuiséad forlíontach mhí Aibreáin 2009, ba é €5.57m méid an deontais. Tá cuntais an Údaráis Iomaíochta faoi réir a iniúchta ag an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste. Ní cheaptar go mbeidh an t-iniúchadh, atá á dhéanamh ar chuntais 2009, críochnaithe go dara ráithe na bliana 2010. Agus seo á scríobh, áfach, is é €5.38m an méid caiteachais, ar é an réamhthoradh neamhiniúchta é. Níor caitheadh méid iomlán an bhuiséid mar thoradh ar roinnt folúntas sa dara leath den bhliain go príomha. Tugadh an coigilteas a d'aithin an tÚdarás Iomaíochta don Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta.

Foráiltear sa Chód Cleachtais do Rialachas na gComhlachtaí Stát, a foilsíodh i mí Iúil 2009, nach mór do chomhlachtaí Stát a gcuid cuntas iniúchta bliantúil a fhoilsiú i dteannta a gcuid tuarascálacha bliantúla. Ceanglaíonn alt 43 den Acht Iomaíochta, 2002, ar an Údarás Iomaíochta a thuarascáil bhliantiúil a fhoilsiú faoi dheireadh mhí Feabhra gach bliain. Ceanglaíonn alt 41 den Acht air, áfach, a gcuid cuntas bliantiúil airgeadais a chur faoi bhráid an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste lena n-iniúchadh, faoi dheireadh mhí an Mhárta gach bliain. Dá bhrí sin, ní féidir leis an Údarás Iomaíochta na cuntais iniúchta a fhoilsiú i dteannta na tuarascála bliantúla.

Luaitear sa Chód Chleachtais chomh maith gur chóir na Comhlachtaí Stát sonraí tuarastail an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin a fhoilsiú, ar mhaithe le trédhearcacht agus le rialachas maith. D'fhonn an riachtanas seo a chomhlíonadh, féachann an tÚdarás Iomaíochta ar an gCathaoirleach mar PhríomhOifigeach Feidhmiúcháin. In 2009, bhí tuarastal an Chathaoirleach de réir bheartas pá an Rialtais agus ba ionann é agus pá a bheadh ag leas-rúnaí, mar atá leagtha amach in Aguisín 2A Chiorclán E107/22/06 na Roinne Airgeadais .i. €186,891.

Saoráil Faisnéise

Rinneadh ceithre iarratas ar an Údarás Iomaíochta i gcomhair faisnéise faoin Acht um Shaoráil Faisnéise sa bhliain 2009. Ba iarratais neamhphearsanta iad na ceithre iarratas sin. Ceadaíodh dhá cheann den cheithre iarratas sin, níor ceadaíodh ach cuid den tríú iarratas toisc gur diúltaíodh rochtain ar dhoiciméid éagsúla, agus rinneadh an ceann deireanach a aistriú chuig an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta.

Acmhainní Daonna

Rinne an Rialtas líon beart a thabhairt isteach sa bhliain 2009 le leibhéal foirne na seirbhíse poiblí a laghdú. Airítear orthu sin moratorium ar earcaíocht, sos gairme le dreasachtaí agus scéimeanna um Luathscor a tugadh isteach. Mar thoradh air sin, bhí naonúr níos lú ag obair don Údarás Iomaíochta in 2009 ná mar a bhí roimhe sin. Ag deireadh na bliana 2009, bhí 46 ag obair don Údarás Iomaíochta ón líon foirne de 59 a cheadaítear.

Seirbhís do Chustaiméirí

In 2005, ghlac an tÚdarás Iomaíochta le Cairt Chustaiméirí, a léiríonn a dtiomantas don tseirbhís is fearr is féidir a sholáthar a chinntiú dá gcuid custaiméirí. In 2009, d'fhonn monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht an Údaráis, faoin gCairt Chustaiméirí sin, rinneadh iniúchadh ar 35% comhfhreagas teilefóin agus leictreonach, ar chomhfhreagas é a d'éiligh go ndéanfadh an tÚdarás beart. Cé gur freagraíodh an chuid is mó den

chomhfheagrais de réir na cairte, níor aithníodh 3% den mhéid a fuarthas ar shlí a raibh de réir ár gcuid tiomantas do sheirbhís custaiméirí. Rinneadh 1% den chomhfheagrais a fhreagairt trí fhreagra eastramhach/iomlán ag tréimhse níos déanaí ná an spriocdháta. Ag féachaint ar na torthaí sin, méadóidh an tÚdarás Iomaíochta an méid chomhfheagrais a ndéanfar iniúchadh air sa bhliain 2010. Cuirtear fáilte roimh aiseolas ón bpobal faoin tslí ar féidir an tseirbhís do chustaiméirí a fheabhsú.

A. STRUCHTÚR AN ÚDARÁIS IOMAÍOCHTA

Comhaltaí an Údaráis Iomaíochta

William Prasifka

Cathaoirleach

Stiúrthóir Seirbhísí Corporáideacha agus Ranna na Monaplachtaí



Declan Purcell

Stiúrthóir na Roinne Abhcóideachta



Stanley Wong

Stiúrthóir Roinn na gCumasc



Carolyn Galbreath

Stiúrthóir Roinn na gCairtéal



Struchtúr Eagraíochtúil an Údaráis Iomaíochta²⁰

	Roinn				
	Abhcóideacht	Cumaisc	Seirbhísí Corparáideacha	Cairtéil	Monaplachtaí
Comhaltaí	Declan Purcell	Stanley Wong	William Prasifka	Carolyn Galbreath	William Prasifka
Feidhmeanna	Staidéar, anailís agus tacaíocht na hiomaíochta i margaí a bhfuil srian curtha ag an Stát orthu, agus ar léirscaoileadh na margaí, agus caidreamh poiblí	Fógraí faoi chumaisc, athbhreithniú agus forfheidhmiú	Bainistíocht acmhainní daonna, airgeadas, seirbhísí dlíthúla, tacaíocht riaracháin.	Cairtéil a imscrúdú agus a ionchúiseamh faoi alt 4 agus forfheidhmiú an dlí ina n-aghaidh.	Cásanna, a raibh mí-úsáid ceannasachta i gceist leo, a imscrúdú agus forfheidhmiú a dhéanamh ina n-aghaidh faoi alt 4 agus 5, mar aon le cásanna de chomhaontuithe nach cairtéil iad (idir chomhaontuithe cothrománacha agus chomhaontuithe ingearacha).
Bainisteoirí na Roinne	Carol Boate	Ibrahim Bah	Ciarán Quigley	Cormac Keating	John Evans
Comhairleoirí Dlí			Noreen Mackey David McFadden		
An Preasoifigeach	Janet McCoy				
Oifigigh cáis	Ciarán Aylward Cathal Hanley Deirdre McHugh Kathryn MacGuill Malachy Fox	Victoria Balaguer Barry O'Donnell Andrew Rae Elisa Ryan		John Burke Thomas Fitzpatrick Catherine Kilcullen Eksteen Maritz Daniel Kenna Joe McLoughlin ²¹ Joseph Walser John Gasaway	Aoife Brennan Anne Ribault O'Reilly John McNally David O'Connell Haiyan Wang
Ardoifigigh Feidhmiúcháin			James Plunkett Sandra Rafferty		
Oifigigh Feidhmiúcháin	Pat Downey		Stephen Lalor Elizabeth Heffernan		
Oifigigh chléireachais			Laraine Cooper Mark Wilkinson	Stephen Tighe	Sandra Brennan

²⁰ Léiríonn sé seo foireann an Údaráis Iomaíochta an 31 Nollaig 2009. Is ann do naoi bpost eile atá folamh faoi láthair mar gheall ar shosanna gairme agus ar shaoire mháithreachais

²¹ Tá an Bleachtaire-Sháirsint Joe McLoughlin ar iasacht ag an Údarás Iomaíochta ón 'Garda Bureau of Fraud Investigation'.

B. CUMAISC A CUIREADH IN IÚL DON ÚDARÁS IOMAÍOCHTA IN 2009

Fógra	Earnáil Eacnamaíoch	Dáta an Fhógra	Stádas
M/09/001 - SGVHT / Naspá	Seirbhísí airgeadais	13/01/2009	Críochnaithe 04/02/2009
M/09/002 - HMV / Zavvi	Ritheann siopaí a dhíolann táirgí siamsaíochta	15/01/2009	Críochnaithe 23/01/2009
M/09/003 - Communicorp / Boxer Sweden	Teilifís iníoctha agus seirbhísí gaolmhara	16/01/2009	Críochnaithe 13/02/2009
M/09/004 - Unilever / TIGI Completed	Táirgí cúram gruaige	13/02/2009	Críochnaithe 11/03/2009
M/09/005 - MAHC / HSB	Earnálacha Árachais agus Athárachais	16/02/2009	Críochnaithe 05/03/2009
M/09/006 - Mabadala/SR Technics	Cothabháil, deisiú agus ollchóiriú Aerarthaí	11/03/2009	Críochnaithe 19/03/2009
M/09/007 - Max / IPC	Earnálacha Árachais agus Athárachais	27/03/2009	Críochnaithe 16/04/2009
M/09/008 - Chevron / Texoil	Dáileadh Táirgí Peitrlíam	27/03/2009	Críochnaithe 23/04/2009
M/09/009 - Euro / Fresh	Deochanna neamhmheisciúla	08/04/2009	Críochnaithe 07/05/2009
M/09/010 - LL / TPD / FIL & FreshMills / Drummonds	1. Talamhghnó. 2. Déanamh agus soláthar leasacháin.	21/05/2009	Críochnaithe 18/06/2009
M/09/011 - BFBP / CNCE	Baincéireacht Mhiondíola	30/06/2009	Críochnaithe 23/07/2009
M/09/012 - SRF III / Touax Railcar leasing	Seirbhísí airgeadais	08/07/2009	Críochnaithe 06/08/2009
M/09/013 - Metro / Herald AM	Foilsíú agus fógraí nuachtáin.	17/07/2009	Críochnaithe 06/11/2009
M/09/014 - Noonan Services / Federal Security Group	Seirbhísí slándála sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn	17/07/2009	Críochnaithe 14/08/2009
M/09/015 - Vodafone Ireland / BT Ireland	Teileachumarsáid in Éirinn	22/07/2009	Críochnaithe 21/08/2009
M/09/016 - Tedcastles / Fate Park	Dáileadh ola tráchtála agus miondíola in Éirinn	27/07/2009	Críochnaithe 06/08/2009
M/09/017 - IBM Corporation / SPSS Inc.	Teicneolaíocht Faisnéise	10/08/2009	Críochnaithe 03/09/2009

M/09/018 - C&C Group / Tennent's Business	Táirgeadh agus dáileadh beorach agus deochanna eile	27/08/2009	Críochnaithe 17/09/2009
M/09/019 - J.P. Morgan Ventures Energy Corporation / EcoSecurities	Creidmheasanna carbóin a fháil, a fhorbairt agus a thrádáil.	24/09/2009	Críochnaithe 14/10/2009
M/09/020 - Dell / Perot Systems	Seirbhísí IT Domhanda	25/09/2009	Críochnaithe 20/10/2009
M/09/021 - ARAMARK / Veris	Bainistíocht saoráidí agus maoiné in Éirinn agus sa Ríocht Aontaithe.	01/10/2009	Críochnaithe 27/10/2009
M/09/022 - GSO / ALcontrol Laboratory	Anailís ar thástáil chomhshaoil.	07/10/2009	Críochnaithe 22/10/2009
M/09/023 - Emerson Electric/Avocent	Teicneolaíocht Faisnéise	21/10/2009	Críochnaithe 12/11/2009
M/09/024 - Greenstar / Veolia (Ireland)	Bainistiú dramhaíola in Éirinn	22/10/2009	Gníomhach
M/09/025 - Singapore Technologies / Eircom	Teileachumarsáid/cumarsáid leictreonach	11/11/2009	Críochnaithe 02/12/2009
M/09/026 - State Street Corporation / Mourant Limited	Seirbhísí riartha airgid agus riartha corparáide	14/12/2009	Gníomhach
M/09/027 - Apax / Iridium	Seirbhísí loighistice agus tacaíochta do chustaiméirí sa tionscal bithchógaisíochta	17/12/2009	Gníomhach

C. STATISTICÍ AR CHUMASC A MEASADH 2007-2009

	2009	2008	2007
Cumasc a fógraíodh	27	37	72
fógraí riachtanacha [alt 18(1)]	27	37	71
fógraí deonacha [alt 18(3)]	0	0	1
Tugtha ar aghaidh ón mbliain roimhe	2	9	9
déanta ag Céim 1	2	9	8
déanta ag Céim 2	0	0	1
Curtha ar aghaidh ag Coimisiún an AE (ECMR Airt 9)	0	1	0
LÍON IOMLÁN CÁSANNA	29	47	81
líon cumasc sna meáin	2	5	20
líon i gCéim 2 i mbliain an chinnte	1	2	3
líon i gCéim 2 i mbliain roimh an gcinneadh	0	0	1
Cásanna a tarraingíodh siar	0	0	2
Tarraingthe siar ag Céim 1	0	0	2
Tarraingthe siar ag Céim 2	0	0	0
Cinntí curtha in iúl	26	45	70
Cinntí Chéim 1 déanta gan aon mholtaí	25	43	64
Cinntí Chéim 1 déanta le moltaí	0	0	2
Cinneadh dearfach Chéim 2 gan coinníollacha ná moltaí	0	1	3
Cinntí Chéim 2 déanta le moltaí	0	0	1
Cinntí Chéim 2 déanta le coinníollacha	1	0	0
Cosc Chéim 2	0	1	0
Curtha ar aghaidh chuig Coimisiún an AE (ECMR Airt 22)	0	0	0
Tugtha ar aghaidh go dtí an chéad bhliain eile	3	2	9
Déanta ag Céim 1	3	2	9
Déanta ag Céim 2	0	0	0

D. ÓRÁIDÍ AGUS LÁITHREOIREACHTAÍ

Teideal	Fóram	Dáta	Duine
The Uniqueness of EC Competition Law and its Enforcement	Ollscoil an Ghnó agus na hEacnamaíochta Idirnáisiúnta, Béising	13 Eanáir	Stanley Wong
Abuse of Dominant Market Position	Cuireadh ón gCoimisiún Eorpach: Ceardlann AE-An tSín, Tionscadal Trádála AE-An tSín, Béising	14-15 Eanáir	Stanley Wong
Merger Control Proceedings	Cuireadh ón gCoimisiún Eorpach: Ceardlann AE-An tSín, Tionscadal Trádála AE-An tSín, Béising	16 Eanáir	Stanley Wong
Market Definition	Fiontraíocht Éireann, Baile Átha Cliath	20 Eanáir	William Prasifka
Competition and Cartels in Public Procurement	Public Affairs Ireland Conference, Baile Átha Cliath	30 Eanáir	Carolyn Galbreath
Role & Functions of the Competition Authority	Rang Máistreacht sa Dlí, Ollscoil Luimnigh, Luimneach	9 Márta	Declan Purcell
Competition in the Legal Profession	Rang Dlí, Institiúid Teicneolaíochta Cheatharlach, Ceatharlach	12 Márta	Declan Purcell
Bidding for Public Contracts	Bidding for Public Contracts Seminar, A&L Goodbody, Baile Átha Cliath	25 Márta	Vivienne Ryan
Detecting Anti-Competitive Practices in Public Procurement	Government Contracts Committee (GCC), Baile Átha Cliath	8 Aibreán	Catherine Kilcullen & Eksteen Maritz
Criminalisation of Cartels	International Competition Law Forum, Vársá	15 Aibreán	William Prasifka
Civil Fines Complement Criminal Enforcement	First Law Conference i gcomhar leis an Ionad um Dhlí Coiriúil agus Chearta an Duine i gColáiste na hOllscoile, Corcaigh, An Dlí-Chumann, Baile Átha Cliath	25 Aibreán	David McFadden
Compliance and Risk Management	Lawyer Conference, Hilton Park Lane, Londain	28 Aibreán	David McFadden
Detecting Anti-Competitive Practices in Public Procurement	Eprocurement network, Baile Átha Cliath	14 Bealtaine	Catherine Kilcullen & Eksteen Maritz
Antitrust in Challenging Times	Association of Corporate Counsel for Europe, An Bhruiséil	28 Bealtaine	Carolyn Galbreath

Criminal Cartels in Ireland	OECD Regional Centre for Competition, Tiorána	15-17 Meith	David McFadden
Vertical Restraints in Ireland	OECD Regional Centre for Competition, Tiorána	15-17 Meith	David McFadden
Merger Remedies: Lessons from Ireland and the EU	Remedies in Merger Control Conference, Údarás Iomaíochta na Tuirce, Iostanbúl	17 Meith	Stanley Wong
Opening Statement of the Chairperson	Comhchoiste an Oireachtais faoi Fhiontar, Trádáil agus Fostaíocht, Baile Átha Cliath	1 Iúil	William Prasifka
Competition and Cartels in Public Procurement	Public Affairs Ireland Conference, Baile Átha Cliath	9 Iúil	Carolyn Galbreath
Detecting Anti-Competitive Practices in Public Procurement	Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, An Tulach Mhór	10 Iúil	Catherine Kilcullen & Eksteen Maritz
Introducing EU Competition Commissioner Neelie Kroes	An Institiúid um Ghnóthaí Idirnáisiúnta agus Eorpacha, Baile Átha Cliath	17 Iúil	William Prasifka
Competition Law in Troubled Economic Times	Irish Centre for European Law: Competition Law Update: Competitive Solutions at a Time of Economic Crisis, Baile Átha Cliath	17 Iúil	Stanley Wong
Role & Functions of the Competition Authority	An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, Baile Átha Cliath	19 Lúnasa	Declan Purcell
Competition Policy in Good Times and Bad – the Role of Competition Advocacy	Léacht Bhliantúil - Jamaica Fair Trading Commission, Kingston	10 MF	Declan Purcell
Can Competition Replace Regulation?	Public Affairs Ireland Conference: Regulating Ireland - reforming regulatory structures for a new economy, Baile Átha Cliath	18 MF	William Prasifka
Concentration of Undertakings	Cuireadh ón gCoimisiún Eorpach: Ceardlann AE-An tSín, An Dara Seachtain um Dhlí Frithmhónaplachta, Tionscadal Trádála AE-An tSín, Guiyang	21-22 MF	Stanley Wong
Competition Law and Policy in Troubled Economic Times: The European Experience	Ollscoil Bhéising, Béising	23 MF	Stanley Wong

From Cooperation to Criminality	15th Irish Competition Law Autumn Update 2009, Baile Átha Cliath	1 DF	William Prasifka
Jail is the way to go after DPP v Duffy	First Law Debate, Baile Átha Cliath	1 DF	David McFadden
What the Competition Authority Expects for Trade Associations: A Cautionary Tale	IBEC Staff Compliance Briefing, Baile Átha Cliath	1 DF	Carolyn Galbreath
Competition and Cartels in Public Procurement	Public Affairs Ireland Procurement Course, Baile Átha Cliath	15 DF	Carolyn Galbreath
Competition Law and the Agri-food sector	UCC/ICOS Diploma in Corporate Direction (Food Business), Corcaigh	15 DF	David O'Connell & Thomas. Fitzpatrick
Competition Policy in Good Times and Bad	Irish Economic Association, DEW Kenmare Conference	18 DF	Declan Purcell
Grocery Code of Practice	The Future of Retailing in Ireland, Baile Átha Cliath	22 DF	William Prasifka
Detecting Anti-Competitive Practices in Public Procurement	Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, An Tulach Mhór	29 DF	Catherine Kilcullen & Eksteen Maritz
Failing Firm Defence - theoretical and practical problems	An Oifig Iomaíochta agus Cosaint Tomhaltóirí, Vársá	29 DF	Stanley Wong
Retail Chains – Abuse of Buyer Power, The Irish Experience	An Oifig um Chosaint Iomaíochta, Brno	11 Samhain	William Prasifka
Sectoral Regulators and Competition Authorities – can we be friends?	Ceardlann OECD/Chistíochta, Pretoria	18 Samhain	Declan Purcell
Practice of Investigation and Enforcement in the European Union	Cuireadh ón gCoimisiún Eorpach: 5ú ASEAN Experts Group on Competition Capacity Building Workshop, Nha Trang	24-26 Samh	Stanley Wong
Competition Law Enforcement for All Seasons: The Good Times and The Bad Times	Dlí-Chumann UCC, Corcaigh	3 Nollaig	Stanley Wong
Detecting Anti-Competitive Practices in Public Procurement	Aonad Forbartha agus Oiliúna na Státseirbhíse, Baile Átha Cliath	9 Nollaig	Catherine Kilcullen & Eksteen Maritz
Role and Work of the Competition Authority	Cúrsa Teastais an Fhorais Riaracháin i Staidéar Státseirbhíse agus Gníomhaireachta Stáit	10 Nollaig	Declan Purcell

E. AGALLAIMH LEIS NA MEÁIN

Topaic	Fóram	Dáta	Agalláí
Praghsanna Fuinnimh	Morning Ireland, Raidió 1	6 Feabhra	William Prasifka
Reo Praghsanna VFI	Breakfast, Newstalk	5 Márta	William Prasifka
Reo Praghsanna VFI	Morning Ireland, Raidió 1	5 Márta	William Prasifka
Reo Praghsanna VFI	Red FM, Corcaigh	5 Márta	William Prasifka
Reo Praghsanna VFI	The Last Word, Today FM	5 Márta	William Prasifka
Ceisteanna/Tosaíochtaí Reatha	The Smart Money, RTÉ 2	18 Aibreáin	William Prasifka
Laghdú Praghsanna Tesco	Drivetime, WLR	6 Bealtaine	William Prasifka
Tacsaithe	Prime Time, RTÉ 1	26 Bealtaine	Declan Purcell
Staidéar ar Iompórtáil agus Dáileadh miondíola	Morning Ireland, Raidió 1	30 Meitheamh	William Prasifka
Staidéar ar Iompórtáil agus Dáileadh miondíola	TV News, RTÉ 1	30 Meitheamh	William Prasifka
Staidéar ar Iompórtáil agus Dáileadh miondíola	Ocean FM	30 Meitheamh	William Prasifka
Staidéar ar Iompórtáil agus Dáileadh miondíola	Independent News and Media	30 Meitheamh	Carol Boate
Staidéar ar Iompórtáil agus Dáileadh miondíola	Breakfast, Newstalk	30 Meitheamh	William Prasifka
Staidéar ar Iompórtáil agus Dáileadh miondíola	LM FM	30 Meitheamh	Carol Boate
Staidéar ar Iompórtáil agus Dáileadh miondíola	The Last Word, Today FM	30 Meitheamh	William Prasifka
Staidéar ar Iompórtáil agus Dáileadh miondíola	WLR	30 Meitheamh	Carol Boate
Staidéar ar Iompórtáil agus Dáileadh miondíola	Northern Sound	30 Meitheamh	Carol Boate
Staidéar ar Iompórtáil agus Dáileadh miondíola	Drivetime, Raidió 1	30 Meitheamh	Carol Boate
Staidéar ar Iompórtáil agus Dáileadh miondíola	Raidió Pobail Inis Eoghain	30 Meitheamh	Carol Boate
Staidéar ar Iompórtáil agus Dáileadh miondíola	Inishowen Community Radio	1 Iúil	Carol Boate
Staidéar ar Iompórtáil agus Dáileadh miondíola	4 FM	1 Iúil	William Prasifka

Beamish & Crawford	Clár Faisnéise Neamhspleách	7 Iúil	William Prasifka
Fógra an Tánaiste faoi mholtaí an CA	Lunchtime, Newstalk	21 Iúil	Declan Purcell
LVA/VFI	The Last Word, Today FM	29 Iúil	William Prasifka
Díospóid na gCógaslann agus Dlí na hIomaíochta	Morning Ireland, Raidió 1	5 Lúnasa	Declan Purcell
Fiaclóirí	Breakfast, Newstalk	6 Lúnasa	William Prasifka
Corrleigh Cógaisíochta	Prime Time, RTÉ 1	6 Lúnasa	Declan Purcell
Díospóid na gCógaslann agus Dlí na hIomaíochta	4 FM – Tom McGuirk	7 Lúnasa	Declan Purcell
Díospóid na gCógaslann agus Dlí na hIomaíochta	The Last Word, Today FM	10 Lúnasa	Declan Purcell
Pay-TV Decision Note	Down to Business, Newstalk	15 Lúnasa	David O’Connell
Metro/Herald AM Céim 2	Independent News and Media	27 Lúnasa	William Prasifka
Tuarascáil na Liachleachtóirí	Breakfast, Newstalk	16 Nollaig	Carol Boate
Tuarascáil na Liachleachtóirí	C103 FM	16 Nollaig	Carol Boate
Tuarascáil na Liachleachtóirí	News at One, Raidió 1	16 Nollaig	Carol Boate
Tuarascáil na Liachleachtóirí	WLR FM	16 Nollaig	Declan Purcell
Tuarascáil na Liachleachtóirí	UTV Radio	16 Nollaig	Declan Purcell
Tuarascáil na Liachleachtóirí	The Last Word, Today FM	16 Nollaig	Declan Purcell
Tuarascáil na Liachleachtóirí	TV3	16 Nollaig	Carol Boate
Tuarascáil na Liachleachtóirí	TV News, RTÉ 1	16 Nollaig	Carol Boate
Tuarascáil na Liachleachtóirí	Clare FM	17 Nollaig	Carol Boate
Tuarascáil na Liachleachtóirí	Country Mix	17 Nollaig	Declan Purcell



Competition benefits everyone; businesses and the economy as a whole. It keeps prices and costs down; it improves choice and quality for all and supports economic growth. The Competition Authority is an independent statutory body responsible for enforcing Irish and European competition law. The mission statement of the Competition Authority is "To ensure that competition works well for consumers and the Irish economy".

To report anti-competitive behaviour

Locall: 1890 220 224
complaints@tca.ie
www.tca.ie/complaints.aspx
Cartel Immunity Programme hotline: 087 7631378

Parnell House
14 Parnell Square
Dublin 1
Ph: 01 8045400
Fax: 01 8045401
info@tca.ie
www.tca.ie



The Competition Authority
An tUdarás Iomaíochta

vigorous
competition
drives
productivity
growth,
innovation
and
value
for
all
consumers
in
the
economy

growth

productivity

competition

innovation

consumers

growth

vigorous
competition
drives
productivity
growth,
innovation
and
value
for
all
economy

consumers
in
the
economy

innovation
growth
productivity
consumers
value
for
all
economy

economy

growth

innovation
growth
productivity
consumers
value
for
all
economy

innovation
growth
productivity
consumers
value
for
all
economy

economy

vigorous
competition
drives
productivity
growth,
innovation
and
value
for
all
consumers
in
the
economy

growth

economy

innovation
growth
productivity
consumers
value
for
all
economy

innovation
growth
productivity
consumers
value
for
all
economy

The Competition Authority, Parnell House, 14, Parnell Square, Dublin 1, Ireland
Tel: +353 (0)1 8045400 LoCall 1890 220224 e-mail: info@tca.ie

www.tca.ie